www.gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil
Forlíonadh Oideachais do Mheánscoileanna
L. 19

Cén chaoi ar mhair mé riamh gan 'George'?
Síle Ní Bhraonáin L. 8

An bhfuil ceird déanta na bpíob uilleann i mbaol?
L. 6

SAM 2011: Leanann an Scéal ar aghaidh
L. 31

ISSN 2009-3055
€1.65 (£1.50)
Uimh. 46

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge
16.11.2011

Cailleann Comhairleoirí Contae Bhord an Údaráis €900 sa mhí

Máirtín Ó Catháin

BEIDH ós cionn leath de bhaill an bhoird in Údarás na Gaeltachta beagnach €1,000 sa mhí as póca as seo amach.

Fuarthas an 'drochscéala' sin ag cruinniú an Údaráis a tionóladh ag ócáid an Oireachtais i gCill Airne. Cuireadh litir ar fáil do na baill a thaispeánann go bhfuil an liúntas bliantúil €11,970 stoptha ar go leor acu ó thús mhí na Samhna 2011 mar gheall ar threoir Stáit. Baineann an treoir le daoine atá ag obair don Stát cheana agus atá ar bhoird Stáit. Is é an léamh atá ar an treoir seo sa Roinn Gnóthaí Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta go bhfuil cosc ar liúntas do bhall ar bith d'Údarás na Gaeltachta atá ina mhúinteoir, ag obair d'Ollscoil na hÉireann, do sheirbhísí RTÉ agus comhairleoirí contae.

Dá réir sin níl liúntas ag dul do dhaoine atá sa réimse sin oibre as a bheith ina mbaill de bhord Údarás na Gaeltachta.

Tá cás na gcomhairleoirí contae ar an gceann is mó atá ag tarraingt cainte. Faigheann comhairleoirí contae €17,000 sa mbliain as a gcuid seirbhíse sa gcóras rialtais áitiúil; baintear cáin as sin.

Tá ceisteanna ann freisin faoin gcaoi a bhfaigheann formhór an bhoird - tá scór acu ann - a gcuid ballraíochta ar bhord an Údaráis. Toghtar 17 acu agus tá triúr ainmnithe; ní hionann é agus bord ainmnithe Stáit. Cuireadh ceisteanna faoin stádas atá ag an liúntas a fhaigheann comhairleoirí contae in athuair. Dúirt urlabhraí san Údarás go bhfuil comhairle orthu i gcónaí go mbaineann an treoir leis na comhairleoirí contae atá ar an mbord chomh maith le daoine eile atá ag fáil pá ó fhoinsí Stáit. Tuigtear go bhfuil súil eile le caitheamh ar an ábhar sin.

Bhíodh baill an Údaráis ag fáil liúntais níos airde ach laghdaíodh é sin go dtí €11,970 sa mbliain. Tá an táille sin inchánaithe. Ar ndóigh, tá costaisí ag dul dóibh freisin as a gcuid taistil chuig cruinnithe agus chuig gnóthaí áiríthe eile a bhaineann le dualgais Údaráis. Ach, tá sé tagtha sa déanamh anois nach bhfaighidh go leor de bhaill an bhoird an táille seasta a d'íoctaí in aghaidh na míosa (beagnach €1,000). Tá an socrú seo i bhfeidhm ó thús mhí na Samhna 2011.

Cosc curtha ag an AE ar bhusanna paisinéirí a iompar!

Anton Mac Cába

CUIREANN reachtaíocht Eorpach cosc ar sheirbhísí bus trasteorann paisinéirí a iompar idir dhá áit sa tuaisceart.

Tá an reachtaíocht ann in ainneoin go dtéann seirbhísí go Doire agus Béal Feirste. Déanann Bus Éireann na seirbhísí a reáchtáil i gcomhar le Ulsterbus, an comhlacht poiblí bus sa tuaisceart. Tá seirbhís ó Dhoire go Baile Átha Cliath, agus ó Bhéal Feirste go Baile Átha Cliath, Gaillimh agus Áth Luain.

Ar lean ar leathanach 4

Slí Cholmcille / Slighe Chaluim Chille seolta

Liam Ó Maolmhíchíl, Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge leis an tAire Mike O'Hara, Oileán Gheansaí, an tAire Donnchadh Mac Fhionnlaioch TD, Aire Stáit Gnóthaí Gaeltachta i Rialtas na hÉireann, Carál Ní Chuilín CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta i bhFeidhmeannas Thuaisceart Éireann agus an tAire Alasdair Allan BPA, Aire Foghlama agus Scileanna (atá freagrach as Gaeilge na hAlban agus as an Albainis) i bParlaimint na hAlban ag seoladh an tionscadal nuálaíoch 'Slí Cholmcille'.

Penrose éirithe as an rialtas

Colm Ó Broin, i nDáil Éireann

BUAILEADH buille ar an rialtas inné nuair a d'éirigh an tAire Stáit Willie Penrose as an gcomh-aireacht mar gheall ar an gcinneadh Dún Mhic Coluim ar an Muileann gCearr a dhúnadh.

Vótáil an chomh-aireacht ag cruinniú inné chun beairicí i gCluain Meala, sa Chabhán, ar an Muileann gCearr agus i gCaisléan an Bharraigh, baile dúchais an Taoisigh, a dhúnadh i mí an Mhárta seo chugainn.

Dúirt Penrose nach raibh an dara rogha aige ach éirí as a phost mar Aire Stáit Tithíochta mar gheall ar an seasamh a thóg sé in éadan dhúnadh na beairice le míonna beaga anuas.

Dúirt ceannaire an Lucht Oibre, Eamon Gilmore, go raibh aiféala air faoin gcinneadh ach nár chuir sé iontas air.

Tá Penrose ar dhuine de na Teachtaí is rathúla a bhí ag an Lucht Oibre le glúin. Toghadh é i 1992 agus is minic a fuair sé níos mó vótaí ná éinne eile ina thoghcheantar, fiú nuair a thráigh 'Taoide Spring' i 1997. Is é Penrose an dara Teachta Dála atá caillte ag an rialtas go dtí seo. Briseadh Denis Naughten as a ról mar aoire ar Fhine Gael nuair a vótáil sé in éadan ciorruithe ar Ospidéal Ros Comáin i mí Iúil seo caite.

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

NUACHT NÁISIÚNTA

"Atmaisféar an chomórtais cruthaithe" idir ghrúpaí Gaeilge

Neamhchinnteacht faoin phróiseas comhairliúcháin ar an tSamhail Nua Mhaoinithe

Anton Mac Cába

NÍL mionsonraí an phróiseas comhairliúcháin socraithe go fóill maidir le maoiniú d'eagraíochtaí Gaeilge ó Fhoras na Gaeilge faoin tsamhail nua mhaoinithe.

Bhí an tsamhail nua mhaoinithe seo iontach conspóideach go dtí seo, nó bhí eagraíochtaí Gaeilge den bharúil go mbainfí maoiniú díobh.

Ar 12 Deireadh Fómhair, d'fhógair an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas próiseas comhairliúcháin a mhairfeadh 12 sheachtain.

Níl sé soiléir an 12 sheachtain féilire nó 12 sheachtain oibre atá i gceist. Beidh tréimhse na Nollag ann i lár an 12 sheachtain.

Bíonn eagraíochtaí druidte ar feadh coicíse.

Dúirt Janet Muller ón eagraíocht Pobal gur aithin sí go raibh aird na n-airí ar an phróiseas. "Ceist atá ansin - an mbeidh go leor ama ann?" ar sise. Leis, tá imní uirthi go ndearnadh dochar don chaidreamh idir eagraíochtaí Gaeilge: "Tá atmaisféar an chomórtais cruthaithe idir grúpaí. Imríonn sin drochthionchar ar chomhoibriú idir grúpaí."

Chuir Gaelscéal ceist ar an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas faoin chlár ama. Chuir siad sin an cheist ar aghaidh chuig an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta. Dúirt urlabhraí nach bhfuil an clár ama socraithe go beacht go fóill: "Tá an roinn choimircíochta ag obair le Foras na Gaeilge le plean mionsonraithe a chur ar fáil lena dheimhniú go rachfar i gcomhairle ar bhonn bhríoch leofa siúd ar fad go bhfuil suim acu i bhforbairt na Gaeilge." Beidh measúnacht tionchair chomhionannais mar chuid den phróiseas comhairliúcháin.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Áine Ní Chuaig
Iriseoir
aine.nichuaig@gaelsceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir
katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Comhordaitheoir Oideachais
caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil:
00353-91-897766

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Méara de bhunú Chonamara tofa in Portland

Máirtín Ó Catháin

DE bhunú Chonamara é Michael Brennan a toghadh an tseachtain seo mar Mhéara ar chathair Portland i stát Maine i Meiriceá. Toghchán stairiúil a bhí ann, an chéad uair le 83 bliain gur thogh an pobal féin an Méara ar an gcathair sin. Is í an chomhairle cathrach a bhíodh ag roghnú an Mhéara in imeacht na mblianta. Is tráthúil gur duine de bhunú Chonamara atá tofa anois. Bhíodh ceangal an-láidir idir Conamara agus Portland agus is de shliocht Chonamara go leor daoine sa gceantar sin i gcónaí. D'oscail Éamon Ó Cuív, an tAire Gaeltachta a bhí ann san am, an tIonad Oidhreachta Éireannach sa gcathair dhá bhliain ó shin.

Míníonn an t-ollamh le stair in Ollscoil Naomh Seosamh in Maine, Michael Connolly - ar de bhunú Chonamara é féin - gur stopadh an pobal ó bheith ag toghadh an Mhéara sa gcathair sin i 1923 de dheasca cúrsaí ciníochais. "Bhí dreamanna ann a bhí imníoch go mbeadh Caitlicigh agus Éireannaigh róchumhachtach sa vótáil," arsa Connolly, fear a bhfuil saothar faoi stair na nÉireannach i stát Maine scríofa aige.

Bhí 15 iarrthóir san iomaíocht sa toghchán do Mhéara chathair Portland agus córas ionadaíochta cionmhaire (PR) a bhí ann. Ní bhactar leis an gcóras sin i Meiriceá go hiondúil. Iar-Sheanadóir Stáit é Michael Brennan in Maine agus tá taithí fhada aige ar an bpolaitíocht. Téarma 4 bliana atá aige agus gheobhaidh sé $66,000 sa mbliain. Mórán ar chóméid le cathair na Gaillimhe a bheadh Portland. Tá sí curtha i measc na 10 gcathair is fearr le cónaí inti ar fud Mheiriceá uilig i staidéir in irisleabhair náisiúnta.

Níl ach beagán daoine a rugadh in Éirinn sa gcathair anois ach tá go leor de shliocht na hÉireann ann, a bhformhór siúd de bhunadh an iarthair. Bhí cosán dearg déanta go Portland ag imirceoirí as Conamara ó na 1870í go dtí na 1940í. Ba as Cois Fharraige, Carna agus ceantar Chorr na Móna an tromlach acu. Coinníonn cuid acu ceangal láidir le hÉirinn i gcónaí. Ba dhuine de shliocht Chonamara in Portland é an stiúrthóir scannáin John Ford - nó John Feeney, a ainm ceart. Ba as an Spidéal a thuismitheoirí siúd. Tarlaíonn sé gur as Carna i gConamara duine de na Seanadóirí Stáit in Maine faoi láthair - sin í Margaret Craven (Ní Chonghaile).

As Inis Niaidh, ceantar Gaeltachta i gCloch na Rón, cuid de mhuintir Michael Brennan, an Méara nua in Portland. Tá aithne air i gCloch na Rón agus tá roinnt cuairteanna tugtha ar ais aige ar dhúthaigh a mhuintire.

Michael Brennan, fear de bhunadh Chonamara a toghadh mar ard-mhéara ar Portland, Maine, SAM, an tseachtain seo.

Cearta daoine óga á sárú i gcóras na bpríosún

Katie McGreal

TÁ ar an rialtas bealach eile a aimsiú ionas nach mbeidh daoine óga agus daoine fásta sna hinstitiúidí céanna príosúin, dar leis an Ombudsman do Leanaí, Emily Logan. Dúirt sí é seo i ndiaidh gur fhógair an rialtas nach ndéanfar obair ar an ionad coinneála d'ógánaigh, Oberstown.

Bhí plean ann obair a dhéanamh ar phríosún nua i gContae Bhaile Átha Cliath, Thornton Hall. Mar chuid den phlean sin, bhí forbairt le déanamh ar Oberstown, áit a dtéann daoine idir 16 agus 17 mbliana d'aois ionas nach mbíonn siad san áit chéanna le coirpigh fhásta. Toisc nach dtógfar an tionad nua go ceann tamaill eile, coimeádfar na daoine óga leis na daoine fásta in Institiúid Naomh Pádraig. De réir an Ombudsman, "Is fadhb ollmhór í in Éirinn go bhfuil páistí ag dul go príosún ar chor ar bith."

Ní ceart daoine idir 16 bliana agus 17 mbliana d'aois a choinneáil i bpríosún nó in institiúid chúraim agus is ceart caitheamh leo ar bhealach éagsúil le daoine fásta.

Deir Logan nach bhfuil Institiúid Naomh Pádraig oiriúnach do dhaoine óga.

Polasaí Gaeilge an rialtais cáinte ag FF

Colm Ó Broin

TÁ polasaí Gaeilge an rialtais cáinte go géar ag Fianna Fáil. Dar leis an bpáirtí tá eagraíochtaí agus polasaithe Gaeilge i mbaol mar gheall ar chomhrialtas Fhine Gael agus an Lucht Oibre.

Sheol an t-iar-Aire Gaeltachta Éamon Ó Cuív bileog ag an deireadh seachtaine ina ndéantar cur síos ar an imní atá ar Fhianna Fáil.

Ag seoladh na bileoga dó ag Comóradh Phádraig Mhícheáil Airt i nGaoth Dobhair Dé Sathairn, mhaígh Ó Cuív go gcaillfear na mílte post má leanann Fine Gael agus an Lucht Oibre orthu le deireadh a chur le cúram fiontraíochta Údarás na Gaeltachta.

"Buile tubaisteach a bheadh anseo d'eacnamaíocht na Gaeltachta agus do chaomhnú na Gaeilge mar theanga bheo," ar seisean.

"Cén chaoi ar féidir le rialtas a bhíonn ag caint ar thús áite a thabhairt do chruthú fostaíocha fiú smaoineamh ar ísliú céime a thabhairt don Údarás?"

Cháin sé plean an rialtais deireadh a chur le bord tofa an Údaráis chomh maith.

"Tá rialtas Fhine Gael agus Pháirtí an Lucht Oibre ag iarraidh cumhacht a thógaint ó na daoine baill áitiúla a thoghadh - is mian leo an Bord a cheapadh ag leibhéal polaitiúil.

"Is é atá i gceist acu ná cloí le 'jobs for the boys' seachas fanacht dílis don chóras daonlathach. Is ionsaí é seo ar an daonlathas agus beidh Fianna Fáil ag troid go láidir i gcoinne an chinnidh seo."

Dúirt Leas-Cheannaire Fhianna Fáil gur bhain dúnadh Mheitheal Forbartha na Gaeltachta geit as pobal na Gaeltachta. "Is de bharr deacrachtaí MFG teacht ar mhaoiniú an fáth a bhfuil seirbhísí riachtanacha i mbaol anois. Tá an maoiniú seo ann ach níl sé á chur ar fáil.

"Caithfidh Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre stop a chur leis an moill seo agus teacht ar shocrú láithreach bonn. Go dtí seo, níl fiú plean leagtha amach acu chun dul i ngleic leis na dushláin atá ann," arsa Ó Cuív.

Cháin sé polasaí Fhine Gael deireadh a chur le stádas riachtanach na Gaeilge san Ardteist chomh maith.

Luaigh Ó Cuív na céimeanna ar son na teanga a chuir Fianna Fáil i gcrích chomh maith, idir Acht na dTeangacha Oifigiúla, stádas oifigiúil don Ghaeilge san Aontas Eorpach agus an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

Tá ráite ag ceannaire an pháirtí, Michéal Martin: "Is cuid lárnach de pholasaithe Fhianna Fáil é úsáid agus cur chun cinn na Gaeilge. Tá Fianna Fáil tar éis tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge mar theanga laethúil an phobail. Táimid bródúil as an méid atá déanta againn ar son na Gaeltachta agus ar son mhuintir na Gaeltachta," arsa sé.

Buaiteoirí Ghradaim Leabhar na Bliana fógartha aréir

Meadhbh Ní Eadhra

BHÍ sceitimíní le brath i measc an tslua a bhí i láthair i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i mBaile Átha Cliath aréir d'ócáid bronnta Leabhar na Bliana. Cé gur cuireadh líon mór leabhar isteach ar an gcomórtas, agus cé go raibh leabhair d'ardchaighdeán roghnaithe do ghearrliosta Leabhar na Bliana, sa deireadh bhí cinneadh le déanamh ag na moltóirí. Cinneadh deacair a bhí ann ach ba í an file cáiliúil, Máire Mhac an tSaoi, a bhuaigh Gradam Uí Shúilleabháin aréir, as an leabhar próis Scéal Ghearóid Iarla, a d'fhoilsigh Leabhar Breac.

Baineann leabhar Mháire le saol Ghearóid Mhic Gearailt, 3ú hIarla Deasmhumhan (1335-1398), ábhar is cás go mór leis an údar. Ba í an t-údar Caitríona Hastings agus an maisitheoir Andrew Whitson a rug leo an gradam do Leabhar Gaeilge na Bliana do Dhaoine Óga (Gradam Réics Carló) lena saothar Mac Rí Éireann, scéal eachtraíochta do leanaí a d'fhoilsigh an tSnáthaid Mhór. Cuirtear Mac Rí Éireann ar deoraíocht go dtí an Domhan Thoir agus é i gcumraíocht tréadaí. Tagann fathaigh fhíochmhara, gaiscígh mhóra agus ollphéist roimhe ar a chuid taistil agus é ag féachaint le hiníon Rí an Domhain Thoir a fháil le pósadh. Cuireann na léaráidí iontacha síos tríd leis an insint bhreá ar an scéal béaloidis seo.

Bhronn Beirní Ní Chuinn ó Raidió na Gaeltachta na gradaim agus ba léir go raibh an-áthas ar fad ar na scríbhneoirí, na maisitheoirí agus na foilsitheoirí gur tugadh aitheantas dá shaothar.

"Tá éacht déanta ag na foilsitheoirí agus a bheith luaite ar an ghearrliosta don ghradam ardréime seo," arsa Ferdie Mac an Fhailigh, Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge. "Ainneoin a bhfuil de dheacrachtaí á gcur roimh thionscal na foilsitheoireachta leabhar ar fud an domhain faoi láthair, tá leabhair curtha amach arís ag foilsitheoirí na Gaeilge atá ar ardchaighdeán agus lena mbaineann réimse leathan ábhar do leanaí agus do dhaoine fásta. Tréaslaím na gradaim le Leabhar Breac agus leis an tSnáthaid Mhór. Níl sárú na leabhar seo le fáil mar bhronntanais Nollag."

Ní hé seo an chéad uair ag Caitríona Hastings agus Andrew Whitson i gcomhar leis na foilsitheoirí as Béal Feirste, an tSnáthaid Mhór, an gradam a

Máire Mhac an tSaoi

bhuachaint. Thug siad an gradam leo cheana sa bhliain 2009 i ndáil leis an leabhar Balor. Bhuaigh an tSnáthaid Mhór an gradam sa bhliain 2007 freisin le Gaiscíoch na Beilte Uaine. Is é atá de phríomhchuspóir ag an gcomhlacht foilsitheoireachta seo béaloideas na hÉireann a chur i láthair léitheoirí óga an lae inniu gan imeacht ó nós dílis na scéalaíochta san athinsint.

Bhí cuireadh ag foilsitheoirí Gaeilge ar fud na tíre leabhair a chur isteach ar an dá ghradam mórchlú seo.

In Indreabhán, Co. na Gaillimhe atá na foilsitheoirí Leabhar Breac lonnaithe agus tá níos mó ná 40 leabhar do dhaoine fásta agus do leanaí foilsithe acu ón mbliain 1994 i leith. Bronnadh Leabhar na Bliana do dhaoine fásta ar Leabhar Breac faoi dhó roimhe seo i ngeall ar na húrscéalta An Cléireach le Darach Ó Scolaí sa bhliain 2008 agus Fontenoy le Liam Mac Cóil sa bhliain 2006. Tá Scéal Ghearóid Iarla ar an dara leabhar le Máire Mhac an tSaoi a d'fhoilsigh Leabhar Breac.

Is iad a bhí san iomaíocht le Máire Mhac an tSaoi i roinn na nDaoine Fásta: Sé an Saol an Máistir arna chur in eagar ag Gearóid Denvir a d'fhoilsigh Cló Iar-Chonnacht; Dialann Dúlra le Tony Mc Nally a d'fhoilsigh Gaelink; Séadna arna chur in eagar ag Liam Mac Mathúna a d'fhoilsigh Cois Life; agus, Duinnín: Bleachtaire ar an Sceilg a d'fhoilsigh Coiscéim agus a scríobh Biddy Jenkinson.

San iomaíocht le Caitríona Hastings agus le Andrew Whitson i roinn na nDaoine Óga bhí Cócó an Colgán Cairdiúil le hAilbhe Nic Giolla Bhrighde agus Brian Fitzgerald a d'fhoilsigh Futa Fata; Fícheall le hÚna O'Boyle agus Noel Long; Hiúdaí Beag le hEithne Ní Ghallchobhair agus Olivia Golden a d'fhoilsigh Cló Mhaigh Eo; agus Maitríóisce le Siobhán Parkinson a d'fhoilsigh Cois Life.

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

An Chomhairle Tailte Móna

FÓGRA RIALTAIS
STRAITÉIS NÁISIÚNTA TAILTE MÓNA
COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ

Tá an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, an tUasal Jimmy Deenihan, T.D. agus an Chomhairle Tailte Móna ag lorg aighneachtaí ó gheallsealbhóirí, páirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne maidir le hábhar agus foirmliú na Straitéise Náisiúnta Tailte Móna. Is é Dé hAoine an 16 Nollaig 2011 an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí.

Cur Chuige Nua

I mí Aibreáin 2011, rinne an Rialtas roinnt cinntí maidir le caomhnú agus bainistiú tailte móna na hÉireann, go háirithe na suíomhanna sin atá sainithe amhail Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha.

Rinneadh tiomantas chun straitéis náisiúnta a chur le chéile maidir le caomhnú agus bainistiú Tailte Móna, i gcomhairliúchán le húinéirí portaigh agus geallsealbhóirí eile, le déileáil le saincheisteanna fadtéarmacha. Bhunaigh an Rialtas go foirmiúil scéimeanna cúitimh agus athlonnaithe dóibh siúd a bhfuil tionchar ar shrianta um ghearradh móna orthu i suíomhanna portach ardaithe sainithe.

Bunaíodh an Chomhairle Tailte Móna a bhfuil cathaoirleach neamhspleách uirthi chun eadráin a dhéanamh idir páirtithe a bhfuil tionchar orthu agus chun comhairle a chur ar an Rialtas i dtaobh na saincheisteanna maidir le bainistiú tailte móna na hÉireann.

Tá sé mar chuid de shainchúram na Comhairle forbhreathnú a dhéanamh ar an Straitéis Tailte Móna agus comhairle a chur ar an Aire ina thaobh, atá le forbairt ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Is í aidhm na Straitéise bainistiú a dhéanamh ar gach talamh mhóna in Éirinn mar aon le díriú ar thailte móna sainithe. Tá Téarmaí Tagartha iomlána agus cáipéis Treorach don Straitéis Tailte Móna ar fáil ag www.peatlandscouncil.ie nó trí iarratas a dhéanamh leis an Roinn nó leis an gComhairle Tailte Móna agus áireofar ann saincheisteanna maidir le:

- **Bainistiú talún**
- **Caomhnú agus athchóiriú tailte móna**
- **Réimis rialála a rialaíonn baint mhóna**
- **An Cód Náisiúnta um Chleachtas Comhshaoil a rialaíonn baint mhóna**
- **Athbhreithniú ar Limistéir Oidhreachta Náisiúnta i bportaigh ardaithe**
- **Tairbhí Náisiúnta agus Pobail a bhaineann le Caomhnú Tailte Móna**
- **Saincheisteanna Airgeadaithe agus Maoinithe**

Leagadh amach Téarmaí Tagartha don straitéis; ach is féidir nithe ábhartha breise nach gclúdaítear iontu seo a chur san áireamh chomh maith. Táthar ag lorg tuairimí agus smaointe ó dhaoine aonair agus grúpaí maidir leis na saincheisteanna ar fad a chlúdaítear sna Téarmaí Tagartha agus aon cheisteanna ábhartha eile nach gclúdaítear iontu.

Forbróidh an Rialtas an straitéis ach beidh tionchar mór ag ionchur ón gComhairle Tailte Móna uirthi, lena n-áirítear ionadaithe ó Turf Cutters agus grúpaí comhshaoil.

Tugtar cuireadh anois do gheallsealbhóirí agus páirtithe leasmhara eile aighneachta, tuairimí agus breithniúcháin agus/nó smaointe a thabhairt i scríbhinn don Chomhairle Tailte Móna mar chuid d'fhorbairt na Straitéise Náisiúnta.

Ba cheart aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn mar seo a leanas:

Tríd an bpost:

AN RÚNAÍOCHT
AN CHOMHAIRLE TAILTE MÓNA
BOSCA PO 12070
BAILE ÁTHA CLIATH 2

nó

Trí ríomhphost: peatlandscouncil@ahg.gov.ie

Tabhair faoi deara go gcuirfear gach aighneacht a fhaightear san áireamh mar chuid de phróiseas forbartha na straitéise ach ní fhreagrófar go díreach gach aighneacht.

Is é Dé hAoine an 16 Nollaig 2011 an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 16 Samhain, 2011

Cluiche eile CLG smálaithe ag an fhoréigean

Anton Mac Cába

TÁ Cumann Lúthchleas Gael i dTír Eoghain le fiosrúchán a dhéanamh i ndiaidh go raibh sé ina chogadh dhearg ag cluiche ceannais sraithe an chontae.

Gortaíodh roinnt daoine, cé nach fios an líon go fóill. Bhí idir imreoirí agus lucht féachana ag troid. Tá Alan Rodgers, iriseoir, ag clúdach cluichí Gaelacha sa chontae le 17 nó 18 mbliana anuas.

"B'shin an chéad uair go bhfaca mé an lucht féachana ag troid eatarthu féin," ar seisean. "Is rud é a tharlaíonn ag cluichí sacair."

Ba chluiche idir an Charraig Mhór agus an Droim Mhór a bhí ann. Bhí an lá leis an Droim Mhór. Thosaigh an trioblóid nuair a rith imreoir de chuid na Carraige Móire suas an pháirc, gur bhuail imreoir de chuid an Droma Mhóir. Imríodh an cluiche i bpáirc Chlub Aireagal Chiaráin ar an Dún Maol.

Aithnítear an Charraig Mhór mar an fhoireann club is láidre i dTír Eoghain. Tá níos mó craobhacha contae acu ná foireann ar bith eile.

Is é seo an dara heachtra den saghas seo ag foireann ó pharóiste an Tearmainn i mbliana. I mí an Mheithimh bhí an bua ag Naomh Mhic Artáin ón Eochair ar mhná na Carraige Móire i gcluiche ceannais an chontae.

Rinne tacadóirí de chuid na Carraige Móire ionsaí ar an réiteoir agus ar chathaoirleach Bhord Chumann Pheil na mBan Thír Eoghain. Gearradh cosc saoil ar bheirt freastal ar chluichí pheil na mban. Bhí an bheirt seo sna 50í. Bhí duine amháin ina oifigeach ag Club Pheil na mBan ar an Charraig Mhór.

Ní i dTír Eoghain amháin atá fadhbanna. Chuir Bord Chontae Aontroma de Chumann Lúthchleas Gael cosc bliana ar Chlub Naomh Muire i Ros Earcáin páirt a ghlacadh i gcomórtas ar bith d'imreoirí os cionn 18 mbliana. Rinne lucht leanúna Ros Earcáin ionsaí ar réiteoir i ndiaidh cluiche leathcheannais faoi 21 an chontae. Díbríodh imreoir, duine den fhoireann chóitseála agus beirt bhall, díbríodh iad ó Chumann Lúthchleas Gael ar fad. Gearradh smachtanna eile ar sheachtar.

Chuir Declan McCabe, iarimreoir sinsearach le Muineachán, agus iarbhainisteoir ar fhoireann shinsearach Chontae Liatroma, fáilte roimh an phionós ar Ros Earcáin. "Níl Cumann Lúthchleas Gael ag glacadh leis seo níos mó," arsa McCabe. "Is maith sin. Bhí siad ag glacadh lena leithéid le i bhfad rófhada."

Deir tacadóirí Chumann Lúthchleas Gael i dTír Eoghain go bhfuil an saghas sin iompair róchoitianta. Dar leo go luaitear le clubanna áirithe é. Tá na clubanna seo den bharúil go bhfuil siad i dteideal an bhua a bheith acu.

TÚS MAITH – Ceardlann Saor in Aisce ar an Spidéal

Áine Ní Chuaig

TÁ Gaelscéal, i gcomhar le Gréasán na Meán, ag eagrú ceardlainne darb ainm TÚS MAITH an tseachtain seo chugainn ar an Spidéal i gConamara. Beidh an cheardlann seo fíorúsáideach do choistí pobail agus cumainn áitiúla mar go ndéanfar cur síos ar na modhanna is nua-aimseartha atá ar fáil chun poiblíocht a chruthú d'imeachtaí agus d'ócáidí. Tabharfar léargas ar na bealaí is fearr chun tairbhe a bhaint as an idirlíon, as físeáin agus as na meán shóisialta cosúil le Twitter agus Facebook. Mar chuid den mhodúl a bheidh á chlúdach sa cheardlann, díreofar isteach ar an mbealach is fearr le scéal a aithint agus é a chur i bhfoirm chuí mar phreasráiteas do na meáin. Míneofar an bealach is fearr le struchtúr a chur ar agallaimh do na meáin agus taispeánfar an tábhacht a bhaineann le físeáin agus teicneolaíocht ilmheánach i saol an lae inniu.

Grúpa a ghlac páirt sa cheardlann TÚS MAITH in Ionad Breisoideachais Ros Muc i gConamara le déanaí, in éindí le Sarah Nic Dhonnchadha as Cill Chiaráin (an ceathrú duine ó dheis) atá mar Chomhordaitheoir le VTOS san oifig i nGleann Chatha, Ros Muc.

Reáchtálfar ceardlann TÚS MAITH in Oifigí Gaelscéal i mBaile Ard ar an Spidéal. Is ceardlann sé huaire an chloig atá i gceist a mhaireas ar feadh dhá thráthnóna as a chéile – Dé Céadaoin 23 agus Déardaoin 24 Samhain, ó 6.00in go dtí 9.00in. Tá an cheardlann saor in aisce agus tá fáilte roimh iarratas ó gach aon duine. Tapaigh do dheis mar nach bhfuil spás ach do chúig rannpháirtí dhéag le bheith páirteach. Má tá suim agat freastal, ní mór clárú roimh 5.00in ar an Luan 21 Samhain. Déan teagmháil le Patricia Ní Chonghaile ag an uimhir (091) 558420 nó seol ríomhphost chuig fograi@gaelsceal.ie

Seoda de théacsanna Nua-Ghaeilge ar fáil ar líne

SHEOL an tAire Stáit Donnchadh Mac Fhionnlaoich, TD, cartlann ar líne de théacsanna Nua-Ghaeilge in Acadamh Ríoga na hÉireann aréir.

Tá 44 téacs ar líne i láthair na huaire ó leabhair a d'fhoilsigh Conradh na Gaeilge sa tréimhse 1882-1926.

Ina measc, tá 'Bruidhean Chaorthainn' le Pádraic Mac Piarais agus 'Cruach Chonaill' le Seosamh Laoide.

Dúirt Eilis Ní Mhearaí, bainisteoir tionscnaimh le Foclóir na Nua-Ghaeilge san Acadamh, gurbh fhéidir leo leanúint ar aghaidh ag digitiú téacsanna "gan aon deireadh ... d'fheadfadh na céadta a bheith ann."

I láthair na huaire tá seachtar ag obair ar an tionscnaimh seo ar an Charraig i nDeisceart Thír Chonaill agus beirt eile i mBaile Átha Cliath.

Níl aon bhaint oifigiúil ann leis an Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge atá á ullmhú ag Foras na Gaeilge "ach bíonn comhoibriú ar siúl ó am go ham ar nithe a théann chun tairbhe an dá thionscnamh."

Tá an dlúthdhiosca 'Corpas na Gaeilge 1600-1882' ar fáil ó bhí 2004 ann agus beidh léitheoirí na Gaeilge an-sásta ar fad a fháil amach go bhfuil sé ar intinn ag an Acadamh tosú ar théacsanna ó Chorpas na Gaeilge 1600-1882 "a chur ar líne go luath an bhliain seo chugainn."

Táthar ag súil go mbeidh Corpas na Gaeilge 1882-1926 foilsithe roimh dheireadh 2012.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscnamh, agus chun na téacsanna a léamh, féach ar www.fng.ie.

Cosc curtha ag an AE ar bhusanna paisinéirí a iompar!

Ar lean ó leathaanach a haon

Leis, téann seirbhís Bhus Éireann idir Baile Átha Cliath agus Baile Dhún na nGall trí Fhear Manach. Tá an cosc i bhfeidhm fiú nuair a bhaintear úsáid as busanna de chuid Ulsterbus ar na bealtaí seo.

Dúirt urlabhraí thar ceann Bhus Éireann go raibh orthu, agus ar Ulsterbus, údarú idirnáisiúnta a fháil do na seirbhísí trasteorann. Faoi seo, "níl sé ceadaithe freastal ar riachtanais taistil taobh istigh de dhlínse eile. Mar shampla, ar an tseirbhís Baile Átha Cliath-Béal Feirste, tá cead ag Bus Éireann paisinéirí a thógáil in áiteanna sa tuaisceart le tuirlingt in áiteanna sa deisceart, mar shampla ó Bhéal Feirste go hAerfort Bhaile Átha Cliath. Faoin údarú idirnáisiúnta níl cead ag Bus Éireann paisinéirí a phiocadh suas i mBéal Feirste agus ligint dóibh tuirlingt i nDroichead na Banna."

Dúirt an t-urlabhraí go raibh siad ag obair le Ulsterbus ar fhadhb eile. Tá sé €5 níos saoire taisteal ar Bhus Éireann ó Leifear go Baile Átha Cliath ná ón tSrath Bán go Baile Átha Cliath. Níl ach míle amháin idir an dá bhaile.

Is é an difear ná go bhfuil Leifear i nDún na nGall ach tá an Srath Bán i dTír Eoghain, sa tuaisceart. Baineann an difear le táillí lár na seachtaine. Ní thig le daoine a théann ar bhord bus sa tuaisceart iad seo a cheannach cé go mbíonn siad ag paisinéirí eile, ar an bhus chéanna, mar gur tháinig siad sin ar bhord sa deisceart. Dúirt an t-urlabhraí gurb amhlaidh atá mar go bhfuil a gcóras teicneolaíochta faisnéise féin ag an dá chomhlacht. Mar gheall air sin, ní féidir cur chuige i gcomhpháirt a chur i bhfeidhm.

Ar shuíomh idirlín Bhus Éireann, deir sé 'Travel anywhere in Ireland by bus or coach with Bus Éireann.' Is léir nach mbainean sin le tuaisceart na tíre.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

Ní bheidh an Phoblacht sa Chomhlathas Briotanach

TÁ sé ráite go hoifigiúil ag an rialtas nach mbeidh an Phoblacht ag lorg ballraíochta sa Chomhlathas Briotanach. Ag caint dó sa Dáil, dúirt an Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha Eamon Gilmore go mbíonn

An Tánaiste, Eamon Gilmore

teagmháil rialta ag Éirinn le tíortha atá sa Chomhlathas ar fhóraim éagsúla idirnáisiúnta, an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe go háirithe. Tá caidreamh láidir ag Éirinn le go leor tíortha san eagraíocht ó thaobh cúrsaí trádála, infheistíochta, cultúrtha agus taidhleoireachta agus tá cláir fhorbartha chomhoibrithe ann le roinnt tíortha eile.

Oireann na socruithe reatha do láidriú caidrimh idir Éirinn agus tíortha sa Chomhlathas, dar le Gilmore, agus níl plean ar bith ag an rialtas é seo a athrú.

Dála an scéil is ceannaire Fhianna Fáil, Micheál Martin, a chuir an cheist ar an rialtas an raibh suim acu ballraíocht a ghlacadh sa Chomhlathas Briotanach, ach go dtí seo níl míniú tugtha ag an bpáirtí ar an gcúis gur chuir siad a leithéid de cheist!

€6.2 milliún caite ar Ambasáid na hÉireann i gCeanada

THUG an tAire Gnóthaí Eachtracha le fios an tseachtain seo caite chomh maith gur caitheadh €6.2 milliún ar athfhorbairt Ambasáid na hÉireann in Ottawa, príomhchathair Cheanada.

Ag freagairt dó ceiste a chuir an

Derek Keating TD.

Teachta Derek Keating (Fine Gael, Baile Átha Cliath Lár-Thiar), dúirt Gilmore gur beartaíodh an ambasáid a athchóiriú in 2008 agus gur measadh ag an am go gcosnódh sé €5.2 milliún. Bhí fadhbanna struchtúrtha ag baint leis an bhfoirgneamh a cheannaigh an Roinn in 1960, mar aon le fadhb le haispeist. Bhí an t-athchóiriú níos éifeachtaí ó thaobh costais de ná an tsean-ambasáid a dhíol agus ceann nua a cheannach, de réir na n-oifigeach a cheadaigh an caiteachas tráth a bhí an Tíogar Ceilteach á chur i gcré.

An fiontair thráchtála iad na bainc?

CEISTÍODH an tAire Airgeadais sa Dáil inné faoin diúltú a rinne Banc na hÉireann agus Banc Uladh don mholadh a rinneadh dóibh rátaí úis a gcuid custaiméirí a ísliú.

Bhuail ionadaithe ó na bainc leis an rialtas i rith na seachtaine ach níor ghéill an dá bhanc thuasluaite don bhrú an t-ísliú a rinne Banc Ceannais na hEorpa ar rátaí úis a chur ar aghaidh chuig a gcuid custaiméirí féin, go háirithe daoine le morgáistí.

D'iarr Piaras Ó Dochartaigh ó Shinn Féin ar an Aire Michael Noonan céard go díreach a bhí beartaithe aige chun iachall ar chur ar na bainc seo an t-ísliú a chur ar aghaidh.

I dtosach báire luaigh Noonan go bhfuil modhanna ar leith ag páirtí Uí Dhochartaigh chun iachall a chur ar dhaoine rud a dhéanamh, modhanna atá difriúil ó pháirtithe eile. Dúirt sé nach raibh an Rialtóir Airgeadais Matthew Elderfield ag lorg cumhachtaí chun iachall a chur ar na bainc an t-ísliú a chur i bhfeidhm agus go leanfadh an plé idir an Roinn agus an Rialtóir faoin gceist amach anseo.

Ceann de na hargóintí a chuirtear in aghaidh moladh Uí Dhochartaigh ná nár cheart don stát a bheith ag cur a ladair isteach i ngníomhachtaí tráchtála comhlachtaí príobháideacha. Ach tá rud amháin soiléir ó na tarrthálacha a rinneadh ar bhainc in Éirinn, san Eoraip agus i Meiriceá - ní fiontair thráchtála iad na bainc. Dá mba amhlaidh a bheadh, ní bheadh muid ag caitheamh €70 billiún chun iad a tharrtháil ó na drochchinntí tráchtála a rinne siad. Mura bhfuil ar na bainc glacadh le gnáthrialacha an mhargaidh, níor cheart go mbeadh ar rialtais glacadh leis na prionsabail sholúbtha an chaipitleachais seo ach oiread.

Iarratas ar €200,000 do sheomraí feistis in Árainn caillte sa phost?

D'FHIAFRAIGH Éamon Ó Cuív den Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan, cén uair a thabharfar cead do Chomhar na nOileán an deontas atá á mholadh acu le haghaidh seomraí feistis in Árainn do Mheitheal Forbartha Chill Éanna, a cheadú.

Dúirt an tAire go raibh teagmháil ag a Roinn le Comhar na nOileán Teo maidir leis an tionscadal seo agus go bhfuil siad ag iarraidh soiléiriú a fháil uathu an bhfuil siad ag iarraidh formheasa don deontas agus an í €200,000 an tsuim iomlán atá i gceist.

De réir Hogan chuir an grúpa in iúl don Roinn le gairid go raibh na doiciméid ábhartha, chomh maith leis an iarratas ar cheadúchán, seolta isteach acu chuig an Roinn ach go dtí seo níl na doiciméid seo faighte ag oifigigh na Roinne. Dúirt sé go ndéanfar próiseáil ar an iarratas chomh luath agus a gheofar é ón ngrúpa.

'Fair Deal' ag éirí níos éagothromaí

AG trácht ar chostais bhreise dó, dhiúltaigh an tAire Sláinte James Reilly athghairm a dhéanamh ar chinneadh faoi thithe altranais.

Ó 1 Deireadh Fómhair i leith, níl siardhátú á dhéanamh ar iarratais ar chúnamh airgid don chostas a bhaineann le lóistín i dtithe altranais faoin gclár Fair Deal.

Tugtar an cúnamh ón dáta a dhéantar an t-iarratas a fhaomhadh, ní ón dáta a chuirtear an t-iarratas isteach. Má tá duine ag feitheamh le cinneadh agus iad i dteach altranais cheana féin, beidh orthu féin íoc as agus ní bheidh siad in ann an t-airgead a fháil ar ais níos déanaí.

D'iarr Michael Healey-Rae (Neamhspleách, Ciarraí Theas) agus Martin Ferris (Sinn Féin, Ciarraí Thuaidh-Iarthar Luimní) ar an Aire Sláinte James Reilly an cinneadh seo a athghairm ach dhiúltaigh sé. Dúirt sé go bhfuil geallúint tugtha ag Feidhmeanacht na Seirbhísí Sláinte nach dtógfaidh sé níos mó ná 5-6 seachtaine chun iarratais a phróiseáil. Fós féin, má tá daoine gann ar airgead ní beag an t-athrú é seo, go háirithe nuair a chosnaíonn leaba i dteach príobháideach altranais isteach is amach le €1,000 in aghaidh na seachtaine.

Craobh n hÉireann den Chomhdháil Cheilteach

Léacht Comórtha
'Oileáin, strainséirí agus scríbhneoirí'

le **Dónall Ó Braonáin** Príomhfheidhmeannach
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
in Ollscoil na hÉireann,

Áras Fhoras na Gaeilge
7:30 pm
Déardaoin 17 Samhain 2011

culture ireland
cultúr éireann
promoting the arts abroad
cur chun cinn na n-ealaíon thar lear

Le cabhair ó Fhoras na Gaeilge **www.gaeilge.ie**

Foras na Gaeilge

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 16 Samhain, 2011

An bhfuil ceird déanta na

Beidh an 18ú Féile Píobaireachta William Kennedy á reáchtáil in Ard Mhacha ón lá amárach go dtí an Domhnach beag seo. Ní hamháin go mbeidh píobairí as Éirinn i láthair i mbliana ach píobairí as fud fad na hEorpa chomh maith le tíortha níos faide i gcéin mar Thuaisceart Mheiriceá, an Áis agus an Astráil.

Treasa Bhreathnach

Ainmníodh agus reáchtáladh Féile Píobaireachta William Kennedy ón gcéad lá riamh in ómós do William Kennedy agus mar chomhartha ceiliúrtha ar a shaol. Rugadh in 1768 é in aice le Droichead na Banna in Ard Mhacha. Chaill sé radharc na súl nuair a bhí sé timpeall ceithre bliana d'aois agus mar ba ghnách ag an am le páistí a bhí caoch, cuireadh chuig ranganna ceoil é nuair a bhí sé 13 bliain d'aois.

Ag an am seo ina shaol bhí sé ina chónaí le caibinéadaire (*cabinet-maker*), agus deirtear gur uaidh sin a d'fhoghlaim sé cén chaoi le huirlisí a úsáid agus ceird na déantóireachta. Ní fada go raibh sé ag deisiú agus ag déanamh clog, troscáin agus uirlisí ceoil de gach cineál, an phíb uilleann ina measc.

Cé nach bhfuil an t-uafás eolais ar fáil faoin bhfear féin, agus roinnt den eolas ag teacht salach ar a chéile, ba léir ón méid atá scríofa faoi gur fear é a raibh ardmheas ag an bpobal air agus ar a gcuid scileanna déantús uirlisí ceoil. Tá sé ráite chomh maith i roinnt scríbhinní faoin bhfear gurbh é an chéad duine é a chuir eochracha ar sheamsúr (*chanter*) na píbe uilleann, rud a thug rogha do cheoltóirí nótaí géara agus maola a sheinm.

Tá taighde leanúnach á dhéanamh faoi William Kennedy ag Club Píobaireachta Ard Mhacha agus is iad Club Píobaireachta Ard Mhacha atá mar fhórsa tiomána don Fhéile Píobaireachta áirithe seo. Is iad an Club Píobaireachta in Ard Mhacha a reáchtáil Féile Píobaireachta William Kennedy ón uair a thosaigh sé ar dtús, 160 bliain tar éis bhás William Kennedy.

Bunaíodh Club Píobaireachta Ard Mhacha in 1966 agus i measc na bhféilte bliantúla a bhíonn á reáchtáil acu bíonn ranganna ceoil d'óg agus aosta agus éagsúlacht ollmhór ceoil taobh amuigh de cheol traidisiúnta na hÉireann faoi chaibidil acu.

Tá an phíb uilleann á húsáid mar uirlis cheoil in Éirinn le hos cionn 300 bliain agus dlúthnasc ann idir píobaireacht agus ceol Gaelach na hAlban agus na hÉireann. I measc na gceoltóirí a bheas i láthair ag an bhféile ceoil agus iad ag cur spotsolais ar na dlúthnasc seo tá an grúpa ceoil 'Dàimh' as Albain, a dhéanann comhnasc idir píobaireacht agus amhránaíocht Ghaelach. Chun cur leis an gceol den scoth a bheas le cloisteáil ag an bhféile beidh píobairí idirnáisiúnta i láthair le linn na féile mar Anxo Lorenzo as an nGailís, Georgi Makris as an nGréig agus Duo Lagrange Rutkowski as an Fhrainc.

Ar ndóigh ní féidir dearmad a dhéanamh ar na píobairí Éireannacha agus beidh riar mhaith acu i mbun ceoil ag féile na bliana seo. Gach bliain cuirtear clabhsúr ar an bhféile le ceolchoirm mhór na bpíobairí uilleann Éireannacha agus i mbliana beidh scoth na bpíobairí ar an stáitse chun críoch cheolmhar spleodrach a chur leis an bhféile. Ina measc siúd beidh The Rowsome Quartet faoi stiúir Kevin Rowsome, mar aon le píobairí aonair mar Sheán Óg Potts, Tiarnán Ó Duinnchinn agus Conor Mallon.

Cé go bhfuil an phíb uilleann aitheanta le hÉirinn ar feadh na gcianta, ní go dtí tús an 20ú haois a tugadh an t-ainm coitianta, an phíb uilleann, uirthi. Roimhe sin bhí sí aitheanta mar na 'union pipes' agus, mar aon le stair na hÉireann uilig, tá scéalta áirithe ann faoi bhunús an ainm seo. An é go raibh aontas ann idir uirlisí áirithe nó aontas idir thíortha mar an Bhreatain, Albain, an Bhreatain Bheag agus Éire? Forbraíodh an phíb uilleann, mar atá aithne againn uirthi inniu, timpeall ar an 18ú haois déag. Tagann an cheád tuairisc ar an bpíb uilleann nua-aimseartha ó lár an 18ú haois déag, ach níl saineolaithe go hiomlán cinnte faoin dáta, mar go bhfuil an seans ann go ndearnadh dearadh ar roinnt de na comhpháirteanna ag amanna éagsúla.

Mar sin, le stair chomh fada sin ag an bpíb uilleann in Éirinn, caithfidh sé go bhfuil an uirlis féin, ceol na huirlise agus déantús na huirlise slán, nach gcaithfidh? Tá gach uile sheans go bhfuil píobaireacht agus ceol na píbe uilleann slán, ach ní fhéadfá a rá go bhfuil ceird déanta na bpíob uilleann in Éirinn slán.

Mar aon le déanamh gach uirlise ceoil, tá scil, saineolas, taithí agus ceird faoi leith ag baint le déantóirí na bpíob uilleann. Ní hamháin go gcaithfidh siad a bheith eolach agus tallann acu ar dhéanamh na huirlise go praiticiúil ach caithfidh scil a bheith acu sa cheol chomh maith agus iad ag iarraidh, ní hamháin uirlis cheoil a dhéanamh, ach uirlis cheoil a sheinnfidh ceol den scoth (ag brath ar an gceoltóir, ar ndóigh!)

Ronan Browne

Donnacha Dwyer

Timpeall an ama seo in 2010 tuairiscítear nach raibh mórán déantóirí píoba uilleann fágtha in Éirinn. Dúirt Seán Potts, an píobaire iomráiteach, ag an am go raibh an cheird féin i mbaol, agus go raibh ar phíobairí uilleann a bheith foighneach ar feadh seacht mbliana i gcomhair seit nua píoba uilleann, de bharr an liosta feithimh ó thar lear agus in Éirinn.

Mar sin cén chaoi a bhfuil an cheird sa lá atá inniu ann agus an bhfuil an scéal in aon bhealach níos fearr ná mar a bhí?

Is déantóir píoba uilleann é Donnacha Dwyer a thosaigh ag déanamh píoba uilleann in 2000 agus atá ag obair go lánaimseartha dó féin ag déanamh píoba uilleann ó 2006. Dar leis, "De bharr na géarchéime tá sé beagán níos moille ná mar a bhí, ach ag an am

bpíob uilleann i mbaol?

Roinnt d'imeachtaí Fhéile Píobaireachta William Kennedy

Dé hAoine, 7.30in, 'The Market Place', cead isteach £15
Hooley at the Theatre
An Príomh-Halla

- Guidewires
- Dàimh (Albain)
- The Anxo Lorenzo Band (An Ghailís)
- Lúnasa
- Footura (Meiriceá/Éire)

Amharclann an Stiúideo

- The Angus Nicolson Trio (Albain)
- Georgi Makris & Kostas Moungolias (An Ghréig)
- Louis de Paor & Ronan Browne
- Duo Lagrange Rutkowski (An Fhrainc)
- Anach

Dé Sathairn, 7.30in, 'The Market Place', cead isteach £12
Ceolchoirm na Féile

- 'Song of the Chanter' - Tá an cheolchoirm seo cóirithe agus stiúrtha ag Dónal O'Connor agus beidh deis agaibh éisteacht le 45 píobaire uilleann agus iad ag déanamh ceiliúrtha ar 45 bliain de Chlub Píobaireachta Ard Mhacha.
- Lume de Biqueira - ceann de na bannaí píob is cáiliúla de chuid na Gailíse.

Dé Domhnaigh, 'The Market Place' (stiúideo), 3in, cead isteach £10
'The Rowsome Quartet' - le Kevin Rowsome, Mick O'Brien, Denis Brooks agus Leo Rickard

- Seán Óg Potts
- Tiarnán Ó Duinnchinn
- Eamonn Dillon
- Conor Mallon

Duo Lagrange Rutkowski

Anxo Lorenzo

chéanna tá an earnáil i bhfad níos sláintiúla ná mar a bhí. Timpeall 10 nó 15 bliain ó shin ní raibh ach timpeall triúr déantóir maith píoba uilleann sa tír."

Is eagraíocht iad 'Na Píobairí Uilleann' a bunaíodh in 1968 chun ceol agus ceird na bpíobairí uilleann a chaomhnú. Bunaíodh iad an chéad lá riamh mar gheall nach raibh ach timpeall cúigear déantóir píoba uilleann fágtha sa tír agus shocraigh na píobairí uilleann go gcaithfí rud éigin a dhéanamh chun todhchaí na bpíobairí uilleann a chinntiú.

Tá timpeall 40 déantóir píoba uilleann ar fud an domhain sa lá atá inniu ann agus timpeall scór acu siúd lonnaithe in Éirinn. Is léir go bhfuil roinnt de na fadhbanna céanna sa lá atá inniu ann agus a bhí nuair a bunaíodh an eagraíocht, 'Na Píobairí Uilleann'.

Le seachtain anuas tá 'Na Píobairí Uilleann' tar éis tús a chur le cúrsa sé seachtaine do dhéantóirí na bpíob uilleann agus tá deichniúr cláraithe leis. Go dtí seo ní raibh ach cúrsaí gairide á reáchtáil acu agus iad ag díriú ar chomhpháirteanna in áit seit iomlán píob. Ag deireadh an chúrsa sé seachtaine beidh seit píb cleachtaidh déanta acu siúd atá ag freastal ar an chúrsa.

Is baill de bhord 'Na Píobairí Uilleann' é Donnacha agus síleann sé féin gur céim dhearfach atá i gceist leis an chúrsa féin. "Ba mhaith liom féin dá mbeadh caighdeánú á dhéanamh ar na bealaí a ndéantar an phíb uilleann. Sílim gur cheart go mbeadh siollabas ann. Tá a lán de na déantóirí píoba uilleann in Éirinn inniu a mhúin an cheird dóibh féin nó a d'fhoghlaim ó dhéantóirí píoba uilleann eile agus cé go mbíonn ealaín ag baint leis na comhpháirteanna ceolmhara a dhéanamh tá bunús innealtóireachta i gceist leis na comhpháirteanna níos praiticiúla."

Is píb uilleann ar airde ceolchoirme D a dhéanann Donnacha agus iad bunaithe ar dhearadh de chuid Leo Rowsome. Tógann sé suas le trí mhí air chun seit píob a dhéanamh ach in amanna d'fhéadfadh go dtógfadh sé i bhfad níos faide ar dhéantóirí píoba uilleann eile. Ag brath ar an déantóir d'fhéadfadh go mbeadh gach uile pháirt den seit píob lámhdhéanta, fiú an feadánra miotail lámhdhéanta as leathán miotail.

Deir sé, "In 2007 agus 2008 bhí liosta feithimh de suas le hocht n-uirlis cheoil agam, agus anois ní mórán de liosta feitheamh atá i gceist, mar sin tá sé éasca a fheiceáil cén staid ina bhfuil an earnáil. Chomh maith leis sin tá sé éasca domsa measúnú a dhéanamh ón méid fiosrúchán a fhaighim ar mo shuíomh idirlín. Bhíos ag fáil ceann amháin nó péire in aghaidh na seachtaine cheana ach anois tá sé sin tite go dtí ceann nó dhó in aghaidh na míosa." Gearrann Donnacha costas €2,500 ar leathsheit píoba uilleann agus €5,000 ar sheit iomlán. Braitheann an praghas ar phíb uilleann ar dhéantóir na huirlise.

Thosaigh Donnacha ar dtús le ranganna ceoil sa phíb uilleann agus chinntigh sé go raibh sé in ann an uirlis a sheinm sular thug sé faoi sheit píob a dhéanamh. Ní ionann seo do gach déantóir píoba uilleann. Deir sé, "Tá roinnt mhaith déantóirí uilleann nach bhfuil ábalta an phíb a sheinm, ach ar ndóigh tá sé go maith nuair atá an ceol ar do chumas agat mar go bhfuil tú in ann uirlis nua a thástáil i gceart nuair atá sé críochnaithe agat."

Is léir nach bhfuil ceird déanta na bpíob uilleann go hiomlán slán go fóill in Éirinn ná thar lear fiú. Ach, le forbairtí traenála 'Na Píobairí Uilleann', tá gach seans go mbeidh glúin nua de cheoltóirí agus déantóirí againn sa todhchaí.

Dóibh siúd ar mhaith leo píobaireacht den scoth a chloisteáil, ach nárbh fhéidir leo freastal ar Fhéile Píobaireachta William Kennedy, beidh craoladh beo ar an gclár 'Blas' ar BBC Raidió Uladh ar an Aoine seo chugainn óna 7-8in. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi ranganna píobaireachta nó déantús na píbe ar shuíomh idirlín 'Na Píobairí Uilleann', www.pipers.ie. Más mian libh seit píob de bhur gcuid féin a cheannach nó fiú an seit atá agaibh a dheisiú is féidir teagmháil a dhéanamh le Donnacha ar a shuíomh idirlín ag www.donnachadwyer.com

Níl anseo ach blaiseadh d'imeachtaí na féile. Más mian libh tuilleadh eolais a fháil amach faoi na ranganna ceoil, na seisiúin agus na ceolchoirmeacha eile a bheas ar siúl le linn na féile téigh chuig www.armaghpipers.org

TRÁCHTAIREACHT

Cén chaoi ar mhair mé riamh gan 'George'?

Síle Ní Bhraonáin

Meas tú cén chaoi ar mhair daoine riamh gan iad? Ní féidir liomsa an teach a fhágáil gan mo iPhone, nó 'George' mar a thugaim féin air, a bheith i mo ghlac.

Tá sórt oibseisiún agam leis. Braithim dá bhfágfainn i mo dhiaidh é, go mbeinn ag cailleadh amach ar rud éigin. Tuigim go bhfuil sé sin amaideach agus ait ach is sin mar atá mé! Seiceálaim mo chuntas ríomhphoist, mo chuntas Facebook agus Twitter chuile leathuair an chloig.

Tá mé in ann coinneáil suas le cúrsaí nuachta agus leis an méid atá ar bun ar fud an domhain gach nóiméad den lá. Agus a bhuíochas sin ag dul don Dr. Martin Cooper a cheap an chéad fhón póca sa mbliain 1973.

Agus go deimhin buíochas le Mama agus Deaide a cheannaigh an fón beag iontach (bhuel, bhí sé anmhór ag an am) dom roinnt blianta i ndiaidh 1973.

Tá go leor tarlaithe ó shin agus tá gach cineál fón póca ar an margadh sa lá atá inniu ann. Tá cinn le cnaipí móra millteacha do dhaoine nach bhfuil radharc na súl go rómhaith acu, nó do dhaoine atá ag dul in aois agus nach bhfuil rómhaith leis an teicneolaíocht. Ansin tá cinn ann a bhfuil dhá cnaipe orthu - is do ghasúir iad sin - le huimhir Mhama agus Dheaide amháin, ar speed-dial.

Agus tá cinn le gach cineál "app" faoin spéir le fáil orthu, idir cheamaraí, cheol, chluichí agus an idirlíon. Ní gá go mbeadh saol aon duine dubh dóite níos mó! Aon eolas a theastaíonn uait faoi rud ar bith, tá sé ansin i do lámh agat.

Fós féin tá cúpla locht le fáil orthu. Tá siad beag agus tá sé níos éasca iad a chailleadh - caillimse mo cheann féin i mó mhála chuile lá! Freisin, is furasta téacs a sheoladh chuig an duine mícheart trí thimpiste. Ní bhíonn toradh maith ar an gcás sin riamh. Agus má chailleann tú d'fhón, nó má thiteann sé síos sa leithreas,(tá sé sin tarlaithe dom freisin!), cailleann tú uimhreacha chuile dhuine.

Ar ndóigh, tá daoine ann a chaitheann chuile nóiméad beo ag caint ar an bhfón. Ní thuigim cén chaoi a bhfuil an oiread sin le rá ag daoine nó an oiread sin airgid go deimhin. Is mó úsáide a bhainim féin as m'fhón mar ríomhaire beag ná mar dheis le glaochanna a dhéanamh.

Ach fós féin, is iontach na giuirléidí iad agus ní chuireann na lochtanna sin as dom i ndáiríre. Cé go bhfuil 'George' thar cionn dom, agus go bhfuil an-chion agam air, níl sé gan locht. Ach ní air fhéin atá an locht go díreach nuair a chaithim rith amach as an teach le glaoch a fháil nó a dhéanamh; is amhlaidh nach bhfuil aon tseirbhís cheart (*coverage*) agam sa mbaile!

An Rialtas, Gerry Ryan agus Táille €500,000

Conall Ó Móráin

Mura maraíonn sé tú tá buntáiste le taom croí a fhulaingt. De ghnáth is é a tharlaíonn ina dhiaidh ná go n-athraíonn an t-othar a shlí bheatha ar bhealach dearfach - múchtar na fags, ídítear an t-ól agus téitear ar aiste bia shláintiúil - i bhfocla eile déanann an duine a fuair an taom an rud go mba chóir a bheith déanta aige na blianta fada roimhe sin.

Nach ait é go mbíonn orainn stánadh ar an mbás sula n-athraíonn muid ár ndrochnósanna. In ainneoin pé rud a deir an dochtúir linn, nó pé méid uair a deir sí linn é, ní dhéanann muid athruithe ar ár modh maireachtála go dtí go mbíonn sé gar do bheith ró-dheireanach.

Sin mar atá sé leis an ngeilleagar freisin. Leis na blianta anuas tá eacnamaithe ar an eite dheis, daoine ciallmhara arb é leas na tíre an chloch is mó ar a bpaidrín, tar éis ceistiú a dhéanamh am i ndiaidh a chéile ar cén fáth go bhfuil an rialtas againne páirteach go hindíreach i stáisiún raidió popcheoil cosúil le 2FM a rith, nó comhlacht árachais cosúil leis an VHI?

Níl orm, arís, míniú mar a dhéanaim rómhinic sa cholún seo ar fhaitíos go bhfuil duine amháin fágtha nach dtuigeann cé chomh bancbhriste agus atá an tír, nuair a deir mé go mb'fhéidir go bhfuil buntáiste amháin a thiocfaidh as an uafás eacnamaíochta ina bhfuil muid ar fad ag maireachtáil (mura bhfuil pinsean iar-Aire Stáit agat ar ndóigh). Den chéad uair riamh, ó uair a bunaíodh an Stát, tá iachall ar ár gcuid polaiteoirí, agus a dtromlach mór chun a gcuid polasaithe a chur i gcrích, réabhlóid gheilleagair a dhearbhú.

Gerry Ryan, nach maireann.

Níl aon rogha acu. Agus dá mbeadh mise mar chomhairleoir acu (agus mé ag tarraingt ceann des na pacáistí pá comhairleora sin a bhriseann rialacha an rialtais fhéin) déarfainn le Enda Kenny go mba chóir dó a mhíniú dos na toghthóirí cé chomh dearfach is atá an méid atá ar siúl aige nuair a chuireann an rialtas acmhainní neamhlárnacha an Stáit ar díol.

Deireadh le 'rialtas mór' a bheadh ann. Ar deireadh thiar bheadh an rialtas ag tarraingt a ladair as cúrsaí nach cóir go mbeidís sáite iontu ar an chéad dul síos. An bhfuil aon duine ann nach n-aontaíonn leis an mhéid seo - aon duine go gceapann gur chóir go mbeadh an rialtas (go hindíreach) ag seinm amhráin Lady Gaga nó Justin Bieber ar an raidió? Má tá, an bhféadfadh siad míniú dom cén fáth, ar an mbonn sin, cén fáth nach bhfuil úinéireacht acu ar chúpla nuachtán coitianta a bheadh in iomaíocht leis an Daily Star nó an Daily Mirror?

Níl orm, arís, míniú mar a dhéanaim rómhinic sa cholún seo ar fhaitíos go bhfuil duine amháin fágtha nach dtuigeann cé chomh bancbhriste agus atá an tír, nuair a deir mé go mb'fhéidir go bhfuil buntáiste amháin a thiocfaidh as an uafás eacnamaíochta ina bhfuil muid ar fad ag maireachtáil (mura bhfuil pinsean iar-Aire Stáit agat ar ndóigh).

Nuair a deir mé an méid sin le daoine deir siad nach ionann iad. Ach is ionann, go huile agus go hiomlán. Níl iriseoir amháin sa tír a thuilleann breis agus €500,000 ach bhí a leithéid in 2FM mar sin a bhí Gerry Ryan a thuilleamh roimh a bhás. An bhfuil fáth ar bith go mbeadh ceangal idir rialtas na tíre agus láithreoirí ar stáisiúin phop? Níl. Dá bhrí sin nach bhfuil sé thar am an stáisiún a dhíol?

Ach sin sampla atá glan agus simplí. Tá a leithéidí eile ar fud na háite. Cén fáth go bhfuil an rialtas ag rith (go hindíreach arís) na haerfoirt - rud atá tar éis olc a chur ar Michael O'Leary le blianta anuas. Nílim, dála an scéil, ag moladh modh oibre Ryanair a ghlacadh, go rithfí gach rud chomh gar don chreatlach agus ab fhéidir - ach is féidir sárú ar aon deacrachtaí nó constaicí cosúil leis seo trí rialacháin. Ach an uair seo caithfidh an rialtas a thaispeáint go bhfuil siad in ann riail a chur i gcrích.

Mar nuair a bhí siad gnóthach ag tabhairt breis agus leathmhilliún Euro do Gerry Ryan bhí an Rialtóir Airgeadais, Patrick Neary, imithe ar strae go hiomlán.

Ceacht maith atá sa mhéid a d'fhoghlaim muid ó Neary, an fear a dúirt leis an Rialtas agus linne, go raibh cúrsaí na mbanc slán sábháilte nuair is amhlaidh go raibh na cúrsaí sin chomh huafásach sin go gceapfá gur ar dhrugaí a bhí oifigigh an Rialtóra sa mbealach nár aithin siad a méid a bhí ag tarlú. Seo gnó beacht an rialtais.

Is cóir go mbeadh greim docht daingean ag ar rialtas ar rialacháin agus ar rialtóirí agus sin uile. Ní gá, sa lá atá inniu ann, go mbeadh aon spéis ag ár rialtas sa gheilleagar seachas chun a chinntiú go gcloítear le dlíthe na tíre - an bunghnó gur mhaith le gach aon saoránach go mbeadh ar siúl acu.

Nach mbeadh muid ar fad níos fearr as mura mbeadh an rialtas ag díol leictreachais linn trí BSL, gás trí BGE, ag rith an chórais phoist tríd An Post, ag fás crann trí Coillte, ag rith rásaí capall agus cúnna trí Bhord na gCapall agus Bord na gCon, ag rith ár dtraenacha trí Iarnród Éireann, srl, srl..?

Ar a laghad tá an chuma air go bhfuil rud éigin ar tí athrú. Agus an rialtas ag fógairt go raibh siad chun leanúint leis na pleananna acu chun forbairt a dhéanamh ar ospidéil nua do pháistí i mBaile Átha Cliath d'fhógair an tAire Rialtais Brendan Howlin go mbeidís ag iarraidh an Lotto, atá dá rith faoi láthair ag An Post, a dhíol chun an costas tógála a bhailiú. Arís, an raibh fáth in aon chor go raibh Lotto dá rith (go hindíreach) ag an rialtas?

Tá súil agam go mbeidh áthas ar aon pháiste a bheidh ag freastal ar an ospidéal nua, gur chinn an rialtas an Lotto a dhíol agus úsáid chiallmhar a bhaint as an airgead. Agus feicfidh a gcuid tuistí, le cúnamh Dé, buntáistí a thagann as nuair a chloíonn polaiteoirí leis an bpolaitíocht.

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Is tábhachtaí daonlathas ná saibhreas

DE réir focal.ie, tá focal Gaeilge againn do 'technocrat', teicnealathaí atá ann.

Ach is gránna bréagach an téarma céanna i dteanga ar bith.

Cad is ciall leis?

Saineolaí, duine neamhpholaitiúil, duine i gcumhacht go sealadach agus, faoi dheireadh, neamhthofa. Agus daoine ag ceiliúradh deireadh le ré Silvio Berlusconi an tseachtain seo, is dócha go ndearna siad dearmad gur ceapadh príomh-aire nua san Iodáil nach bhfuil aon sainúdarás daonlathach aige. Tharla an rud ceanann céanna sa Ghréig.

Caitheadh amach dhá cheannaire thofa agus ceapadh beirt neamhthofa.

Níl aon argóint ann ná gurb é Silvio Berlusconi an polaiteoir is measa san Eoraip, seachas Alexander Lukashenko na Bealarúise, agus go ndearna Berlusconi an-dochar do dhaonlathas na hIodáile.

Ach sa deireadh, níorbh iad muintir na hIodáile a chaith amach é, níorbh iad na scannail ghnéis agus airgeadais ar chuir deireadh leis ach 'treoir' ó na margaí, treoir curtha chun cinn ag Nicolas Sarkozy, príomh-aire na Fraince, agus ag Seansailéir Angela Merkel na Gearmáine. Deirtear linn go bhfuil na gníomhartha seo 'riachtanach' agus cuirtear in iúl nach féidir muinín a chur i muintir na Gréige agus na hIodáile "an rud ceart a dhéanamh", is é sin toil na 'margaí'. Tá na gníomhartha seo frithdhaonlathach agus mícheart, áfach.

Fuair na milliúin bás san Eoraip ar son an daonlathais agus ba cheart é sin a chosaint thar aon rud eile.

Is tábhachtaí an tsaoirse, a d'fhéadfadh a bheith ar fáil dúinn tríd an daonlathas, ná an saibhreas bréagach a d'fhéadfadh na 'margaí' a chur ar fáil dúinn.

Deis don teanga

TÁ Gaeilge líofa ag an Uachtarán, ag an Taoiseach agus ag an Tánaiste.

Is rud an-dearfach é sin don teanga gan dabht. Ardú stádais atá ann agus tá an stádas sin, agus an stádas atá ag teanga ar bith i samhlaíocht a gcainteoirí, an-tábhachtach ar fad.

Táthar ag súil gur féidir linn, mar Ghaeil, úsáid a bhaint as na cuinsí seo chun leasa na teanga.

Ba dhíomách an méid Gaeilge a d'úsáid an tUachtarán Micheal D Higgins le linn a insealbhaithe. Is drochchomhartha é ach bímis dóchasach go ndéanfaidh sé maitheas don Ghaeilge mar Uachtarán.

Agus maidir le hábhar eile a bhfuil baint aige le stádas na Gaeilge, is cainteoir líofa Gaeilge é Barra McGrory QC, a ceapadh mar Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí don Tuaisceart an tseachtain seo caite - post an-tábhachtach ar fad.

Is mór an trua go bhfuil cosc ar an Ghaeilge i gcúirteanna na Sé Chontae ach cá bhfios, b'fhéidir go mbeadh tionchar ag leithéidí Mhic Ruairí ar an scéal sin.

Idir dhá stól

Páidí Ó Lionáird

Tríocha bliain ó shin, is cuimhin liom bheith antógtha leis an mbanna punc The Clash agus a n-amhrán "*Should I Stay or Should I Go*". Amhrán é a mhíníonn an áit ina bhfuil mo chloigeann san am i láthair.

Táim saghas i ngreim Friedrich Nietzsche agus Soren Kirkegaard le déanaí. Tá a fhios agaibh, na fealsamh a chéadcheap teoiricí eiseachais - teoiricí an duine faoin duine féin.

Táim i ngreim acu agus táim buartha. Is cuimhin liom nuair a bhíos ag léamh a gcuid saothair mar chuid de mo staidéar ar an bhfealsúnacht do mo bhunchéim.

Ní cuimhin liom go bhfuaireas tuiscint láithreach ar na coincheapa éagsúla, aonaránacha an uair úd ach sílim go dtuigim iad anois.

Nílim cinnte an bhfuil mo chás róchosúil le cás na céime creidimh, an chéim sin thar aill agus an creideamh go gcosnóidh Dia tú má tá sé sin i ndán duit.

Nílim cinnte an sórt crosbhóthair atá sroichte agam - crosbhóthar ar a bhfuil ceisteanna móra do mo chrá - ceisteanna faoi mo shaol, maitheas mo chuid oibre, an bhfuil an saol ceart á chaitheamh agam?

Tá mo chrosbhóthar-sa comhthreomhar leis an gcrosbhóthar ar a bhfuil Éire i measc a comharsana Eorpacha, ar shlí.

De réir daonáirimh de chuid na Náisiún Aontaithe, rugadh an té atá ar an seacht billiúnú duine ar thalamh na cruinne sna hOileáin Fhilipíneacha le coicís anuas. Danica Camacho is ainm di, pé chomh cruinn agus atá a gcuid áirimh.

I 1927, bliain sular rugadh m'athair ní raibh ach dhá bhilliún duine ar an bpláinéad. Sin fás de chúig mhíle milliún duine ó shin i leith.

Agus cad chuige a bheirtear an oiread sin daoine? De réir fhochoiste Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, maireann ós cionn billiún amháin acu sin i bhfíor-ocras. Sin cothrom is dhá chéad tír ina mbeadh daonra na hÉireann!

Ní raibh ré níos rathúla riamh ar domhan, ré ina bhfuil cúrsaí teicneolaíochta ag buaic mhaitheasa an chine dhaonna, agus ré ina dtagann an dá chuid le chéile d'fhonn dóthain bia a fhás agus a sholáthar don domhan.

Ach amháin nach bhfuil an toil ann an flúirse seo a thabhairt dóibh siúd is mó a bhfuil sé de dhíth orthu. Ar chúis éigin ní maith leis an gcine daonna aire a thabhairt dá gcuid féin gan chúiteamh. Agus táimidne chomh ciontach céanna.

Sinne atá inár gcónaí i dtír atá chomh maith leis an bhformhór agus níos fearr ná a lán maidir le barra a fhás, curaíocht agus bia a sholáthar, b'fhearr linn lámh a chur go follasach sa phóca seachas ár gcuid saineolais agus scileanna a roinnt. Aon rud a chealaíonn mothúchán sin an chiontais.

Agus is leis na ceisteanna bunúsacha seo atáim gafa le tamall anuas anois. Táim 43 bliain d'aois agus n'fheadar mé ó thalamh an domhain an bhfuil aon rud ar fiú trácht air déanta agam le mo shaol?

An sampla eile mé den aicíd tráchtála agus maoine, mé róthógtha le hábharachas seachas a bheith ag glacadh lánpháirte sa tsochaí mar fhíorshaoránach?

B'fhéidir é, ach cad iad mo roghanna? An bhfanfaidh mé anseo, in Éirinn, ag fulaingt le fiachas, ag streachailt le ciorruithe, agus sin sula ndéanfaidh an rialtas an chéad iomaire doimhin cánach eile a threabhadh sa bhuiséad an mhí seo chugainn. An fiú é seo ar fad?

Tá fonn orm gníomh éigin chun maitheasa a dhéanamh. Braithim go bhfuil mo shaol ag sleamhnú uaim agus gan mé ag baint lántairbhe as an eispéireas. Agus is leis an gceist agus leis an éiginnteacht sin a fhágaim sibh an tseachtain seo – an cheist chéanna atá curtha ag Uachtarán nua na hÉireann agus an cheist atá curtha roimhe ag Michael D le freagairt.

Ritheann sé liom gur ar éigean is fiú é in aon chor. Ach cad a dhéanfadh mo leithéid? Is beag leithscéal a bheadh agam fanacht in Éirinn anois agus mo chlann féin fásta suas agus fiú muna bhfuil a iomaire féin á threabhadh go hiomlán as a stuaim féin ag mo mhac, ní fada go mbeidh.

Tá an Astráil ag borradh. Oileán ollmhór ar imeall chríocha an oirthir agus fuil Ghaelach ina bhféitheacha ag cuid mhór den daonra 22 milliún duine. Gaeil a díbríodh as Éirinn a lán acu. Agus tá tuilleadh Gael de dhíth orthu, is cuma an díbeartaigh iad nó nach ea, agus an spás acu lena gcothú gan aon agó. Sin de réir scéil a bhí sa nuacht i gcaitheamh an deireadh seachtaine seo caite.

Fós, cad a chiallódh a leithéid de ghníomh? Cad a bhainfeadh sé amach? An mbeinn ag éalú nó ag teitheadh? An mbeinnse in ann do thús as an nua mar sin? I dtír anaithnid? Cultúr nua? Canúint nua? Cur chuige nua i leith an tsaoil?

An bhféadfainn maireachtaint gan mo chlann, mo mhuintir,mo chairde? An dtiocfadh mo bhean liom? An mbeinn ag déanamh maitheasa nó donais? Sin iad na ceisteanna atá á gcur agus á bhfreagairt ag na mílte teaghlach Éireannach anois díreach. Tá a gcuid brionglóidí anseo in Éirinn iompaithe ina dtromluí.

Tá fonn orm gníomh éigin chun maitheasa a dhéanamh. Braithim go bhfuil mo shaol ag sleamhnú uaim agus gan mé ag baint lántairbhe as an eispéireas. Agus is leis an gceist agus leis an éiginnteacht sin a fhágaim sibh an tseachtain seo - an cheist chéanna atá curtha ag Uachtarán nua na hÉireann agus an cheist atá curtha roimhe ag Michael D le freagairt.

Fágaim leis í agus fáilte agus guím rath air lena freagairt.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 16 Samhain, 2011

Ní hamháin síleáil ghloine ach díon de choincréit

Eoghan Ó Néill

Ní hé amháin go bhfuil síleáil ghloine ann do mhná i gcúrsaí na polaitíochta thuaidh is theas.

Tá díon de choincréit carnaithe sa mhullach ar an ghloine ar eagla go mbrisfí an tsíleáil.

Ach i bhfírinne is beag baol go mbrisfí.

Nó tá na constaicí sa bhealach ar mhná sa tsochaí thuaidh is theas chomh mór is a bhí riamh.

Tá cuid mhór cainte agus caointe i láthair na huaire faoin phlean chun cuótaí do bhaniarrthóirí agus do bhanTheachtaí a éileamh ar na páirtithe polaitiúla.

Cad chuige an mhairgneach?

An mbeadh muidne, fir, ag caoineadh faoi chuótaí éigeandála dá mba rud é gurbh mhná iad 85% de Theachtaí Dála agus cuótaí á dtabhairt isteach ar son na bhfear?

Dá mba rud é nárbh fhir iad ach 15% de bhaill an Tionóil ó thuaidh?

Ní bheadh muid i gcoinne cuótaí ná baol air.

Ach tá go leor fear a amharcann ar chuótaí do mhná mar ionsaí orthu féin agus ar an daonlathas.

Agus ní hiad fir amháin atá ag dul don phort sin.

Tá scair de mhná ann a shíleann go ndéanfadh cuótaí éigeantacha dochar don iarracht le mná a chur chun tosaigh sa chóras pholaitiúil.

Tá argóintí fiúntacha ar an dá thaobh. Ach ní féidir imeacht ó na fíricí.

Ó bunaíodh an stát ní raibh Dáil ann riamh a raibh níos lú ná 85% de na Teachtaí ina bhfear.

Sa tuaisceart ba fhir riamh iad 85% de bhaill an Tionóil.

An bhean is cumhachtaí ar an domhan, Seansailéir Angela Merkel na Gearmáine. Bhí bean mar Uachtarán dhá uair in Éirinn go dtí seo ach an mbeidh bean againn mar Thaoiseach in Éirinn go luath?

Is éagóir é sin agus ní féidir leanúint leis. Bhí corradh is 90 bliain ag an Dáil agus ag an chóras pholaitiúil ó dheas, ag na páirtithe polaitiúla agus ag na heagrais leasmhara, chun an scéal a chur ina cheart.

Ach níor éirigh leo.

Tabhair spléachadh ar na staitisticí.

Líonadh 4,744 suíochán Dála ón am a bunaíodh an Dáil in 1918.

Sa tréimhse sin toghadh 260 banTheachta. Is ionann sin agus 5.48% den iomlán. Thar thréimhse 93 bliain.

Sin chomh éifeachtach a bhí an bealach roghnach!

Agus ní hionadh é sin.

Ní maith le lucht na cumhachta in aon sochaí an chumhacht s'acu a laghdú nó a roinnt nó a thabhairt ar shiúl.

Tá míle sampla de sin sa stair.

An dóigh ar dhiúltaigh daoine geala cumhacht a roinnt le daoine dubha. An dóigh ar shéan aontachtaithe cumhacht ar náisiúnaigh sa tuaisceart go dtí gur tugadh orthu déanamh amhlaidh. An dóigh ar baineadh a gcearta agus a dtailte de bhundúchasaigh ar fud an domhain agus gur diúltaíodh aon ról dóibh sa tsochaí nua.

I gcás na hÉireann, riamh anall shéan lucht na cumhachta a gcearta ar mhná.

Go minic b'éigean do mhná feachtais fhada dheacra a throid chun a gcearta a bhaint amach. Nó thug an tAontas Eorpach ar lucht na cumhachta géilleadh. Ach níor ghéill siad riamh cearta do mhná cionn is gurb é an rud ceart le déanamh.

Chlis ar an tslí roghnach. Agus tá sé in am anois don tslí éigeantach.

Idirdhealú dearfach. Cuótaí.

Níl mé cinnte go n-oibreoidh cuótaí go díreach mar a shamhlaíonn daoine áirithe iad. Tá córas ar leith in Éirinn agus cultúr polaitiúil ar leith. Tá bealaí ann chun fáil thart ar chuótaí trí mhná a chur chun tosaigh do shuíocháin nach mbainfidh siad. Ní bheidh sé furasta ná gasta cultúr polaitiúil fadbhunaithe a athrú.

Ach in imeacht ama beidh díbhinn ann a rachaidh ní hamháin chun leasa na mban ach chun leasa na sochaí ina hiomláine.

Nó beidh sé go mór chun leasa na sochaí ar fad go mbeadh an mhalairt dearcaidh atá ag mná ar go leor ceisteanna, an taithí dhifriúil atá acu ar an saol, an cur chuige ar leith atá acu srl, go mbeadh sé sin uilig le sonrú sna socruithe polaitiúla a dhéanann Dáil agus tionól, comhairle contae agus Seanad.

Céim chun cinn a bheadh ann.

Ach go fiú nuair a bheas sin déanta ní bheidh ann ach an tús.

Níl aon réiteach tapa draíochta ar easpa cearta na mban sa tsochaí.

Beidh an sracadh fada stairiúil le troid go fóill. Lá i ndiaidh lae, bliain i ndiaidh bliana, sa teach, sa seomra boird, sa chlinic, sa rang scoile, sa seomra leapa, sa teampall agus sa teach pobail, san oifig leasa shóisialaigh agus ar fhiche blár catha eile.

Agus beidh ar gach duine againn freagracht a ghlacadh as ár bpáirt sna cúrsaí seo seachas an locht a fhágáil i gcónaí ar an stát.

Dá fheabhas iad, ní bheidh i gcuótaí ach céim sa treo ceart.

Ach i ndiaidh 90 bliain de bhliústar is de bhladhair nár fhág againn ach 15% de mhná sa Dáil agus sa Tionól nach gá tabhairt faoi pholasaí nua?

Agus mura bhfuil tú cinnte go fóill gurb é an bealach chun tosaigh, amharc thart timpeall ort.

Féach an toradh a bhí ar 90 bliain de fhir a bheith i gceannas na polaitíochta, na baincéireachta, na heaglaise agus na sochaí.

Caithfidh go bhfuil bealach eile ann.

Comóradh ar an 'Donnelly Visa' -

- ach maireann cruachás na n-imirceach i Meiriceá i gcónaí

Máirtín Ó Catháin

Tharraing dúnmharú Chiaráin Uí Chonghaile i mBoston an mhí seo caite tuilleadh airde ar chás na n-imirceach Éireannach atá gan stádas dlíthiúil cónaithe agus oibre i Meiriceá.

Ba as Inis Meáin in Árainn é Ciarán; beannacht Dé leis agus suaimhneas óna mbrón dá mhuintir.

Ní raibh Ciarán sa mbaile in Éirinn le 11 bhliain - ón lá ar fhág sé Inis Meáin. Ar nós cuimse daoine eile ní raibh sé inrásta aige taisteal abhaile ar fhaitíos nach bhféadfadh sé filleadh ar Mheiriceá.

Bhí sé ar dhuine de 12 mhilliún duine atá ina gcónaí i ngan fhios do na húdaráis inimirce i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Meastar go bhféadfadh 50,000 duine as Éirinn a bheith ina measc siúd.

Tá saol maith ag formhór na nÉireannach seo i Meiriceá ar bhealaí go leor; is fearr leo cónaí ar an gcúlshráid sna Stáit ná filleadh ar Éirinn.

Ach tá imní agus éiginnteacht ag baint lena mbealach.

Sa deireadh thiar níl a fhios acu cén lá nó oíche a mbéarfaidh na póilíní nó na húdaráis inimirce orthu.

Sa gcás sin níl rompu ach a ndíbirt as Meiriceá ar feadh achar fada blianta.

Tá na mílte Éireannach ag maireachtáil sa gcineál seo saoil faoi cheilt i Meiriceá le cuid mhaith de dheich mbliana fichead.

Chuaigh sruth mór daoine óga as an tír seo go Stáit Aontaithe Mheiriceá sna 1980óidí. Cé nach raibh cúrsaí airgid na tíre faoi stiúir an IMF an uair sin bhí cúrsaí dífhostaíochta agus eacnamaíochta chomh dona - nó níos measa - in Éirinn sna 1980óidí is atá anois.

Bhí ráta dífhostaíochta de 17.4% i bPoblacht na hÉireann i 1986. Ní raibh ach beagán le cois milliún duine fostaithe sa tír san am.

Dá dhonacht cúrsaí anois tá 1.8 milliún duine ag obair anois agus dá dhonacht an dífhostaíocht tá sé 3% níos ísle ná mar a bhí sé 25 bliain ó shin.

Agus iad ar a dteitheadh ón gcruachás eacnamaíochta sin sna 1980óidí dhírigh na mílte a gcompás ar Mheiriceá.

Bhí meastacháin ann san am go raibh 150,000 Éireannach i Meiriceá gan stádas dlíthiúil cónaithe agus oibre; b'ábhar argóna í an uimhir féin.

Ach beag beann ar na huimhreacha bhí fadhb ollmhór ann a tharraing conspóid ar chaon taobh den Atlantach.

Stocaireacht Pholaitiúil

Thosaigh na hÉireannaigh óga i Meiriceá an Irish Immigration Reform Movement (IIRM) agus rinne éilimh ar stádas dlíthiúil d'Éireannaigh sna Stáit.

Eagraíocht ghlórach a bhí inti; cuireadh caidéis ar pholaiteoirí na hÉireann agus ar pholaiteoirí cumhachtacha Gael-Mheiriceánacha.

Ach tá ainm pholaiteoir amháin luaite níos láidre ná duine ar bith eile le cruachás na n-imirceach Éireannach i Meiriceá san am. Déanfar ceiliúradh ar an mbeart a rinne sé ag ócáid atá á heagrú ag na 'Democrats Abroad' i mBaile Átha Cliath ar an 24ú lá den mhí seo.

Bhí Brian Donnelly ar dhuine de 11 Fheisire - Congressmen - atá ag Stát Massachusetts in Washington. Gael-Mheiriceánach é. Ba as Ros Comáin a mhuintir.

Chuir Donnelly suim ar leith i gcás na nÉireannach. Bhí na sluaite acu i mBoston agus ar fud Massachusetts sna blianta sin i lár na 1980óidí. Bhí leasuithe á mbeartú ar an gcóras inimirce sna Stáit agus bhí bille á phlé in Washington i 1986. Bhí an reachtaíocht seo - Immigration Reform Act 1986 - ar an leasú ba mhó ar an gcóras inimirce i Meiriceá ó Acht Inimirce 1965. Chaill Éire agus riar tíortha i dtuaisceart na hEorpa go leor de na ceart imirce a bhí acu i Meiriceá i 1965. Tosaíodh iarracht i lár na 1980óidí le deis níos fearr a thabhairt in athuair d'imircigh na hÉireann agus na hEorpa.

Ba é an Feisire Brian Donnelly an ceann feadhna ar an iarracht sin.

Cé atá i gceannas anseo?

Aindrias Ó Cathasaigh

Tá céad go leith bliain ann ó thosaigh cogadh cathartha Mheireacá, cogadh a chuir deireadh leis an uafás go bhféadfaí daoine a dhíol i ngeall ar ghné a gcraicinn.

Lena linn chuir Abraham Lincoln focal ar an daonlathas ba chóir a chur ina áit: rialú an phobail ag an bpobal, ar mhaithe leis an bpobal.

Tá an ciníochas ina smál ar Mheireacá is an saol mór i gcónaí, áfach, agus tá aisling sin an daonlathais gan fíorú fós.

Cupla seachtain ó shin tháinig ceannairí an Aontas Eorpach ar bheartas le fadhbanna na Gréige a réiteach, mar dhóigh de.

Ní díobh siúd ba chiontach leo a bhainfí a gcostas, ach den chosmhuintir, le laghdú géar ar chaighdeán a mbeatha is a seirbhísí.

Dúirt príomh-aire na tíre go gcuirfeadh sé ar vóta an phobail é.

Ní racht daonlathais a thug air a leithéid a dhéanamh. Bhí drochbheartas mar é brúite tríd aige cheana, agus is dóichí go mba rún dó tacaíocht an fhreasúra don bheartas nua a mhealladh.

Ach ba leor an leide féin go mbeadh guth ag muintir na Gréige ar an gceist seo, a bhaineann leo féin ar an gcaoi is bunúsaí, le anfa fíochmhar a tharraingt.

Daonlathach ach gan chumhacht : An tUachtarán tofa (mar a bhí) Michael D Higgins (sa lár) agus a bhean chéile Sabina ag Caisleán Bhaile Átha Cliath Dé hAoine seo caite d' insealbhú s'aige mar Uachtarán na hÉireann. Tá an Tánaiste Eamon Gilmore agus an tAire Oideachais Ruairí Quinn ann ag cur fáilte rompu. [PIC : LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

Ba chuma cén tuairim a bheadh ag muintir na Gréige ar a gcinniúint, ní raibh na margaí airgid sásta go dtabharfaí cead cainte dóibh.

D'fhógair a gcuid urlabhraithe polaitiúla nach nglacfaí leis an reifreann seo, go gcoinneofaí airgead ón nGréig go dtarraingeofaí siar é, go gcuirfí an tír amach as a gclub.

Faoi dheireadh na seachtaine bhí deireadh leis an reifreann, agus ba ghearr ina dhiaidh gur cuireadh Papandreou féin chun siúil. Bhí toil an phobail diúltaithe, agus toil na margaí déanta.

Sna sála air sin threascair na margaí príomh-aire eile. Ní bheidh mórán súl fliuch i ndiaidh Berlusconi, slíomadóir cam a bhain a leas suarach féin as an gcumhacht. Ach shíl na margaí nárbh fhéidir brath go hiomlán air lena gclár a chur i bhfeidhm agus bhriseadar é, ag cur isteach fear a bhí chun a sástachta.

Ach ní féidir gur mar sin d'Éirinn, ar féidir? Nach bhfaca muid Michael D dá insealbhú de bhua vótaí na ndaoine?

Chonaic, ach feicfidh muid freisin gur ar éigean má tá aon chumhacht aige. Is mó go mór de chumhacht atá ag bainisteoir condae nó cathrach, agus déantar cinnte de nach dtoghann muid iad siúd.

An rialtas a tháinig isteach le móramh mór i mbliana? Foireann nua aisteoirí atá iontu, ach iad ag cloí leis an script chéanna.

Dhiúltaigh na vótóirí do pholasaithe Fhianna Fáil, ach tá siad i bhfeidhm fós trí mheán an IMF is an AE.

Dúirt Henry Ford go bhféadfadh dath ar bith a bheith ar do charr an fhad is a bhí sé dubh: féadfaidh polasaí ar bith a bheith ag ár rialtas an fhad is a bhíonn sé ar leas lucht an airgid.

Maíonn Ruairí Quinn gur réabhlóid dhaonlathach a bhí in olltoghchán na Feabhra, an pobal ag caitheamh buamaí peitril isteach sna boscaí vótála.

Fuair sé féin is a pháirtí cuid mhaith vótaí de bharr gealladh nach ngearrfaidís táillí ar mhic léinn.

Ach tá an gealltanas ar ceal anois, le srianta an IMF a chomhlíonadh. Tá cúinsí athraithe ó shínigh sé a ghealltanas sollúnta, arsa Quinn, ach an ligtear do dhaoine éalú ó mhorgáistí ar an leithscéal céanna?

Má cheannaíonn tú earra nach ndéanann mar a dúradh ar an mbosca, caithfidh an siopa í a ghlacadh ar ais uait agus earra cheart nó aisíoc a thabhairt duit ina hómós. Tuige nach amhlaidh le polaiteoirí?

Dá bhféadfaí iad a aisghairm nuair a théann siad siar ar a bhfocal, iad a chur faoi bhráid na vótóirí athuair, seans go gcloífidís le mianta na ndaoine.

Ba mhó fós an seans dá gcoinneofaí ar aon chéim linn iad. Is beag duine againn nach bhfuair bille le deireanas agus a bhí imníoch faoin gcaoi a nglanfadh muid é. Bronntar trí oiread na gnáthpháidhe (móide costais) ar theachtaí Dála le cinntiú nach mbíonn siad sa gcás sin ariamh, gur fearr a thuigeann siad d'éilimh na saibhre. Ba dhóichí dóibh freastal ar chás an ghnáthdhuine dá mba é a gcás féin é.

Is é an easpa is mó ar a bhfuil de dhaonlathas againn go gcuirtear bunchúrsaí eacnamaíochta as an áireamh. Ní raibh vóta ar bith ag an bpobal air nuair a shocraigh comhlacht Aviva 950 duine eile a chur le scuainí an deoil.

Faoi lucht na bpócaí teanna a fhágtar cinní mar sin, agus tá a shliocht orainn.

Cé hiad lucht an airgid, ar aon nós, na margaí beannaithe seo? Ní fheiceann muid iad, agus is cinnte nach vótálann muid dóibh, ach is acu atá an chumhacht.

Naomhtar a n-ainm, tá a ríocht tagtha, déantar a dtoil in Éirinn mar a dhéantar sa nGréig. Baineann siad ár n-arán laethúil dínn, agus maitheann muid a bhfiacha dóibh mar a mhaitheann siad dóibh féin.

Tá sé in am sinn a shaoradh ón olc seo. Ach ní haon mhaith fanacht le toghchán agus muc i mála eile a cheannacht. B'fhearr lorg na mic léinn a leanacht, a thabharfas sráideanna na príomhchathrach orthu féin inniu le cur faoi deara don Aire Quinn an t-oideachas a chur ar fáil do chách.

I ngníomhartha mar sin atá dóchas an daonlathais le fáil, rialú an phobail ag an bpobal, ar mhaithe leis an bpobal.

25 bliana ar aghaidh

D'eagraigh sé tacaíocht i measc na bpolaiteoirí cumhachtacha - na Seanadóirí Ted Kennedy agus Christopher Dodd ina measc - le coinníoll a chur le reachtaíocht 1986 a thabharfadh deis do na mílte Éireannach stádas ceart a fháil sna Stáit.

D'éirigh leis. Fuarthas 30,000 víosa do mhuintir na hEorpa ach bhí a fhios go maith gurbh iad na hÉireannaigh a gheobhadh a bhformhór. Na "Donnelly Visa's" a baisteadh orthu. B'shin í an bhliain 1986 - cúig bliana fichead go ham seo.

Tá na "*Democrats Abroad*" ag bailiú eolais anois ó dhaoine a fuair na "Donnelly Visas" a thugann léargas ar an leas a rinneadar. Is díol spéise é gur chuir 250,000 duine sa tír seo iarratais isteach ar na "Donnelly Visas" i 1986 agus 1987 rud atá ina chruthúnas ar an mbail a bhí ar an tír seo san am sin.

Cúnamh ó fhear as Conamara

NÍ cosúil go mbeidh Brian Donnelly féin ag an ócáid i mBaile Átha Cliath an mhí seo. D'éirigh sé as an bpolaitíocht uilig cúpla bliain tar éis aimsir na 'Donnelly Visas'.

Cónaíonn sé i Massachusetts ach ní bhacann sé leis an saol poiblí beag ná mór. Ach dá mbeadh sé i mBaile Átha Cliath is cinnte go labhródh sé faoi Mhike Joyce as Béal an Daingin i gConamara a bhí ina fheidhmeannach imirce sa státchóras i Massachusetts.

Dúirt Donnelly go poiblí nach mbeadh córas na 'Donnelly Visas' riamh ann murach an t-ugach, an chomhairle, an treoir agus an t-eolas a thug Mike Joyce dó; tá Mike ar shlí na firinne anois le scór blianta.

Ar an drochuair tá na mílte Éireannach fós gan stádas dlíthiúil i Meiriceá agus an saol níos deacra ó tharla ionsaithe Mheán Fómhair 2001. Dúirt an tAthair John McCarthy i mBoston an tseachtain seo gur beag dóchais atá ann anois go ndéanfar aon bheart in Washington go gairid le faoiseamh a thabhairt do na himircigh seo. Dúirt an tAthair McCarthy, atá ina ionadaí ag Eaglais Chaitliceach na hÉireann i measc na n-imirceach thall, nach bhfuil mórán airde ar ábhar na himirce in Washington anois.

Tá an saol mórán mar a bhí sé ag go leor imirceach i Meiriceá 25 bliain ó shin; saol maith ar bhealaí go leor ach an éiginnteacht sa mullach orthu. Ach bhain obair Brian Donnelly an éiginnteacht sin as saol na mílte duine 25 bliain ó shin. Tá a gradam dlite go maith do Brian Donnelly.

Ach, faraor, tá fadhb na n-imirceach gan stádas i Meiriceá linn fós. Bhí Ciarán Ó Conghaile ar dhuine acu siúd a mhair agus a bhásaigh faoi scáth na faidhbe sin.

Ciarán Ó Conghaile (36) as Inis Meáin ó dhúchas, a dúnmharaíodh thall i mBostún ag tús mhí Dheireadh Fómhair

FOLÚNTAIS / SCÉIMEANNA

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Fáiltítear roimh iarratais ar na poist a leanas mar ollúna:

COLÁISTE AN GHNÓ, AN BHEARTAIS PHOIBLÍ AGUS AN DLÍ

Ollamh Pearsanta le Beartas Eacnamaíoch na hÉireann

COLÁISTE NA nDÁN, NA nEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

Ollamh Pearsanta le hEolaíocht Pholaitiúil agus Socheolaíocht – Beartas Poiblí

Ollamh Pearsanta le hEolaíocht Pholaitiúil agus Socheolaíocht – Obair Shóisialta

COLÁISTE AN LEIGHIS, AN ALTRANAIS AGUS NA nEOLAÍOCHTAÍ SLÁINTE

Ollamh Bunaithe le Cosliacht

Spriocdháta: 8 Nollaig, 2011

COLÁISTE NA hEOLAÍOCHTA

Ollamh Pearsanta le Micribhitheolaíocht

Ollamh Pearsanta le Bithcheimic

Spriocdháta: 15 Nollaig, 2011

Le tuilleadh eolais a fháil agus le hiarratas a dhéanamh, téigh chuig www.publicjobs.ie

publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh



www.oegalway.ie

GLAOCH AR IARRATAIS

SCÉIM NA FOILSITHEOIREACHTA 2012

Spriocdháta: Roimh 17:00, Dé Luain, **5 Nollaig 2011**.

TUILLEADH EOLAIS & FOIRMEACHA IARRATAIS

Foras na Gaeilge, Ráth Chairn, Baile Átha Buí, Co. na Mí
T: 046 943 0419 F: 046 943 0420
R: leabhar@forasnagaeilge.ie I: www.gaeilge.ie

GLAOCH AR IARRATAIS

SCÉIM NA dTIONSCADAL LITRÍOCHTA 2012

TUILLEADH EOLAIS & FOIRMEACHA IARRATAIS

Foras na Gaeilge, Ráth Chairn, Baile Átha Buí, Co. na Mí
T: 046 943 0419 F: 046 943 0420
R: leabhar@forasnagaeilge.ie I: www.gaeilge.ie



FOLÚNTAS

Is mian le Foras na Gaeilge an ceapachán a leanas a dhéanamh. Beidh an post lonnaithe i gCeannáras Fhoras na Gaeilge i mBaile Átha Cliath.

> Clárbhainisteoir: Airgeadas & Teicneolaíocht na Faisnéise (Tag CBATF/11/11)

Brúigh ***Folúntais*** ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge **www.gaeilge.ie** le gach eolas faoin bpost seo a fháil.

Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise. Is de réir fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas. Proficiency in the Irish language, both written and verbal, is an essential requirement for the above post.

FOIRM IARRATAIS & DEASCÁN EOLAIS
T: (003531) (01) 639 8434 R: poist@forasnagaeilge.ie
Nó is féidir scríobh chuig an seoladh thíosluaite agus an uimhir thagartha a lua.

SPRIOCDHÁTA
Ní mór cóip chrua shínithe d'fhoirmeacha comhlánaithe a bheith faighte ag an seoladh thíosluaite roimh 1.00 p.m. Dé hAoine, 02 Nollaig, 2011.

Poist, Foras na Gaeilge,
7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Craobh an Iarthair

Dáta: **Déardaoin, 24 Samhain 2011**
Am: **7:00 i.n.**
Léacht: **Seoladh DVD nua 'Cuireadh Chun Cainte'***

(Chomh maith le caint ar an gcúrsa nua Gaeilge don Ardteist (2012) le treoir phraiticiúil ar an mbéaltriail nua.)
le Lorcán Ó Treasaigh, Scrúdaitheoir Comhairleach

Ionad: **Ionad Oideachais na Gaillimhe, Cluain Mhuire, Wellpark, Co. na Gaillimhe**

*Treoir phraiticiúil ó Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus ó Chomhar na Múinteoirí Gaeilge atá sa chlár 'Cuireadh Chun Cainte,' atá curtha i láthair ag Marcus Lamb, dóibh siúd a bheidh ag tabhairt faoi Bhéaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta ó 2012 ar aghaidh.

Le tacaíocht ó

Foras na Gaeilge

An bhfuil folúntas agat?

Tóg fógra le Gaelscéal, lascaine le fáil ar leathanach folúntais.

Déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 nó fograi@gaelsceal.ie

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Conamara

Scoilt i bhfeachtas in aghaidh caomhnaithe de bharr roghnú toscaireachta go dtí an Dáil?

Máirtín Ó Catháin

CÉN fáth nach raibh Pádraig an Táilliúra - Pádraig Ó Conghaile - as Ros a' Mhíl, sa Dáil in éineacht le toscaireacht Chonamara a phléigh cúrsaí caomhnaithe agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAanna) leis an Aire Jimmy Deenihan an tseachtain seo caite?

Tá conspóid dá tarraingt ag an gceist sin. Is cosúil nach raibh a fhios ag Pádraig an Táilliúra go raibh an cruinniú ann beag ná mór nó gur airigh sé scéala ag dul amach ar Raidió na Gaeltachta an lá ina dhiaidh sin. Tá Pádraig an Táilliúra bainteach leis an bhfeachtas in aghaidh na SPAanna - "Caomhnú na nÉan" mar a thugtar air - ó thosaigh an ghníomaíocht seo i gConamara cupla mí ó shin. Tá roinnt ráitisí déanta ag Pádraig an Táilliúra faoi chruinniú na Dála ó shin agus é anmhíshásta.

Ach tá sé soiléirithe anois ag foinsí sa lárchoiste atá ag troid in aghaidh an chaomhnaithe SPA i gConamara - agus ceangail eile a bhaineann le caomhnú - nach bhfuil Pádraig ar an lárchoiste. Dúradar freisin nach bhfuil Pádraig bainteach le haon choiste ar leith, fiú agus go bhfuil sé páirteach san iarracht. Tá sé bhall ar an lárchoiste agus iad ina n-ionadaithe ag coistí éagsúla ar fud Chonamara.

Roghnaíodh an toscaireacht ag cruinniú den lár-choiste atá ag eagrú an fheachtais in aghaidh an chaomhnaithe. Dúirt foinsí sa lárchoiste nach raibh aon údar ann go gcuirfí Pádraig an Táilliúra ar an eolas faoi shocruithe a bhí dá ndéanamh le haghaidh an chruinnithe leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta Jimmy Deenihan. Chuir na baill a roghnaíodh le dhul chomh fada leis an Aire - Micheál Ó Cuirrín agus Micheál Ó Maoláin - scéala chuig Josie Conneely i mBaile Ac Conghaile faoin gcruinniú; bhí seisean bainteach leis an bhfeachtas i dtuaisceart Chonamara. Cuireadh scéala freisin chuig an gComhairleoir Contae Seán Ó Tuairisg; tá seisean ina chathaoirleach ar ghrúpa atá ag gníomhú ina cheantar féin.

Is é an Teachta Dála Seán Kyne a shocraigh an cruinniú leis an Aire. Ní raibh aon bhaint aigesean le roghnú na toscaireachta as Conamara. Tugadh liosta ainmneacha dó, a deir sé.

Nuair a chuaigh an toscaireacht isteach go seomra an chruinnithe i nDáil Éireann bhí ceathrar d'ionadaithe poiblí Fhine Gael i nGaillimh Thiar agus i gConamara ansin rompu - Seán Kyne, T.D., a d'eagraigh an cruinniú; an Seanadóir Fidelma Healy-Eames; an Comhairleoir Contae Seosamh Ó Laoi agus an Comhairleoir Contae Eileen Mannion. Dheimhnigh an Teachta Kyne gur thug sé cuireadh do lucht a pháirtí féin; thug sé cuireadh freisin d'Éamon Ó Cuív, T.D.

Bhí cruinniú ag an toscaireacht ina dhiaidh sin le triúr de bhaill Oireachtais Shinn Féin - an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh ina measc. Bhí Josie Conneely ina measc siúd a chas le dream Shinn Féin ach ní raibh an Comhairleoir Seán Ó Tuairisg ag an gcruinniú sin.

Tá go leor cainte tarraingthe ag eagrú an chruinnithe agus tuigtear go bhfuil Comhairleoirí Contae eile i gConamara bioránach faoi nach bhfuair siad féin cuireadh ann.

Idir an dá linn, is cosúil go bhfuil cuireadh pearsanta tugtha anois do Phádraig an Táilliúra chuig cruinniú leis an Aire Jimmy Deenihan leis na SPAanna agus an caomhnú a phlé. Tuigtear go bhfuil Pádraig an Táilliúra bainteach le heagrú cruinnithe phoiblí eile i Ros a' Mhíl san oíche Dé hAoine faoi chúrsaí caomhnaithe agus damhachanna séarachais.

Conamara

Leigheas ar fhadhbanna uisce – sa deireadh

Máirtín Ó Catháin

TUGANN an scéala go mbeifear sa tóir ar chonraitheoirí leis na píopaí a leagan i scéim réigiúnach uisce Chasla an chéad chomhartha soiléir go mbeidh an obair ag tosnú dáiríre gan mórán achair. Beifear sa tóir ar thairiscintí roimh dheireadh na míosa seo. Tá sé seo deimhnithe ag an Teachta Dála Seán Kyne. Is fada conspóid tarraingthe ag na córais soláthar uisce sa taobh ó dheas de Chonamara, go háirithe ar an gCeathrú Rua. Bhí feachtais ann ceathrú céid ó shin ag iarraidh go dtabharfaí soláthar uisce sa gceantar as foinse a mbeadh muinín as. Bhítí imníoch i gcónaí go dtarlódh truailliú de dheasca go raibh an fhoinse i Loch an Mhuilinn suite in áit íseal. Tá cuimse títhe tógtha sa gceantar le himeacht na mblianta agus ceapadh go raibh baol ann go ndéanfadh damha séarachais dochar don loch. Dúirt an Chomhairle Contae go minic go raibh samplaí tógtha acu féin in imeacht na mblianta agus go raibh an t-uisce ar chaighdeán sásúil. B'shin formhór an ama ach tharla drochsceitheadh as píopaí séarachais in aice an locha cúpla babhta.

Leagan na bpíopaí a bheas sa gcéad chuid den scéim nua uisce. Meastachán €4.5m atá curtha ag an gComhairle Contae ar an obair sin. Ach ní bheifear in ann an scéim a chur ag obair nó go mbeidh an t-ionad scagtha uisce déanta. Sin conradh de chineál eile.

Dúirt urlabhraí i gComhairle Contae na Gaillimhe go bhfuil níos mó moille agus dindiúirí ag baint leis sin.

Caithfidh conraitheoirí a bhfuil suim acu ann cruthúnas a chur ar fáil i dtosach go mbeidh siad in ann dearadh a dhéanamh ar an ionad scagtha gar do Loch Ghleannach Muirinn (foinse na scéime), go mbeidh siad in ann é a thógáil agus in ann é a choinneáil cóirithe ar feadh tuairim is 20 bliain. Tuairim €10m a chosnóidh an chuid sin den obair.

Bíonn an obair a bhaineann le tairiscintí a fháil isteach agus scagadh a dhéanamh orthu mall scaití. Is cinnte go mbeidh roinnt míonna ann sula gcuirfear meaisíní tochailte amach ag obair. D'fhéadfadh cuid mhaith de bhliain a bheith ann sular féidir chuile chuid den obair a thosnú.

Oíche ómóis do Shorcha Ní Ghuairim agus Seoladh Leabhar Phádraig Standúin

Áine Ní Chuaig

"Ba mhór an lán béil í Sorcha ina ham féin agus níl moladh dá mbeadh nach raibh tuillte aici."
- Seán 'ac Dhonncha

An scríbhneoir Pádraig Standún, sagart paróiste Charna.

Tá sé céad bliain ó rugadh an t-amhránaí sean-nóis Sorcha Ní Ghuairim agus is ina baile dúchais a dhéanfar ceiliúradh ina honóir ar an Aoine an 18 Samhain. Tá ionad Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i Roisín na Mainiach, Carna ainmnithe i gcuimhne ar an mbean léinn agus is ansin a bheidh an ceiliúradh ar siúl ar an Aoine beag seo.

Rugadh Sorcha sa bhliain 1911. D'fhás sí suas in Iorras Aithneach i gConamara, ceantar thar a bheith saibhir ó thaobh an traidisiúin de. Ba mhúinteoir, iriseoir agus léachtóir i gColáiste na Tríonóide í, arbh é mian a croí an Ghaeilge agus cultúr na Gaeltachta a chothú agus a chur chun cinn. Chaith sí tréimhse ina heagarthóir ar an 'Irish Press' agus bhí sí ina colúnaí do 'Scéala Éireann' faoin ainm cleite 'An Coisín Siúlach'. Bhí sí ar dhuine de na chéad fhonnadóirí a d'fhoilsigh ceirnín amhránaíochta sean-nóis, a taifeadadh i Meiriceá i 1945.

Bhí suim faoi leith ag Sorcha sa bhéaloideas agus mar chuid den cheiliúradh ar an Aoine, tabharfaidh an tOllamh Ríonach Uí Ógáin léargas ar shaol agus ar shaothar Shorcha. Chomh maith leis sin, beidh taispeántas dá saothar ó na nuachtáin 'An tÉireannach' agus 'Scéala Éireann' le feiceáil san Áras ar an oíche.

Mar chuid de cheiliúradh na hoíche, seolfar úrscéal nua de chuid Phádraig Standún. Is i gCaisleán an Bharraigh i gCo. Mhaigh Eo a rugadh Pádraig Standún sa bhliain 1946 agus tá cáil bainte amach aige mar scríbhneoir thar na blianta. Tá tréimhsí caite aige mar shagart sa Cheathrú Rua, in Árainn agus i dTuar Mhic Éadaigh, Co. Mhaigh Eo. Tá sé ina shagart paróiste i gCarna anois le bliain go leith.

Ag 7.00in, seolfaidh an t-iriseoir Bernie Ní Fhlatharta 'I gCóngar i gCéin', atá foilsithe ag Cló Iar Chonnachta. Tá an t-úrscéal nua lonnaithe i Veinéis, cathair rómánsúil na hIodáile. Sa leabhar insítear scéal Adrienne, an t-ealaíontóir óg a aistríonn go Veinéis tar éis dá pósadh cliseadh, áit a gcastar fear uirthi darb ainm Giorgio...

Leanfar ar aghaidh le hoíche mhór siamsaíochta le haíonna éagsúla i mbun scéalta, seanchais, foinn, filíochta, ceoil agus damhsa. Ina measc siúd, beidh an ceoltóir agus an cumadóir áitiúil Marcus Ó hIarnáin in éindí lena bheirt mhac, Proinsias agus Breandán, a bhain amach duaiseanna sa chomórtas damhsa ar an sean-nós ag Oireachtas na Samhna le déanaí. Cuirfear sólaistí ar fáil agus tá fáilte roimh chách.

Ardán na Samhna sa Spidéal

Áine Ní Chuaig

IS iad Fearghas Mac Lochlainn, Traolach Ó Conghaile agus Seán Ó Gráinne aoi-fhonnadóirí na míosa seo i dteach ósta an Tobair ar shráidbhaile an Spidéil.

Reáchtálfar Ardán sa seomra cúil ar an Aoine 18 Samhain ag 9.00in. Casfaidh siad ábhar a chum siad do chomórtais an Oireachtais, idir amhráin nua-chumtha, lúibíní agus amhráin saothair.

Is sraith oícheanta míosúla comhluadair agus ceoil atá i gceist le hArdán. Tugtar deis d'ealaíontóirí an fhéith chruthaitheach iontu féin a scaoileadh agus í a roinnt leis an bpobal. Is deis iontach atá ann do dhaoine nach bhfuil ábhar foilsithe acu fós nó atá ag iarraidh ábhar nua a thriail os comhair lucht éisteachta. Ní ghearrtar aon táille ar an doras do na hoícheanta seo.

Is í an t-amhránaí agus cumadóir Treasa Ní Cheannabháin a bheas ina bean an tí don ócáid agus is iad an grúpa Dordán aoi-cheoltóirí na míosa seo.

Deirtear gur éirigh thar cionn leis an maidhc oscailte an chéad uair an mhí seo caite. Beidh cuireadh arís ag lucht éisteachta na míosa seo píosa ceoil a sheinm, amhrán a rá, dán a aithris, agallamh beirte a dhéanamh nó taispeántas damhsa a chur i láthair.

Maigh Eo

Tacaíocht do chomhlachtaí beaga i Maigh Eo

Katie McGreal

TÁ Comhlacht Forbartha Iardheisceart Mhaigh Eo (South West Mayo Development Company) ag eagrú clinicí gnó sa chontae chun tacaíocht agus cabhair a thabhairt do chomhlachtaí beaga.

Beidh 40 nóiméad ag na comhlachtaí le saineolaí ar a réimse gnó ó 11rn-4in in oifigí an chomhlacht forbartha ar Shráid Sheoirse i mBaile Uí Fhiacháin an Satharn seo.

Chun clárú don chlinic, téigh i dteagmháil le Lorraine ag ltoner@southmayo.com nó 098 41950.

Ciorcal Comhrá

BEIDH Ciorcal Comhrá Gaeilge ar siúl i dteach ósta Matt Molloy i gCathair na Mart gach Céadaoin as seo amach, 8.30in-9.30in. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Bhrídín ag 094-9022444 / 087-9781166 nó ó eolas@conradhmhaigheo.ie

Clinicí Naíonraí le FNT i dTuaim

Áine Ní Chuaig

TÁ Forbairt Naíonraí Teoranta (FNT) ag eagrú sraith clinicí timpeall na tíre. Reáchtálfar chéad chlinic na scoilbhliana i mBrú Bhríde, Tuaim, Co. na Gaillimhe amárach, Déardaoin 17 Samhain.

Bunaíodh Forbairt Naíonraí Teoranta in 2003. Tacaíonn siad le seirbhísí, cúram agus oideachas trí Ghaeilge a chur chun cinn do pháistí ó aois an chliabháin ar aghaidh.

Amárach, beidh foireann FNT ar fáil idir 3.30in-6.00in i mBrú Bhríde le bualadh le pobal na naíonraí agus le pobal Gaeilge an cheantair. Tabharfaidh FNT cuairt ar maidin ar naíonraí an cheantair nach bhfuil de chumas orthu freastal ar an gclinic. Casfaidh siad le coistí cúram leanaí ina dhiaidh sin.

Is deis iontach atá anseo do thuismitheoirí agus do phobal na Gaeilge aithne níos fearr a chur ar FNT, le heolas a fháil ar obair na heagraíochta agus ar na naíonraí. Tá fáilte roimh an bpobal a theacht chun plé a dhéanamh ar cheisteanna agus ábhar ar bith a bhaineann leis an naíonra.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Forbairt Naíonraí Teoranta trí ghlaoch ar 01-8535101 nó ríomhphost a sheoladh chuig eolas@naionrai.ie

Ceardlann scríbhneoireachta i Sligeach

Anton Mac Cába

TÁ ceardlann scríbhneoireachta Gaeilge le bheith in eco-lóiste an Gyreum, Co. Shligigh, Dé Sathairn an 26 Samhain. Is iad an scríbhneoir Séamas Mac Annaidh agus an foilsitheoir Pádraig Ó Snodaigh a bheidh ina bhun. Tá spás ann do dhosaen.

Is é Glór Cluainín atá dá reachtáil, i gcomhar leis an Gyreum. Dúirt Rossa Ó Snodaigh ó Glór Cluainín gurb annamh a leithéidí de cheardlann bheith ar fáil sa cheantar. "Beidh fáilte roimh gach saghas scríbhneora," ar seisean.

"Leis, seo seans ag daoine aithne a chur ar an áit, mar ionad do scríbhneoirí." Súil aige go mbeidh an Gyreum ina Eanach Mhic Dheirg ag ealaíontóirí Gaeilge.

Beidh bia agus lóistín ar fáil saor in aisce, oícheanta Aoine agus Shathairn. Dúirt an Snodach gur a bhuíochas d'Foras na Gaeilge seo, as maoiniú a chur ar fáil.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach scairteadh ar Cholm Stapleton ag an Gyreum ar 071 9165994.

Tá an Gyreum in aice le Béal Átha na gCarraigíní. Tá Béal Átha na gCarraigíní ar an N4 idir Sligeach agus Baile Átha Cliath.

Tá an Gyreum féin dhá mhíle go leith soir ón mbaile.

COMÓRTAS

Tá cóip de 'I gCóngar i gCéin' le Pádraig Standún bronnta ag Cló-Iar Chonnachta ar GAELSCÉAL.

Chun d'ainm a chuir sa mhála mór, freagair an cheist thíos agus seol do fhreagra agus sonraí teagmhála chuig:

Comórtas Cló-Iar Chonnachta, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co. Na Gaillimhe. Ríomhphost: eolas@gaelsceal.ie

Ceist:
Cé'n nuachtán a bhfuil Bernie Ní Fhlatharta ina h-iriseoir leis?

Sprioc-am:
Dé Máirt 22 Samhain @ 12 meán lae

www.gaelsceal.ie

Bailiúchán Amhrán le Cathal McConnell le Seoladh i nGaillimh

Áine Ní Chuaig

'I have Travelled This Country' is ainm den bhailiúchán amhrán de chuid Chathail McConnell a sheolfar i dteach ósta an Crane i nGaillimh ar an Aoine bheag seo, 18 Samhain ag 9.00in.

Tá cáil dhomhanda ar Chathal McConnell - ceoltóir, amhránaí agus scéalaí den scoth, bunaitheoir an ghrúpa Boys of the Lough i 1967, agus fear grinn gan dabht! Bronnadh gradam ceoil TG4 Amhránaí na Bliana air anuraidh.

I dteannta McConnell sa Crane ar an Aoine, beidh an veidhleadóir clúiteach Gerry O'Connor ó Dhún Dealgan. Tá na blianta caite aige mar mhúinteoir ceoil agus i mbun taistil timpeall na cruinne mar bhall de na grúpaí Skylark agus Lá Lugh. Is é an boscadóir Martin Quinn as Deisceart Ard Mhacha an tríú ceoltóir a bheidh ar stáitse leo ar an oíche.

Cé go bhfuil cónaí ar Chathal McConnell i nDún Éideann na hAlban le blianta fada, is as Contae Fhear Manach ó dhúchas dó, ceantar atá thar a bheith saibhir le ceol agus amhránaíocht.

Téann traidisiún na fliútadóireachta siar ceithre ghlúin i dteaghlach McConnell. Phioc Cathal suas an uirlis nuair a bhí sé cúig bliana déag d'aois agus bhain sé Craobh na hÉireann den chéad uair nuair a bhí sé ocht mbliana déag.

Ach is ar na hamhráin thraidisiúnta atá an bhéim ar fad sa chnuasach seo. Tá na focail de 123 amhrán le fáil sa bhailiúchán luachmhar, atá curtha le chéile go paiteanta ag Gerry O'Connor agus curtha in eagar ag Síle Boylan. Tá DVD leis an leabhar freisin, ina bhfuil sé huaire an chloig d'ábhar fuaime.

Ní hamháin gur bailiúchán suimiúil atá ann do lucht an traidisiúin ach is acmhainn thar a bheith tábhachtach atá ann do mhic léinn ceoil agus amhránaíochta. Tá réamhrá breá sa leabhar, le léargas suimiúil faoi shaol agus clann cheolmhar Chathal McConnell. Tá cáil bainte amach ag a dheartháracha freisin mar amhránaithe agus cumadóirí. Sin iad Cormac, Seán agus Mickey.

Gerry O'Connor (ar chlé) agus Cathal McConnell (ar dheis).

Is tar éis turas ó Bhaile Átha Cliath go Cinn Mhara in 2008 a tháinig an smaoineamh chun cinn an bailiúchán seo a chur i dtoll a chéile.

Nuair a chan McConnell 29 amhrán ar an turas seo sa charr, cuid mhór acu nach raibh ar taifead roimhe seo, thuig Gerry O'Connor go raibh stór mór ag an bhfear seo nach bhféadfaí a ligean i léig. Shocraigh sé láithreach ar iarratas a dhéanamh ar dheontas ón gComairle Ealaíon chun dul ag obair ar an tionscnamh.

Déanfaidh sí oíche mhór ceoil, amhránaíochta agus scéalaíochta ar Bhóthar na Mara. Tá na ticéid don seoladh sa Crane le fáil ó www.thecranebar.com nó 091-587419 ar phraghas €15/€12.50.

Beidh an triúr le cloisteáil arís an oíche dar gcionn in ionad an Pillar House Live ar Shráid an Chumainn i mBéal Átha na Sluaighe Dé Sathairn, 19 Samhain ag 10.00in. Beidh an ócáid seo saor in aisce.

Is féidir *'I Have Travelled This Country'* a cheannach trí theagmháil a dhéanamh le Cathal ag an suíomh www.cathalmcconnell.com nó le Gerry ag an suíomh www.gerryoconnor.net

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

100 post do Dhún Dealgan

Colm Ó Broin

CRUTHÓIDH comhlacht Meiriceánach 100 post nua i nDún Dealgan idir seo agus 2014. Tá Prometric chun ionad seirbhísí forbartha tástála a bhunú sa bhaile agus tosóidh earcaíocht láithreach.

Fostaíonn an comhlacht 75 duine i mBaile Átha Cliath cheana féin.

Dúirt Prometric go mbeidh siad in ann obair a dhéanamh níos gaire dá gcuid custaiméirí agus seirbhís tástála a chur ar fáil nach mór 24 uair sa lá nuair a osclófar an t-ionad.

Forbraíonn Prometric tástálacha do chomhlachtaí agus eagraíochtaí san earnáil acadúil, chorparáideach, rialtais, sláinte agus eile.

Tá 15 post nua le cruthú i mBaile Átha Cliath chomh maith. Beidh na poist lonnaithe in ionad seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta atá an comhlacht bogearraí Meiriceánach LANDesk a oscailt.

Tá tacaíocht airgeadais tugtha ag an IDA do Prometric agus LANDesk.

Tá Dún Dealgan san iomaíocht do suas le 1,000 post eile atá mar chuid de phlean atá ag comhlacht Meiriceánach chun ionad glaonna a bhunú in Éirinn.

Idir an dá linn tá polaiteoirí agus an lucht gnó i Sord ag iarraidh ionad do chomhlachtaí Síneacha a bhunú sa bhruachbhaile. Táthar ag súil go gcruthófaí suas le 2,000 post má bheartaíonn comhlachtaí ón tSín oifigí a oscailt san ionad.

Tuilleadh cúitimh do bhainteoirí móna molta

Colm Ó Broin

TÁ feirmeoirí i mbolg na tíre ag lorg méadú suntasach ar chúiteamh do shrianta ar bhaint móna. Cuireadh cosc ar fheirmeoirí móin a bhaint ó 31 portach ardaithe timpeall na tíre i mí an Mheithimh faoi rialacha caomhnaithe nádúir an Aontais Eorpaigh.

Gheobhaidh na daoine a bhíodh ag baint móna ar an talamh cúiteamh ach níl na socruithe reatha sásúil de réir Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann.

Dar le Joe Parlon, Cathaoirleach Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann in Uíbh Fhailí, ba cheart an tréimhse chúitimh a leathnú ó 15 bliain go saolré an phortaigh.

Ag labhairt dó ag cruinniú d'fheirmeoirí i lár na tíre dúirt Parlon nach raibh sé inghlactha go gcuirfí teorainn 15 bliain ar an tréimhse chúitimh óir bheadh móin ag teastáil ar feadh i bhfad níos mó ama ná sin.

Dúirt sé freisin gur ceart an leibhéal cúitimh bliantúil a fhaigheann feirmeoirí a ardú ó €1,000 go €2,000.

Ní mór roghanna éagsúla a thabhairt d'fheirmeoirí, dar leis, idir athlonnú, cúiteamh ar feadh tréimhse níos faide nó móin a cheannach ar feadh shaolré an phortaigh.Mhol Parlon don rialtas measúnú a dhéanamh chomh luath agus is féidir ar 75 portach eile atá rangaithe mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha faoi láthair.

Má fhágtar an rangú mar atá cuirfear cosc ar bhaint móna iontu in 2014.

Co. Lú

Aighneas faoi dhumpa na hAbhann Báine

Colm Ó Broin

TÁ daoine áitiúla i mBaile Philib i gContae Lú ag beartú stop a chur le dumpáil i líonadh talún na hAbhann Báine mura réitítear fadhb le boladh ón áis.

Chuir daoine agus polaiteoirí áitiúla stop le trucail a bhí ag iarraidh drámhaíl a thabhairt go dtí an líonadh talún an tseachtain seo caite.

Ina measc bhí trucail de chuid Indaver le luaithreach ó loiscneoir an chomhlachta i mBaile Chearráin, Contae na Mí.

Bhí beirt Chomhairleoirí Contae i láthair ag an agóid, Colm Markey ó Fhine Gael agus Pearse McGeough ó Shinn Féin.

Bhí Gardaí mar aon le hoifigigh ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i láthair ag an agóid ach níor gabhadh éinne.

Tá geallúint tugtha ag Comhairle Contae Lú go réiteofar fadhb le boladh bréan ón ndumpa ach tá rabhadh tugtha ag áitritheoirí go gcuirfear an picéad ar bun arís muna ndéantar beart de réir briathair. De bharr gheallúintí na comhairle ní raibh agóid an tseachtain seo agus cuireadh luaithreach ón loiscneoir isteach sa líonadh talún Dé Luain.

Tá fadhb le boladh ón líonadh talún le roinnt blianta ach de réir na n-agóidithe d'éirigh sé níos measa thart ar mhí ó shin.

Tá imní orthu freisin faoin luaithreach ó loiscneoir Indaver, ach deir an comhlacht nach bhfuil sé nimhneach.

Thosaigh loiscneoir Indaver ag dó bruscair i mí Mheán Fómhair. Theip ar fheachtas áitiúil a bhí ar bun le níos mó ná deich mbliana stop a chur le hoscailt an loiscneora. Tá Indaver ag lorg méadú ar uaireanta oibre an loiscneora agus an méid dramhaíola a dhóitear ann.

BÁC

Léacht ar scríbhneoireacht agus oileáin

Katie McGreal

TAbharfaidh príomhfheidhmeannach Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Dónall Ó Braonáin, léacht in Áras Fhoras na Gaeilge ar Chearnóg Mhuirfean ar an Déardaoin seo ag 7.30in. 'Oileáin, strainséirí agus scríbhneoirí' is ainm don leacht.

Scrúdóidh Ó Braonáin an chaoi a samhlaítear agus a múnlaítear tuiscintí ar oileáin, oileánaigh agus saol na n-oileán sa litríocht. Beidh JM Synge, Robin Flower, Mártan Ó Domhnaill, Peadar Ó Con Cheanainn agus Tim Robinson i measc na scríbhneoirí a phléifidh sé agus déanfaidh sé cás oileáin Árann a scrúdú go sonrach. Tá an léacht á reáchtáil ag Craobh na hÉireann den Chomhdháil Cheilteach agus tá sé ar siúl i gcuimhne d'Eibhlín Ní Chatailriabhaigh. Rugadh Eibhlín 100 bliain ó shin i mbliana agus d'oibrigh sí ar son na Gaeilge le linn a saoil trí roinnt eagraíochtaí éagsúla, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Cairde na Cruite agus Conradh na Gaeilge san áireamh. Beidh deis ag an lucht éisteachta ceisteanna a chur agus roinnt plé a dhéanamh le Ó Braonáin. Tá cead isteach saor in aisce agus tá fáilte roimh chách. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó eolas@ccheilteach.ie nó 087 2939512.



Dún Deaglan

Aitheantas tugtha do Thomás Mac Anna

Katie McGreal

TÁ lucht Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan i ndiaidh amharclann na hInstitiúide a thiomnú do Thomás Mac Anna. Ainm na hamharclainne anois ná Amharclann Mhic Anna.

B'fhear ó Dhún Dealgan é Tomás Mac Anna a fuair bás níos luaithe i mbliana agus é seacht mbliana le cois na gceithre scór.

Buaiteoir Gradam Tony a bhí ann agus bhí sé ina stiúrthóir ealaíne ar Amharclann na Mainistreach agus d'oibrigh sé i róil éagsúla in Amharclann Náisiúnta na hÉireann ó na 1940í go dtí na 1990í, ag tosú in 1947. Stiúir sé roinnt drámaí clasaiceacha freisin, Tarry Flynn, The Loves of Cass McGuire, Borstal Boy, The Shadow of a Gunman agus The Playboy of the Western World san áireamh, agus 12 dráma Gaeilge a scríobh sé féin. Bhí sé mar dhearthóir seite ar roinnt léiriúchán freisin.

Dúirt Mac Anna in agallamh leis an léachtóir le Léann na hAmharclannaíochta san Institiúid in 1998, an Dr Fiona Fearon, "Bhí sé thar am amharclann nua-aimseartha a bheith ag Dún Dealgan".

"Tá áthas orainn an amharclann a thiomnú don Uasal Mac Anna, a choinnigh suim mhór i nDún Dealgan cibé áit a raibh sé le linn a ghairmréime," a deir an Dr Fearon.

Beidh Dancing at Lughnasa le Brian Friel á léiriú ar stáitse ag mic léinn an BA in Ealaíona Taibhiúcháin (Aisteoireacht) ó 23-26 Samhain, an chéad dráma atá á léiriú in Amharclann Mhic Anna. Tá costas €8 (lamháltais €4) ar thicéid agus tá siad ar fáil ó Mary McKenna ar 042 9370293 nó mary.mckenna@dkit.ie



Sa phictiúr tá, ó chlé, Aindriú Ó Faoláin agus Eoin Ó Murchú ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ag glacadh le Corn Gael Linn/The Irish Times ó Phríomhfheidhmeannach Gael Linn, Antoine Ó Coileáin, tar éis a mbua ag an gcomórtas díospóireachta a reáchtáil Gael Linn do mhic léinn tríú leibhéil le linn Oireachtas na Gaeilge i gCill Airne.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 16 Samhain, 2011

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Corca Dhuibhne

Scrogall TV, bliain d'aois

Breandán Mac Gearailt

IS ag dul i bhfaid atá scrogall na háise teilifíse Scrogall TV atá ag ceiliúradh bhliain a bhunaithe sa Daingean fé láthair.

Daryl Broe, Baile Átha Cliathach, go bhfuil blianta caite aige i gCorca Dhuibhne, a chéad-chuimhnigh ar an tseirbhís seo.

Mar thús bhí cruinniú poiblí ann leis an bpobal a chur ar an eolas agus éisteacht lena dtuairimí. Ó Bhealtaine seo caite tá clár míosúil le hiliomad míreanna á chur amach ag Scrogall, ach tá sé i gceist acu míreanna nuachta seachtainiúla a bheith acu go luath nuair a bheidh daoine eile oilte don obair. I ráiteas deir Scrogall TV go bhfuil baisteadh urláir curtha i gcrích le déanaí acu, mar gur 'Súil Dhuibhneach' atá baiste ar an tseirbhís anois acu.

Dar le Daryl go bhfuil an stáisiún ag forbairt smaointe agus tionscadail nua an t-am ar fad agus ar na tionscadail a bheidh idir lámha ag Scrogall ar ball tá clár stúideo a thaifeadadh beo le lucht féachana agus aíonna fé leith chun ábhar atá i mbéal an phobail a chíoradh. Tá sé i gceist ag an stáisiún chomh maith taifeadadh beo a dhéanamh ar chluichí spóirt timpeall na leithinse. Cinnte beidh daoine ana-shásta leis na beartais sin. Is í tuairim na coitiantachta go bhfuil na láithreoirí Daire Ní Bhric, Sláine Ní Chathalláin agus Eva Ní Shúilleabháin thar barr. Seans go mbeidh iar-laithreoir Trish Hendricks ag seoladh scéalta ón Astráil. Chuaigh síanonn le déanaí.

Cuid des na míreanna san eagrán reatha ná agallamh le Muiris Feirtéar atá ag roinnt a thaithí tógála le daoine a fágadh gan dídean i Háití níos luaithe i mbliana. Labhrann Eva leis na ceoltoirí sa bhanna 'She is a Beauty', a bhí sa Daingean le déanaí agus tá mír ann fé sheachtain na marbh.

Cinnte tá Daryl Broe agus a chairde lán de mhisneach agus de mhuinín.

Is obair dheonach ar fad atá i gceist. Rud é sin a thuilleann meas an phobail, go mór mhór i saol lucht na ngearán agus an chanráin.

An mbeidh Súil Dhuibhneach chomh géar le súil 'An Sciobairín Eagle'? "Beidh," arsa fear cliste ó Fhionntrá, "mar tá Scrogall lán d'eolas breá fada, rud ná raibh ag an 'bhFiolar'."

Má tá aon cheist ag aon duine, nó moladh, is féidir dul i dteagmháil le scrogalltv@gmail.com, ag 0857525064, nó bualadh isteach chucu i Stiúideo Chúilín sa Daingean. Is féidir teacht ar an ábhar is déanaí ar an idirlíon ag www.scrogalltv.org nó ar youtube.

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Mallachtaí a chaitheamh ar an bhFéile 'Beag' Filíochta!

Má chuireann duine mallacht ná fuil tuillte, is gnáthach gur ar an nduine féin a thiteann an mhallacht.

Sin nuacht a bhí ag an Dr. Pádraig Ó hÉalaí agus é ag seoladh na Féile 'Beag' Filíochta ar an mBuailtín an Aoine seo caite.

Thug Pádraig scata samplaí de mhallachtaí agus dar leis gurbh í mallacht na baintrí ba ghnáthaí go gcloistí fúithi, ach tá agus bhí Mallacht an tSagairt agus fiú an Phápa a dúirt duine don lucht éisteachta. Bhí, dúradh, an-eagla ar dhaoine go léifí Salm na Mallacht ortha.

Nílim cinnte, ach measaim go ndúradh go dtuigtí gur sagairt ba ghnáthaí údair na mallacht san. Dar le duine eile go raibh an tuiscint ann dá léifeadh an sagart an Salm ar dhuine go bhféadfadh sé 'gabhar' a dhéanamh dó! Is as sin a shíolraigh an nath, 'dhein sé gabhar dó.'

D'éirigh le Pádraig ábhar a d'fhéadfadh a bheith dochma trom a bheith lán de spórt agus sásamh.

Meadhbh Ní Bheaglaíoch agus a hathair Séamus ag glacadh páirte i gclár beo de chuid RTÉ Raidió na Gaeltachta le linn Oireachtas na Samhna i gCill Airne.

Mhol an cathaoirleach deisbhéalach don ócáid, Dónall Mac 'n tSíthigh, Pádraig as feabhas a léachta.

Bhí Louis de Paor ar a thriail ar an Satharn nuair a bhí dhá cheardlann dhá uair an chloig aige. Ba léir óna gcuala gur bhain 'na filí' ana-shásamh as a chuid oibre.

Chuir Louis Ó Maolchatha, file cumasach i nGaolainn is i mBéarla, láthair thaithneamhach, 'Club na Féile', ar fáil do lucht amhrán, dánta, scéalaíochta, próis agus ceoil oíche Dé hAoine agus Dé Sathairn ó Thig 'n Tobair ar an mBuailtín.

Bhí an ceoltóir agus amhránaí, Máire Ní Bheaglaoi, ann oíche Dé hAoine agus í lán de sprid. Máirín Feirtéar a bhí sa chathaoir ar an ócáid. Is é Louis a chéadchuimhnigh ar an bhFéile seo anuiridh.

Níl aon teora leis an moladh atá tuillte aige dar leis an bhfile Pádraig de Buis, as an slacht atá curtha aige ar an bhFéile agus as an mórfhreastal a bhí air i mbliana. Bhí an bhean éachtach Nuala Ní Dhómhnaill i láthair agus sheol sí an dara leabhar filíochta de chuid Pheadair Uí Ualaigh. Bhí Nuala an- mholtach ar shaothar Pheadair.

Béarla 'díbeartha' ón Oireachtas

MAR a dúras an lá cheana b'iontach mar a bhí an tOireachtas i mbliana. Ba léir go raibh pé Béarla a bhí ann anuiridh, go mór mhór i measc daoine óga, díbeartha. Is beag in aon chor Béarla a bhí le clos.

Bhí dream beag ban scothaosta agus cúpla cailín ag spalpadh ach tharlódh gur ó áiteanna lasmuigh den nGaeltacht iad siúd ach go raibh duine acu seans ag glacadh páirte, mar shampla sa Rince ar an Sean-Nós.

Ní hé go raibh scata mór Béarla ann anuiridh, ach bhí an-fheabhas sa réimse tábhachtach san den bhFéile an babhta seo.

Bhí gloiní briste ar fuaid na háite ar maidin Dé Domhnaigh ach is baolach nach mór-ól ná dramhlás ba chúis leis sin ar fad, ach go raibh an brú daoine chomh mór sin gur leagadh mórán gloiní tré thionóiscí.

Mholfainn go mbeadh lucht maoirseoireachta na ndoirse agus smachta, ar dualgas faid is bheadh aon duine ag airneán sna hóstáin.

I gcás cuid des na comórtais ba chóir go mbeadh laghdú airgid beag ar na mórdhuaiseanna agus go mbeadh duais nó dhó aitheantais i gcomórtaisí mar an rince ar an sean-nós. Cinnte bheadh sé inmholta mar shampla san a dhéanamh i gcás an chailín ó Phoblacht na Seice agus an tsárfhir ón Afraic.

Bhíodar ar fheabhas. Dar liom go raibh cailín ó Shligeach agus cailín ó Chorca Dhuibhne sa bhád céanna. Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt i gcásanna mar seo.

Níor cheart d'aon duine go bhfuil

baint aige mar shampla le hamhránaíocht sna comórtaisí a bheith ag moltóireacht an bhliain chéanna. Ba cheart cinnte a dhéanamh de go mbeadh moltóirí ón dTuaisceart, ón nDeisceart agus ón Iarthar ar gach comórtas más féidir. Ba cheart, leis, cóip den amhrán a chanfadh gach duine a bheith ar fáil dos na moltóirí.

Ní mór a thuiscint go bhfuil moltóirí daonna agus gur anadheacair cinneadh 'ceart' a dhéanamh coitianta. Ní ró-mhinic a tharlaíonn, ach bíonn cinntí ar sceamhadh uaireanta. Ba cheart go mbeadh mar shampla ana-thuiscint ag moltoirí na n-amhrán ar sheannós gach cúige.

Thugas fé ndeara i mbliana go mbíonn roinnt des na rinceoirí crapaithe coitianta agus iad ag féachaint le haoibhneas ar a gcosa ceolmhara.

Ba bhreá an rinceoir Pádraig Bradley, trócaire air, fear a bhí ar leathláimh. Is léir go mbíonn daoine fós ag baint adhmaid as a chumas rince agus mar a luascadh sé a lámh go seolta.

Tá rinceoirí a bhíonn ag luascadh lámh amháin fós agus is léir, ní foláir, nach dtuigeann siad go raibh an fear groí geanúil ar leathláimh.

Tá a bhfuil luaite agam bunaithe ar a gcuala ó go leor daoine i rith ard-Fhéile.

Múscraí

Conradh €0.5m sínithe do thithe na sinsear i mBaile Bhúirne

Seán Ó Loingsigh

TÁ conradh tógála sínithe go foirmiúil chun tithe sóisialta dos na sinsir a thógaint le hais Ionad Lae Bhaile Bhúirne.

Tá cúig thigh á dtógaint ar shuíomh a chuir Comhairle Contae Chorcaí ar fáil laistiar d'Ionad Sláinte Bhaile Bhúirne agus tá plean ann chun ceithre cinn eile a chur leis an bhforbairt amach anseo.

In Ionad Lae Bhaile Bhúirne an tseachtain seo caite shínigh ionadaithe ón eagraíocht dheonach Comhlacht Thithe Sóisialta agus Forbairt an tSuláin conradh de luach €450,000 leis an gconraitheoir tógála, Dónal Ó Ríordáin, agus leis na hailtirí, Patrick A Cullinane Architects, chun cúig cinn des na tithe a thógaint.

Tithe dhá sheomra leapan atá i gceist sa bhforbairt agus beifear in ann lóistín lárnach a chur ar fáil iontu do suas le deichniúr den phobal sinsearach i nGaeltacht Mhúscraí.

Is í seo an tríú forbairt tithíochta atá curtha chun cinn i nGaeltacht Mhúscraí ag Comhlacht Thithe Sóisialta agus Forbairt an tSuláin ó bunaíodh an eagraíocht dheonach i 1999 chun áiseanna agus seirbhísí a chur ar fáil do shinsir an cheantair.

Tá Ionad Lae agus naoi dtigh shóisialta tógtha ag an eagraíocht i gCill na Martra chomh maith le cúig thigh i gCúil Aodha ar chostas iomlán de €1.9 milliún.

Cuireadh forbairt Ionad Lae Bhaile Bhúirne i gcrích anuraidh ar chostas €550,000, rud a chiallaíonn go bhfuil €3 mhilliún caite ar a gcuid forbairtí dos na sinsir, ag cur an tionscadail is déanaí san áireamh.

Cé gur cuireadh deontais ar fáil cheana maidir le tioncadail an Chomhlachta Tithe níl aon mhaoiniú airgid fós curtha ar fáil ag aon eagraíocht stáit maidir leis an bhforbairt tithíochta atá ar bun fé láthair.

Tá an suíomh le haghaidh na dtithe i mBaile Bhúirne curtha ar fáil ag Comhairle Contae Chorcaí ar phraghas euro amháin.

Dhíol an Chomhairle Contae an suíomh 0.12 acra ar a bhfuil an tIonad Lae leis an gComhlacht Tithe anuraidh ar chostas €5,000.

Meastar go dtógfaidh sé suas le hocht mí an fhorbairt tithíochta i mBaile Bhúirne a chur i gcrích. Ciallóidh sé go mbeidh na sinsir a bheidh ina gcónaí sna tithe ina ann freastal gan dua ar an Ionad Lae béal dorais, mar a bhfuil béilí, áiseanna caithimh aimsire agus seirbhísí ar fáil, agus go mbeidh siad i ngiorracht chomh maith don Ionad Sláinte ar an láthair chéanna.

Na Déise

Imeachtaí i nGaeltacht na Rinne

BEIDH cruinniú poiblí ar siúl i Halla Pobail na Rinne an Déardaoin seo ag 7in chun an pobal a chur ar an eolas maidir leis an obair atá ar siúl ag Comhlacht Forbartha na nDéise. Roimh an gcruinniú sin, ó 5.30in ar aghaidh, beidh daoine ábalta clárú do ranganna rince ghaelaigh, aonarach agus céilí. Beidh siad ar siúl gach Déardaoin ag tosú ag 5in.

Beidh seimineár poiblí ar siúl ar an gCéadaoin, 23 Samhain in Óstán na Páirce i nDún Garbhán ó 7.30in chun 'An Ghaeilge i do Cheantar: Do Phobal, Do Theanga, Do Rogha' a phlé. Cuirfear an pobal ar an eolas faoi spriocanna na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge.

Beidh roinnt imeachtaí éagsúla eile ann: taispeántais de ghrianghraif, léachtaí, taispeántas de sheantrealamh feirme agus neart eile sa Seanphobal ar an Satharn 26 Samhain ó 1.30 - 5.30in agus tá fáilte roimh chách.

Bíonn ciorcal comhrá ar siúl i dTigh Mooney sa Rinn gach oíche Dé Máirt ag 7in agus gach Céadaoin. Bíonn Slimathon ar siúl i dTigh Uí Mhuirithe, Heilbhic. Tá costas €5 ar an Slimathon.

Buaileann an grúpa Spraoi do thuismitheoirí agus leanaí le chéile gach Aoine ó 9.45-11.45rn i Halla Pobail na Rinne agus tá fáilte roimh chách.

Táthar ag súil go mbeidh seirbhís i nGaeilge ar fáil uair amháin sa tseachtain i Stáisiún na nGardaí sa Rinn go luath.

ULAIDH NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Na Rosa

Ní 'Loyalist Band' sinn a deir lucht fliúite an Mhullaigh Dhuibh

Anton Mac Cába

TÁ Banna Fliúite an Mhullaigh Dhuibh i Rosa Thír Chonaill cinnte nach banna dílseach iad.

Ainmníodh an banna mar bhanna dílseach ar an suíomh 'Loyalist Band News'. I measc na mbannaí eile a ainmnítear ar an suíomh tá an 'Bridgetown No Surrender', 'East End Protestant Defenders', agus 'Lambeg Orange and Blue'. Dúirt Gavin Boyle, stiúrthóir ceoil Bhanna an Mhullaigh Dhuibh, go raibh sé chun dul i dteagmháil leis an suíomh. Iarrfaidh sé ar riarthóir an tsuímh ainm an bhanna a bhaint anuas. "Tá sé breá simplí - ní banna dílseach sinn," ar seisean.

Mar sin féin, níl lucht an tsuímh dall ar an chultúr Gaelach. Tá 'Faugh a Ballagh' mar mhana acu ag barr an chéad leathanaigh.

Gaoth Dobhair

Leachtaitheoir le ceapadh ar an chomhlacht Ó Dochartaigh Hardware

Anton Mac Cába

D'ORDAIGH an Ard-Chúirt go gceapfaí leachtaitheoir ar an chomhlacht Ó Dochartaigh Hardware. Bhí siopa ag an chomhlacht ar na Doirí Beaga. Druideadh sin coicís ó shin.

Ba ar iarratas Ard-Bhailitheoir Cánach agus Custaim na hÉireann a ceapadh Bernard Joseph McDaid mar leachtaitheoir. Tá seoladh ag McDaid i mBealach Féich.

Is iad stiúrthóirí Ó Dochartaigh Hardware ná Martin agus Dorena Doherty, a bhfuil seoladh ar an Bhun Bheag acu. Tuigtear gur géarchéim thionscal na tógála ba chúis le teip an chomhlachta.

Seirbhís dlí as Gaeilge – saor in aisce!

Danny Brown

THOSAIGH seirbhís úr dlí ar na Doirí Beaga i nGaoth Dobhair ag deireadh na seachtaine seo a chuaigh thart.

I gcomhar le Conradh na Gaeilge, Guth na Gaeltachta agus Free Legal Advice Centres (FLAC), bhunaigh Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair seirbhís saor-chomhairle dlí as Gaeilge do dhuine ar bith a mbeidh an tseirbhís de dhíth orthu.

Dúirt Eibhlín Ní Dhochartaigh as FLAC, a bheas ag cur na seirbhíse ar fáil, "Is cúis mhór áthais dom é go bhfuil an tSeirbhís Saor-Chomhairle Dlí Náisiúnta á leathnú ag Conradh na Gaeilge go Gaeltacht Chúige Uladh leis an ionad úr seo sa Chrannóg gach mí." Bhí an tseirbhís le bheith ar fáil don phobal i gcoitinne ar an dara Satharn de gach mí sa Chrannóg idir 2.00in agus 4.00in ach de thairbhe go raibh ráchairt mhór uirthi, tá cinneadh déanta ag FLAC go mbeidh sí ar siúl gach coicís ag an am céanna.

Mhínigh EibhlínNí Dhochartaigh gur tiomnaí is mó a bhí á bplé ag daoine ag an chéad seisiún.

Dúirt sí fosta gur cuid de phróiseas a bhí ann an Ghaeilge a leathnú amach sa chóras dlí, rud a bhí iontach tábhachtach agus a bhí lárnach do straitéis ar bith leis an teanga a láidriú go ginearálta.

Doire Cholm Cille

Léacht ar an Ghaeilge

Katie McGreal

BEIDH léacht ar an Ghaeilge leis an ealaíontóir áitiúil Seoirse Ó Dochartaigh ar siúl in Iarsmalann an Túir i nDoire Déardaoin, 17ú Samhain ar 7.00in. Is é teideal na léachta ná 'Turas Teanga na Gaeilge'.

Is ealaíontóir, ceoltóir agus taighdeoir é Seoirse de bhunadh Dhíseart Eiginigh in Inis Eoghain, Contae Dhún na nGall. Gaeilgeoir líofa atá ann a bhfuil albaim iomráiteacha cheoil taifeadta aige agus a bhfuil ceol a chum sé féin le cluinstin orthu. Sa bhliain 2008 d'fhoilsigh sé a chéad leabhar 'Seacht Sliocht Uí Dhochartaigh Inis Eoghain'. Tá an léacht seo mar chuid de shraith léachtaí dar teideal 'Glórtha na nOileán'. Tá siad á neagrú ag Seirbhís Oidhreachta agus Iarsmalann Chomhairle Cathrach Dhoire i gcomhar le hOifigeach Gaeilge na Comhairle Cathrach.

Tríd an tsraith seo, táthar ag súil leis na teangacha áitiúla - an Béarla, an Ghaeilge agus Albainis Uladh - a thaiscéaladh agus a chíoradh i gcomhthéacs a dtionchair ar ár bhféiniúlachtaí éagsúla.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Iarsmalann an Túir ar 048/028 7137 2411 nó ó museums@derrycity.gov.uk.

Triúr a rinne an cúrsa Cumarsaid trí Ghaeilge, Leibhéal a 3 FETAC, in Ionad Oideachais Aosaigh Ghort an Choirce. Ba Choiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall a chuir na ranganna ar fáil mar chuid den togra Breacadh a chuireann ranganna i léamh agus scríobh na Gaeilge ar fáil do chainteoirí dúchais. Ó chlé: Máire Mhic Pháidín, Mícheál Ó Colla agus Síle Uí Fhearraigh i gcuideachta Barry O'Neill, Cathaoirleach Choiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 16 Samhain, 2011

Dún na nGall ag seasamh an fhóid i gcoinne táillí tí!

Anton Mac Cába

TÁ Dún na nGall ar cheann de na contaetha is láidre sa bhfeachtas in éadan táillí tí, uisce agus dabhcha séarachais. Tá thart ar dhosaen grúpa gníomhacha ina gcoinne.

An mhí seo caite, bhí 200 i láthair ag cruinniú i nDobhair. Labhair Joe Higgins TD ón bPáirtí Sóisialach agus Tommy Pringle, TD áitiúil. Bunaíodh grúpa nua aréir ar an Chlochán Liath. Tá plean le leathnú amach go tír mhór na hÉireann. Tá grúpa le bunú istigh in Árainn Mhór.

Dúirt Míchéal Choilm Mac Giolla Easpuig go bhfuil idir 20 - ar a mhéad - agus ceathrar nó cúigear sna grúpaí. Tá rún acu cruinnithe poiblí, agóidí, agus easumhlaíocht shibhialta a eagrú. Dar leis, is maith an rud é go bhfuil TD áitiúil ag tabhairt tacaíochta, ach is é "an gnáthdhuine atá á throid seo."

Tá daoine nach raibh riamh bainteach le hagóidí ag glacadh páirte. Tháinig bean ó Leifear chuig cruinniú ina haonar. Anois, tugann sí scór léi chuig na cruinnithe i Leitir Ceanainn.

Tá áit ag an Ghaeilge sa bhfeachtas. Tá an nuachtlitir dátheangach.

Tá dóchas ag Mac Giolla Easbuig. "Tá muintir na tíre ag dul a bhaint seo," ar seisean. "Tá feachtas fada le bheith anseo. Beidh sé cúpla bliain."

An tAire Stáit Gaeltachta, Dinny McGinley, ag seoladh 'Enjoy Irish', feidhmchlár (app) nua d'fhoghlaimeoirí Gaeilge, in éindí le daltaí ó Choláiste na Carraige agus a múinteoir Gaeilge, Colette McDevitt. Ar clé tá Siobhán Ní Churraighín, Oideas Gael.

Dinny McGinley, TD, Aire Stáit Gnóthaí Gaeltachta i rialtas na hÉireann, an tAire Carál Ní Chuilín, CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta i bhFeidhmeannas Thuaisceart Éireann, agus an tAire Alasdair Allan, BPA, Aire Foghlama agus Scileanna (atá freagrach as Gaeilge na hAlban agus an Albainis) i bParlaimint na hAlban ag seoladh an tsuíomh úr idirlín Slí Cholm Cille i nGaoth Dobhair. [PIC: TOMÁS Ó CUIREAIN]

Margaret Ferry (ar dheis) le foireann agus cliaint na seirbhíse aitheantais i gceantar an Fháil Charraigh ag ócáid i nGaoth Dobhair ag an deireadh seachtaine le ceiliúradh a dhéanamh ar Margaret a bheith ag dul ar scor.
PIC: EOIN MCGARVEY

Tá bata agus bóthar tugtha ag bainisteoir fhoireann Dhún na nGall, Jim McGuinness, do Kevin Cassidy de dheasca an ailt a scríobh sé sa leabhar "This is Our Year" a seoladh i dTeach Mhicí i nDoirí Beaga. Sa phictiúr tá Kevin Cassidy agus a bhean chéile, Sara, Declan Bogue, údar an leabhair, a pháirtí, Ciara Daly, agus Joe Brolly a bhí mar aoi speisialta ag an seoladh.
[PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN].

Comhairle na Breataine-na hÉireann i nGaoth Dobhair

Danny Brown

REÁCHTÁIL Comhairle na Breataine-na hÉireann, a bunaíodh faoin gComhaontú a rinneadh i mBéal Feirste Aoine an Chéasta 1998, cruinniú Aireachta Dé hAoine na seachtaine seo a chuaigh thart in Óstán na Cúirte, Gaoth Dobhair.

Ba é sin an dara cruinniú Aireachta a thionóil Grúpa na dTeangacha Dúchasacha, Mionlaigh agus Neamhfhorleathana. Bhí Leighton Andrews AM, Aire Oideachais agus Scileanna Rialtas na Breataine Bige, ina chathaoirleach ar an chruinniú.

Rinne an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, TD don cheantar áitiúil, ionadaíocht thar ceann Rialtas na hÉireann agus chuir sé fáilte roimh na toscairí ag an chruinniú.

Ba é Alasdair Allan MSP, an tAire Foghlama agus Scileanna, ionadaí Rialtas na hAlban. Bhí Carál Ní Chuilín MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, agus an tAire Sóisearach Jonathan Bell MLA ina n-ionadaithe do Thuaisceart Éireann. Ba é an Teachta Michael O'Hara, Aire, An Roinn Cultúir agus Fóillíochta, ionadaí Gheansaí, ba é Mario Lundy, Stiúrthóir Oideachais, ionadaí Gheirsí agus ba é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin sa Roinn Oideachais agus Leanaí, Stuart Dobson, ionadaí Mhanann.

Bhí Hugo Swire MP, Aire Stáit do Thuaisceart Éireann, mar ionadaí do Rialtas na Ríochta Aontaithe.

Phléigh na hionadaithe dhá pháipéar a ullmhaíodh don tionól - Teanga agus Cultúr a chur chun cinn i measc Pobal a Labhraíonn Teangacha Mionlaigh, agus an dara ceann, Tuairisc Chun Dáta ar Ghníomhaíochtaí agus Moltaí faoi Chlár Oibre na Todhchaí.

Ag an am céanna go raibh an tionól ag dul ar aghaidh, bhí fóram in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i nGaoth Dobhair d'eagraíochtaí óige agus cultúir as ceantair ina bhfuil teangacha mionlaigh á labhairt san Eoraip.

Phléigh siadsan na deacrachtaí agus na deiseanna atá ag baint le mionteanga a chur chun cinn.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Ardteistiméireacht 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Béaltriail 2012
Cuid 1: Mise - M'áit dhúchais - Mo Chlann

Cad is ainm duit?

_____ is ainm dom.

Cén aois tú?

Táim seacht/ocht mbliana déag d'aois.
Rugadh mé sa bhliain míle naoi gcéad ochtó/nócha ____.

Cá bhfuil cónaí ort?

Tá cónaí orm (táim i mo chónaí) i _____

Cad as duit?

As _____ dom.

Cén sórt áite/ceantair í sin?

Is áit/ceantar álainn é. Is bruachbhaile/baile mór/sráidbhaile é. Taitníonn sé go mór liom. Tá a lán áiseanna ann.
Tá ionad siopadóireachta ann, tá pictiúrlann ann, tá bialann ann, tá ollmhargadh ann, tá linn snámha ann, tá clubanna spóirt ann, tá siopaí, leabharlann, scoileanna agus dioscó ann. Tá caisleán stairiúil ann a tógadh sa bhliain 1269. Tagann a lán daoine go dtí mo cheantar dúchais.

An bhfuil dearthaireacha agus deirfiúracha agat?

Tá _____ dearthair agam agus tá _____ deirfiúr agam.
Is mise an duine is óige/is sine/ sa chlann/Tá mé sa lár. Is páiste aonair mé.

Cé mhéad ar fad atá i do chlann?

Tá _____ ar fad i mo chlann.

AN SCOIL

Cá bhfuil tú ag dul ar scoil?

Táim ag freastal ar _____.
An bhliain seo caite bhí mé ag freastal ar _____.
Is maith liom mo scoil. Tá a lán cairde agam ann. Is maith liom na múinteoirí. Tá siad cairdiúil agus cabhraíonn siad leis na daltaí.

Cén sórt scoile í?

Is scoil mhór í. Is scoil mheasctha í. Tá cúig chéad daltaí ag dul ann. Tá a lán áiseanna ann : halla mór staidéir, bialann, seomra ríomhairí, seomra ceoil, giomnáisiam, páirc peile agus cúirt leadóige.

Conas a thagann tú ar scoil?

Tagaim ar scoil ar an traein/ar an mbus/ar an Dart/ar an Luas/ ar mo rothar/faighim síob (lift) sa charr ó m'athair/ó mo mháthair.
Táim _____ míle ón scoil. Tógann sé uair/leathuair/cúig nóiméad déag/deich nóiméad orm teacht anseo. Fágaim an teach gach maidin ag a _____ a chlog agus sroichim an scoil ag a _____a chlog.
Téim abhaile sa tráthnóna ag _____. Sroichim mo theach ag a _____ chlog.

An maith leat an scoil/an dtaitníonn an scoil leat?

Is/ní maith liom an scoil/taitníonn/ní thaitníonn an scoil liom.
Ní maith liom an staidéar agus an obair bhaile.

Cad iad na hábhair atá á ndéanamh agat?
Déanaim sé ábhar/seacht n-ábhar/ocht n-ábhar.

Cad iad na hábhair sin?

Is iad na hábhair sin ná Gaeilge, Béarla, Mata, Fraincis, Stair, Tíreolaíocht, Fisic, Ceimic, Gearmáinis, Spáinnis, Staidéar Gnó, Eacnamaíocht, Bitheolaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Líníocht Theicniúil, Ealaín, Staidéar Claiseacach , Ceol, Eolaíocht Talmhaíochta (Ag. Science), Cuntasaíocht.

Cad é an t-ábhar is fearr leat?

Is fearr liom _____. Is ábhar spéisiúil é agus táim go maith chuige. Níl sé leadránach agus tá an múinteoir go han-mhaith ar fad. Tá sé/sí spreagúil. Tá sé/sí greannmhar agus tugann sé/sí a lán cabhrach dúinn.

Cad ba mhaith leat a dhéanamh nuair a fhágfaidh tú an scoil/ nuair a bheidh an Ardteist déanta agat?/Cad a dhéanfaidh tú nuair a bheidh tú críochnaithe leis an scoil?

Ba mhaith liom dul chuig an ollscoil. /Ba mhaith liom post a fháil. / Nílim cinnte fós/ Braitheann sé ar na torthaí a bhfaighidh mé san Ardteist.
Ba mhaith liom cúrsa_____ a dhéanamh i gColáiste _____
Rachaidh mé chuig an ollscoil.
Gheobhaidh mé post.
Déanfaidh mé cúrsa _____.
Ba mhaith liom bheith i mo _____
Ba mhaith liom dul ag taisteal. Ba mhaith liom bliain a chaitheamh san Astráil nó i dtír éigin eile

Caitheamh Aimsire agus Spórt

Cad iad na caithimh aimsire atá agat?

Tá a lán caitheamh aimsire agam ach níl mórán ama agam anois do chaitheamh aimsire mar bím ag staidéar ó dhubh go dubh.
Is iad na caitheamh aimsire atá agam ná léitheoireacht/féachaint ar an teilifís/dul chuig an bpictiúrlann/ag éisteacht le ceol/ag rince/ag dul amach ag siúl/ag rothaíocht/ag dul go dtí an giomnáisiam/ ag imirt cluichí ar mo ríomhaire/ag seinm uirlis cheoil

léim _____
féachaim _____
éistim _____
imrím _____
seinm _____
téim _____

Is maith liom _____. Is caitheamh aimsire álainn é.
Bainim taitneamh an domhain as. Tugann sé faoiseamh (relief) dom ó bheith ag staidéar.

An bhfuil suim agat sa spórt?

Tá suim mhór agam (níl suim dá laghad agam) sa spórt. Taitníonn/ní thaitníonn an spórt liom. Is aoibhinn liom/is fuath liom cúrsaí spóirt.
Imrím _____. Táim ar fhoireann _____.
Bíonn traenáil agam dhá uair sa tseachtain. Bíonn cluiche agam gach _____. Bhí mé ag imirt Dé _____ seo caite. Bhí an bua againn/chailleamar an cluiche. Bhí sceitimíní áthais orm/Bhí brón mór orm.An cluiche ceannais a bhí ann.
Is é an t-imreoir is fearr liom ná _____. Tá sé/sí go hiontach ar fad.

Peil Ghaelach/sacar/iománaíocht/camógaíocht/scuais/haca/ snúcar/ leadóg/cispheil/rugbaí/snámh

Cadé an cluiche is fearr leat?
Is é _____ an cluiche is fearr liom. Imrím _____ agus _____ freisin. Táim ar fhoireann na scoile. Is mise an captaen. Imrím mar **cúl báire/i lár na páirce/mar thosaí** (as a forward)/**mar chúlaí** (as a defender). Bhíomar sa **chluiche ceannais** an mhí seo caite. Bhí an **bua** againn. **Chailleamar** an cluiche. Fuair mise **cúl** agus **trí chúilín** . D'imir mé go maith. Is é an **fhoireann** is fearr liom ná **Chelsea** ach is é an **t-imreoir** is fearr liom ná Wayne Rooney. Tá sé ar fheabhas ar fad, dar liom.

[Ar lean an tseachtain seo chugainn]

Ná bígí gan Gaelscéal ar Scoil! Tá Gaelscéal ar Scoil ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar phraghas íseal agus tá lascainí le fáil i gcomhair orduithe móra. Is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó téigh i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir oideachais ag 091-897766 / scoil@gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Ardteistiméireacht 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Filíocht Chomónta Ainmnithe - Colscaradh le Pádraig Mac Suibhne

Déan cur síos gairid ar na híomhánna a úsáidtear sa dán seo.

Ní raibh Kim Kardashian agus Chris Humphries ach 72 lá pósta nuair a fuair siad colscaradh.

Baintear úsáid as roinnt íomhánna éifeachtacha sa dán seo, dar liom. Is íomhánna iad a léiríonn an deighilt atá idir an fear agus an bhean sa dán. Is duine seanfhaiseanta, traidisiúnta, coimeádach é an fear. Déanann na híomhánna a úsáidtear sa dán pictiúr soiléir den fhear a chruthú in aigne an léitheora:

Shantaigh sé bean
i nead a chine . . .
ar leac a thine . . .
i dtógáil chlainne.

Tá sé suimiúil go n-úsáidtear an aidiacht shealbhach **faoi dhó** sa véarsa seo. Ciallaíonn '**a ch**ine' agus '**a th**ine' go mbraitheann an fear seo go bhfuil **seilbh** aige ar a áit dhúchais féin, a mhuintir féin, a theach féin agus tá impleachtaí ann gur mhaith leis seilbh a bheith aige ar a bhean chéile féin freisin.

Ní mar sin a bhraitheann an bhean. Is duine nua-aimseartha, neamhspleách, leathanaigeanta í an bhean. Ní bheadh sí sásta a bheith faoi bhois chait ag fear ar bith. Déanann na híomhánna sa tarna véarsa an pictiúr seo di a threisiú:

Shantaigh sí fear
is taobh den bhríste . . .
leath den chíste
saoire thar lear . . .

Tá sé soiléir nach mbeadh an bhean seo sásta feidhmiú mar bhean chéile laistigh de theorainneacha cúnga an phósta a bheadh leagtha síos ag a fear céile di.
Ar an ábhar lorg siad colscaradh agus scar siad óna chéile.

Nóta gairid uait ar an bhfriotal a úsáidtear sa dán.

Baineann an file úsáid as friotal lom simplí sa dán. Friotal dúchasach, gonta atá ann a chruthaíonn pictiúr soiléir den lánúin phósta atá faoi chaibidil sa dán.

Friotal traidisiúnta atá ann sa chéad véarsa: *nead a chine; leac a thine; aiteas is greann; tógáil chlainne*. Leis an bhfriotal seo éiríonn leis pictiúr sách maith den fhear a chruthú dúinn.

Sa tarna véarsa tá an friotal suas chun dáta: *taobh den bhríste; dídean is searc; leath den chíste; saoire thar lear*. Éiríonn leis an gcaint seo an chodarsnacht idir an fear agus an bhean a léiriú dúinn.

Tá éifeacht leis an bhfriotal sa dhá line dheiridh freisin. Tá siad lom, gonta agus greannmhar:

Thángthas ar réiteach.
Scaradar.

Tuilleadh ábhair do mhúinteoirí agus do dhaltaí le fáil ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Cúinne na Gramadaí 9

An Séimhiú 'h' – Cuid A

Seo a leanas liosta de na rialacha a ghabhann le seimhiú ('h') focal.

Cheana féin tá 'h' ar an dara litir i bhfocail áirithe m.s. *chéile; cheana; chuig;choíche;chun; gheobhaidh; thall; bheith; bhur etc*

Séimhiú ar Ainmfhocail agus ar Ainmneacha Briathartha

(a) I ndiaidh an ailt uatha mura d,s,t, an túschonsan:
- sa Tuiseal Ainmneach, baininscneach
m.s. an fhuinneog, an bhean, an chlann
- sa Tuiseal Ginideach , firinscneach
m.s. cos an fhir; i lár an bhaile; ag marú an choiligh

(b) I ndiaidh na míre gairmí a
m.s . a Sheáin; a Mháire; a chailíní

(c) I ndiaidh aidiachta:

- mo, do, a (firinscneach uatha):
m.s. mo dhán; do mháthair; a chapall
- aon, dhá, trí, ceithre, cúig , sé (i gcásanna airithe)
m.s. aon choinín; dhá chóta; trí thragóid; ceithre chúl; cúig dhoras; sé bhata
- beirt, an chéad, uile
m.s. beirt fhear; an chéad chluiche; gach uile dhuine

(d) I ndiaidh na reamhfhocal simplí:

- ar, faoi, roimh, ó, trí, de, do, thar, gan, idir, um,
(N.B. Bíonn eisceachtaí i gcuid mhaith de na réamhfhocail shimplí seo nuair NACH gcuirtear 'h' ar thúschonsan an fhocail a thagann ina ndiaidh)

m.s. ar mhaithe le; faoi thalamh; roimh thráthnóna; ó Mháire; trí thimpiste; de gheit; do shagart; thar bharr; gan chiall; idir shúgradh; um thráthnóna srl
- go, le roimh ainmfhocail a thosaíonn le guta
m.s. go hÉirinn, go hÁrainn, le hairgead, le hiasc, le héinne srl

Cleachtaí

Cuir isteach an séimhiú ('h') atá fágtha ar lár sna habairtí seo a leanas:

(i) Bhí an maidin inné go álainn.
(ii) Thug mé faoi deara go raibh cos an coiligh briste.
(iii) Ní faca mé mo deartháir ná mo cara sa bialann.
(iv) Níl sí ach dhá bliain d'aois.
(v) Cailleadh beirt póilín agus trí capall san eachtra sin.

Cúinne na Gramadaí 8: Freagraí
(i) seacht mbliana déag
(ii) seachtú háit
(iii) seacht gcinn
(iv) seisear
(v) trí mhadra, seacht mbó, ocht gcaora déag, dhá asal
(vi) tríú huair
(vii) an Chéad Chogadh.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Gaeilge- Teastas Sóisearach 2012 le Mícheál Ó Ruairc

Béaltriail Roghnach - 2012

Achar ama: 11/12 nóiméad **Marcanna:** 160 marc

Tá ceithre chuid sa Scrúdú seo:

Cuid 1: Fáiltiú - 1 nóiméad (10 marc)

- Ainm, scrúduimhir, dáta breithe, rang.

Cuid 2: Cur síos ar shraith pictiúr - 3 nóiméad (30 marc)

- 5 sraith pictiúr
- Roghnóidh an dalta sraith pictiúr amháin go randamach
- Beidh 1 nóiméad ag an dalta chun staidéar a dhéanamh ar an tsraith pictiúr
- Déanfaidh an dalta cur síos ar ábhar na sraithe sin

Cuid 3: Rólghlacadh - 3 nóiméad (40 marc)

- 8 cártaí san iomlán
- 4 topaic (a) An Scoil
  (b) Caitheamh Aimsire
  (c) Laethanta saoire
  (d) Bia agus deoch
- Beidh 2 cárta bunaithe ar **gach cean**n de na 4 topaic
- Roghnóidh an dalta cárta **amháin** as na 8 cártaí
- Beidh 1 nóiméad ag an dalta chun staidéar a dhéanamh ar an gcárta
- Cuirfidh an dalta ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoin gcárta
- Beidh ról idirghníomhach ag an scrúdaitheoir sa chuid seo den scrúdú
- 10 ceist ar fad a chuirfidh an dalta

Cuid 4: Agallamh - 4/5 nóiméad (80 marc)

- Sa chuid seo den scrúdú déanfaidh an scrúdaitheoir tástáil ar Ghaeilge labhartha an dalta trí cheisteanna a chur air/uirthi.

Agallamh Samplach

Cad is ainm duit?
_____ is ainm dom.

Cá bhfuil cónaí ort?
Tá cónaí orm i _____

Cén sórt ceantair é sin?
Is ceantar deas é. Tá sé suite leathmhíle lasmuigh den mbaile mór. Is sráidbhaile ciúin é. Tá cónaí orm i dteach feirme. Is seanteach mór é. Tá ceithre sheomra ann. Tá gairdín mór os comhair an tí ina bhfuil crainn agus bláthanna ag fás.

An bhfuil a lán áiseanna i do cheantar?
Níl an méid sin áiseanna ann, le bheith dáiríre. Tá dhá shiopa sa sráidbhaile, trí theach tábhairne, bialann amháin agus bunscoil. Bhí oifig an phoist ann go dtí tús na bliana seo ach dúnadh é an lá roimh Lá le Pádraig. Níl aon áiseanna spóirt ann ach tá ionad pobail mór ann.

Cén aois tú?
Táim _____ d'aois. Beidh mé sé bliana déag ar 1 Feabhra 2012.

Inis dom faoi do chlann.
Tá seachtar ar fad i mo chlann: mé féin, mo bheirt deartháireacha Colm agus Ian, mo dheirfiúr Aoife, mo mham agus mo dhaid agus mo mhamó. Tá mo mhamó seacht mbliana agus seachtó ach tá sí chomh folláin le breac fós.

An maith leat an scoil?
Uaireanta is maith liom an scoil, uaireanta eile ní bhím ró-cheanúil uirthi! Is aoibhinn liom an scoil Dé hAoine mar bím ag tnúth go mór leis an deireadh seachtaine. Ní bhíom ró-thógtha leis an scoil maidin Dé Luain, áfach! Nuair a dhúisím ceapaim go mbíonn tromluí agam! Tríd is tríd tait-níonn an scoil liom ach b'fhearr liom a bheith sa bhaile nó ar mo laethanta saoire.

Cad iad na hábhair a ndéanann tú?
Déanaim ocht n-ábhar. Seo iad: Gaeilge, Béarla, Stair, Tíreolaíocht, Reiligiún, Oideachas Saoránach Soisialta Polaitiúil(CSPE),Mata, Eolaíocht.
Tíreolaíocht an t-ábhar is fear liom. Ábhar an-spéisiúil go deo atá ann agus tá an múinteoir tíreolaíochta ar fheabhas ar fad.

Cad iad na caithimh aimsire atá agat?
Tá a lán caitheamh aimsire agam. Is iad na cinn is fearr liom ná _____, _____ agus _____.
Tá suim mhór agam sa cheol freisin. Chuaigh mé féin agus mo chara, Deirdre, go dtí ceolchoirm a bhí ar siúl san O2 an mhí seo caite. Bhí Jedward ag seinm. Bhí siad go hiontach ar fad!

An bhfuil suim agat sa spórt?
Is breá liom spórt. Is iad na spóirt is fearr liom ná _____, _____ agus _____. Beidh cluiche rugbaí ar siúl sa Staid Aviva an mhí seo chugainn agus tá sé i gceist agam a bheith ann.

Cad a dhéanfaidh tú an deireadh seachtaine seo chugainn?
Beidh mé ag féachaint ar an teilifís oíche Dé hAoine. Rachaidh mé ag siopadóireacht le mo mham maidin Dé Sathairn. Oíche Dé Sathairn rachaidh mé chuig cóisir le mo chairde. Tar éis an aifrinn ar an Domhnach tabharfaidh mé cuairt ar m'aintín. Caithfidh mé tráthnóna Dé Domhnaigh agus oíche Dé Domhnaigh ag staidéar.

Filíocht

Valparaiso

Tháinig long ó Valparaiso,
Scaoileadh téad a seol sa chuan,
Chuir a hainm dom i gcuimhne
Ríocht na gréine, tír na mbua.

'Gluais,' ar sí, 'ar thuras fada
Liom ó scamaill is ó cheo,
Tá faoi shleasa gorm-Andes
Cathair scáfar, glé mar sheod.'

Ach bhíos óg is ní imeoinnse,
Am an dóchais, tús mo shaoil,
Chreideas fós go raibh i ndán dom
Iontaisí na ndán is na scéal.

Ghluais an long thar linnte mara
Fad ó shin is a crann mar ór,
Scríobh a scéal ar phár na hoíche,
Ard i rian na réiltean mór.

Fillfidh sí arís chugam, áfach,
Chífead cathair bhán faoin sléibh,
Le hais Mara na Síochána,
Creidim fós, beagnach, a Dhé.
An tAthair Pádraig de Brún

Ceisteanna

A (Buntuiscint)

(i) Cad a chuir ainm na loinge i gcuimhne don fhile?
(ii) Cad a chreid an file a bheith i ndán dó?
(iii) Cá ndeachaigh an long?

B (Léirthuiscint Ghinearálta)

(i) Cad é an mothúchán is láidre sa dán, dar leat? Cuir fáthanna le do thuairim. (Is leor dhá fháth.)
(ii) Cén saghas duine é an file, dar leat, sa dán seo. (Is leor dhá phointe a lua.)
(iii) Ar thaitin an dán leat? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor dhá fháth.)

GLUAIS
bua - iontas;
scáfar - draíochtúil;
pár - leathanach;
rian - cúrsa, path;
chífead - feicfidh mé.

Ná bígí gan Gaelscéal ar Scoil! Tá Gaelscéal ar Scoil ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar phraghas íseal agus tá lascainí le fáil i gcomhair orduithe móra. Is féidir foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.gaelsceal.ie nó téigh i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir oideachais ag 091-897766 / scoil@gaelsceal.ie

Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

SRAITH PHICTIÚIR – LEATHANTA SAOIRE

Uair sa mhí beidh Gaelscéal ag cur sraith phictiúir ar fáil. Is é an aidhm atá leis an tsraith phictiúir aonrach, spreagúil agus dhathúil seo ná go mbeidh daltaí in ann cleachtaí a dhéanamh ar conas comhrá a dhéanamh bunaithe ar shraith phictiúir ón chéad bhliain ar aghaidh.

Tuilleadh ábhair do mhúinteoirí agus do dhaltaí le fáil ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil
www.oideachas.gaelsceal.ie

Le tacaíocht ó
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge

OSPS – Oideachais Shóisialta Phearsanta agus Sláinte

Neamhord Itheacháin

An tseachtain seo caite in Gaelscéal ar Scoil labhair muid faoi íomhá choirp (*body image*). Tá dlúthghaol idir íomhá choirp agus neamhoird itheacháin..

Céard iad neamhoird itheacháin?

Is éard atá ann mar neamhoird itheacháin ná fadhb i leith bia a d'fhéadfadh sláinte agus beatha an duine a chur i mbaol. Baineann neamhoird itheacháin go príomha le strus nó fadhb sláinte intinne. Is féidir le neamhord itheacháin teacht ar aon duine. Is féidir le neamhord itheacháin go leor dochair a dhéanamh do chorp agus d'intinn daoine óga. Ní bhaineann neamhoird itheacháin le bia agus meáchan an duine amháin, baineann siad le féinmheas an duine.

Samplaí d'iompar a bhaineann le neamhoird itheacháin

- Éirí ocrach d'aon turas trí throscadh nó beagán bia amháin a ithe
- Barraíocht aclaíochta a dhéanamh, mí-úsáid a bhaint as piollaí buarranacha agus cur amach d'aon turas
- An iomarca bia a ithe

Na príomh-neamhoird itheacháin
Úsaidtear an téarma neamhord itheacháin chun cur síos a dhéanamh ar réimse leathan fadhbanna itheacháin. Is iad seo a leanas an trí phríomh-neamhord itheacháin.

Anorexia Nervosa
Duine ar a bhfuil Anorexia Nervosa, is minic a dhiúltaíonn siad ithe nó ní itheann siad ach méid an-bheag. Bíonn siad ag smaoineamh faoi bhia an t-am ar fad agus faoi mheáchan a chailleadh. D'fhéadfadh siad mí-úsáid a bhaint as piollaí buarranacha nó barraíocht aclaíochta a dhéanamh chun meáchan a chailleadh. Mura n-itheann an duine agus má chailleann siad an iomarca meáchain d'fhéadfadh míchothú teacht orthu. Tarlaíonn míchothú nuair nach bhfuil an duine ag fáil dóthain cothaithe chun go n-oibreoidh an corp mar is ceart. D'fhéadfadh an bás a bheith mar thoradh ar mhíchothú.

Bulimia Nervosa
Bíonn duine ar a bhfuil Bulimia Nervosa ag ithe mar is gnách an chuid is mó den am, sin nó itheann siad an iomarca agus cuireann siad an bia amach arís. Is minic a itheann siad an iomarca agus go gcuireann siad amach nuair atá siad réidh leis an mbéile. Nuair a bhíonn a mbéile ite acu mothaíonn siad ciontach agus bíonn siad ag iarraidh fáil réidh leis an mbia. Is minic a dhéanann duine le Bulimia Nervosa rudaí dochracha don chorp, mar shampla troscadh, barraíocht aclaíochta, bia a chur amach agus mí-úsáid a bhaint as piollaí buarranacha agus cógais eile. Go hiondúil, ní bhíonn duine le Bulimia Nervosa faoi mheáchan mar go n-itheann siad bia. Go hiondúil, bíonn siad taobh istigh den réimse ceart meáchain dá n-aois, dá ngnéas agus dá n-airde. Mar thoradh air sin, níl sé éasca a aithint go bhfuil Bulimia Nervosa ar dhuine. B'fhéidir go mbeadh an fhadhb ag dul ar aghaidh tamall fada sula mbeadh sé le tabhairt faoi deara.

Ithe ragúis a bhíonn i gceist nuair a chaitheann duine tréimhse ah ithe cuid mhór bia, gan é a chur amach arís.

Is minic a dhéanann duine le Bulimia Nervosa, rudaí docharach don chorp, mar shampla troscadh, barraíocht aclaíochta agus bia a chur amach.

Ithe Ragúis (Binge Eating)
Ithe ragúis a bhíonn i gceist nuair a chaitheann duine tréimhse ag ithe cuid mhór mhór bia, gan é a chur amach arís. Cuireann siad suas go leor meáchain. Bíonn siad i bhfostú idir a bheith ar aiste bia agus meáchan a bheith curtha suas acu. Bíonn an ghráin ag an duine air féin.
Tá sé tábhachtach a thuiscint nach mbaineann daoine le catagóir áirithe amháin i gcónaí.
Céard is cúis le neamhord itheacháin?
Níl aon chúis faoi leith le neamhord itheacháin teacht ar dhuine. Bíonn meascán cúiseanna ann. Is minic ceangal idir an neamhord itheacháin agus eachtra i saol an duine a chuir brón orthu, mar shampla timpiste, athrú mór i saol an duine, barraíocht imní agus struis, inmí faoi chruth agus meáchan an choirp. Bíonn féinmhuinín íseal ag daoine a bhíonn ag fulaingt le neamhord itheacháin.

Biseach tar éis neamhord itheacháin
Tinneas an-tromchúiseach is ea neamhord itheacháin ach is féidir le daoine éirí níos fearr. Chun teacht as neamhord itheacháin caithfear aird a thabhairt ar ghnéithe fisiceacha agus ar mhothúcháin an duine. Mothaíonn an duine a bhfuil neamhord itheacháin air go bhfuil buntáiste leis an neamhord itheacháin. Dá bhrí sin bíonn sé deacair a chur ina luí orthu go bhfuil fadhb ann. Breathnaíonn siad air mar mheicníocht chun déileáil lena saol. Le go dtiocfaidh biseach ar dhuine le neamhord itheacháin, caithfidh siad bheith ag iarraidh a bheith níos fearr, glacadh leis gur fadhb is ea an neamhord itheacháin, féinmhuinín a ardú, a thuiscint nach bealach sláintiúil é neamhord itheacháin chun déileáil leis an saol, agus bealaí eile a fhoghlaim chun mothú sábháilte. Beidh tacaíocht an teaghlaigh, cairde agus dochtúirí ag teastáil chun éirí níos fearr.

Bodywhys
Is eagraíocht é Bodywhys a thugann cúnamh agus tacaíocht do dhaoine a bhfuil neamhord itheacháin orthu. Cuireann siad comhairle ar fáil saor in aisce agus ní thugann siad breithiúnas ar aon duine. Is féidir labhairt le comhairleoirí traenáilte ar an nguthán.

Sonraí teagmhála :
Bodywhys
PO Box 105
An Charraig Dhubh
Co. Baile Átha Cliath

Teil: 01-2834963
Facs : 01-2056959
Líne chabhrach: 1890 200 444
Ríomhphost : info@bodywhys.ie
Tacaíocht ríomhphoist : alex@bodywhys.ie
Suíomh : www.bodywhys.ie

OSSP – Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil

Coinbhinsiún um Chearta an Pháiste

Sa Choinbhinsiún um Chearta an Linbh tá cearta ag gach páiste ó bhreith go 18 mbliana d'aois. Tá ceart ag gach páiste ar na rudaí a leanas:
- an bheatha
- ainm agus náisiúntacht
- a bheith lena dteaghlach nó le daoine a thabharfaidh aire mar is fearr dóibh
- go leor bia agus uisce glan
- caighdeán sásúil maireachtála
- cúram sláinte
- a bheith coinnithe slán agus gan a bheith gortaithe
- gan a bheith in úsáid mar oibrí saor
- gan a bheith in úsáid mar shaighdiúr
- a dteanga féin a labhairt
- a reiligiún féin a chleachtadh;
- foghlaim faoina gcultúr fein agus páirt a ghlacadh ann
- an rud a smaoiníonn sé/sí a rá;
- bualadh le páisti eile lena dtuairimí a chur in iúl
- a dtuairimí a bheith san áireamh agus cinntí a bhaineann leo á ndéanamh
- eolas atá uathu a fháil
- foghlaim faoin a gcearta féin.

Sa bhreis air sin, i gcás páistí atá faoi mhíchumas:
- spraoi
- oideachas atá saor in aisce agus feiliúnach
- cúram speisialta agus traenáil

I MEASC AN PHOBAIL

Bríd agus Seán Ó Madaoin as Cill Chiaráin, Conamara ag baint sult as seoladh dlúthdhiosca nua Chaitríona Ní Cheannabháin, 'Sólás'.

Ag seoladh foilseachán nua de chuid Breacadh, ó chlé go deas: Treasa Gilligan (Eagraithe Litearthachta le Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe), Seosamh Mac Donncha (Príomhoifigeach Feidhmeannach, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe), Maidhc Dainín Ó Sé (a rinne an seoladh oifigiúil) agus Eithne Mhic Dhonnchadha (Oifigeach Oideachais d'Aosaigh leis an gCoiste Gairmoideachais).

Colm Seoige (7) ó Ros an Mhíl i gConamara, an duine is óige a ghlac páirt sa Chomórtas Damhsa ar an Sean-Nós faoi 12 bhliain. PIC: CLIVE WASSON

Fir na nOileán: Patsy Dan Mac Ruairí (Toraigh) agus Séamus Jaimsie Ó Flaithearta (Inis Mór).

Clann Mhichael Mháire an Ghabha, Pól agus Caitríona Uí Cheannabháin as an Aird Thoir in Iorras Aithneach, le linn seoladh 'Sólás', an dlúthdhiosca nua atá eisithe ag Caitríona Ní Cheannabháin.



Brian Ó Baoill agus a bhean chéile Beití as Cois Fharraige, Conamara ag tabhairt cuairte ar sheastán Gaelscéal.

Sa phictiúr seo, in éineacht lena chlann, tá Gearóid Ó Droighneáin as Seanacomheas, Leitir Móir i gConamara a thug leis an bua sa Chomórtas Damhsa ar an Sean-Nós faoi 12 bhliain.



Muintir Chonamara: Briocán Bairéad (Ros Muc) agus Michelle Ní Chuaig (Cill Chiaráin).

Doiminic Mac Giolla Bhríde as Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall a ghlac páirt i gComórtas Chorn Uí Riada.

AG AN OIREACHTAS



Buaiteoirí Damhsa ar an Sean-Nós ó Chonamara, ó chlé go deas: Proinsias Ó hIarnáin as Roisín na Mainiach (dara háit sa chomórtas sinsear), Pádraig Ó Dubháin as an Aird Mhóir (chéad áit sa chomórtas sinsear) agus Breandán Ó hIarnáin as Roisín na Mainiach (chéad áit sa chomórtas 15-18 mbliana).

Antoine Ó Sé as Ard na Caithne lena mháthair Aoife. Is é Antoine a phioc amach an buaiteoir don deireadh seachtaine do bheirt ag Oireachtas 2012, comórtas a reáchtáil an clár 'Togha agus Rogha' ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Máirín Uí Chéide, as Conamara ó dhúchas, a thaistil as Bostún le páirt a ghlacadh i gComórtas Chorn Uí Riada. In éindí léi tá Máirtín Mac Donnchadha ó RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Rónán Ó Coirbín as Cois Cláidí i nGaoth Dobhair ag labhairt le Rónán Mac Aodha Bhuí ar Rónán Beo @3 ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Ros Muc Abú! Ó chlé go deas: an dornálaí Seán Ó Mainnín, Jimmy Ó Ceannabháin (Buaiteoir Chorn Uí Riada 2011), Tomás Ó Gaora agus Michéal Lally ag ceiliúradh tar éis Chomórtas Chorn Uí Riada.

Comhghairdeas! Diarmaid agus Colm Ó Meachair ó Chúil Aodha a raibh an bua acu sa Chomórtas Agallamh Beirte (12-15 bliana).

Buaiteoirí Chorn Uí Riada 2011. Ó chlé go deas: Úna Uí Lachtnáin (Uachtarán an Oireachtais 2011), Máire Ní Chéilleachair ó Chorcaigh (dara háit i gcomórtas Chorn Uí Riada), Jimmy Ó Ceannabháin as Ros Muc (buaiteoir Chorn Uí Riada), Éilís Ní Chonghaile ó Ráth Chairn (tríú háit i gcomórtas Chorn Uí Riada) agus Patricia Ní Chonghaile (Comhordaitheoir Táirgíochta le Gaelscéal).

BEATHA

NUACHT Litríochta

le Meadhbh Ní Eadhra

Gearrscéalta Gaeilge aistrithe go Béarla

Twisted Truths: Stories from the Irish

Seolfaidh an scríbhneoir, file, agus ball d'Aosdána, Theo Dorgan, an cnuasach, *Twisted Truths: Stories from the Irish*, in Áras na Scríbhneoirí, 19 Cearnóg Parnell, ar an Mháirt, an 22 Samhain.

Tugann an cnuasach seo cuid den scríbhneoireacht Ghaeilge is fearr agus is nuálaí le tríocha bliain le chéile faoi chlúdach amháin. Aistriúcháin go Béarla ar rogha gearrscéalta ón nGaeilge atá ann a thugann blaiseadh d'éagsúlacht na scríbhneoireachta comhaimseartha Gaeilge don léitheoir. Is é an scríbhneoir mór le rá Colm Tóibín a scríobh an réamhrá leis an mbailiúchán agus leagann sé síos comhthéacs don scríbhneoireacht seo don léitheoir.

Is é Brian Ó Conchubhair, Ollamh Cúnta i Roinn Theanga & Litríocht na Gaeilge, Ollscoil Notre Dame, a roghnaigh na scéalta agus cuireann sé comhthéacs leo sa réamhrá atá scríofa aige don chnuasach.

Tá an leabhar foilsithe ag Cló Iar-Chonnacht ar chlúdach bog agus tá costas €18 air.

Sainrogha chúramach ar dhá scéal fichead agus iad scríofa ag trí údar déag atá sa chnuasach seo.



Theo Dorgan

Gheofar iliomad éagsúlachtaí idir na scéalta seo, cuid acu greannmhar, cuid eile acu imeallach, ach léiríonn siad uile ficsean léargasach. Is é seo an chéad chnuasach a thugann léiriú iomlán ar an réimse nuálaíochta atá le fáil i scríbhneoireacht chomhaimseartha na hÉireann.

Ar na scríbhneoirí sa chnuasach seo tá: Micheál Ó Conghaile, Angela Bourke, Deirdre Brennan, Fionntán de Brún, Séamas Mac Annaidh, Seán Mac Mathúna, Eilís Ní Dhuibhne, Dara Ó Conaola, Daithí Ó Muirí, Mícheál Ó Ruairc, Gabriel Rosenstock, Daithí Sproule, Alan Titley.

Nathanna Cainte na Gaeilge bailithe le chéile i leabhar nua

Tá leabhar nua darb ainm '*Mar a déarfá: cnuasach clíséanna*' scríofa ag Seán Mac Cionnaith as Contae Dhoire. Is é an tUasal Mac Cionnaith an Príomhoide ar Bhunscoil Cholmcille i nDoire, Gaelscoil atá ag obair go crua ar son an teanga. Aidhm an leabhair nua seo ná cuidiú le foghlaimeoirí na Gaeilge dul i dtaithí ar nathanna cainte úsáideacha, a chloistear go minic agus daoine ag labhairt Gaeilge.

Tá os cionn 300 leathanach sa leabhar nua, lán le nathanna cainte, frásaí deasa agus focail áisiúla. Tá siad curtha i liostaí agus mar sin tá sé níos éasca d'fhoghlaimeoirí iad a aimsiú nuair is gá.

Ní hé seo an chéad leabhar de chuid Mhic Cionnaith atá curtha i gcló. Tá cúpla leabhar Gaeilge eile foilsithe aige cheana féin. Seoladh an leabhar nua i nDoire le déanaí, agus rinne an tOllamh Dónall Ó Baoill, a bhí i mbun an tseolta, cur síos ar an leabhar mar 'áis iontach'. Is iad Coiscéim a d'fhoilsigh an leabhar agus tá costas €15 air.

Bhíodh Dónall Ó Baoill mar Ollamh ar an Léann Ceilteach in Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste, agus chuaigh sé ar scor'le déanaí.

Foilsíodh an chéad leabhar le Seán Mac Cionnaith siar sa bhliain 1998 agus beathaisnéis a bhí ann ar an scríbhneoir Sean Mac Con Iomaire ón Iúr. Mar thoradh ar an leabhar, chuir Comhairle an Iúir plaic chuimhneacháin ghorm suas lasmuigh de theach Mhic Con Iomaire.

Sa bhliain 2003, d'fhoilsigh Mac Cionnaith an chéad stórchiste (nó teasáras) focail Ghaeilge, '*Focail i bhFócas*'. Foilseachán dátheangach a bhí ann agus bhí 500 leathanach sa leabhar. Dar le Mac Cionnaith, tháinig an smaoineamh dá leabhar nua as an togra sin leis an teasáras.

"Rud amháin a tháinig chun solais ó bheith ag obair ar an teasáras ná an deacracht a bhíonn ag foghlaimeoirí agus iad ag iarraidh focail a aimsiú. Go minic, ní focail atá á lorg acu, ach frásaí agus nathanna cainte. Cothaíonn sé seo go leor deacrachtaí agus dúshláin, mar tá an baol ann go ndéanfar aistriúchán díreach ar nathanna cainte agus ansin cailltear an bhrí go hiomlán," ar sé.

Is í an taithí atá aige le cúrsaí oideachais a spreag é leis an leabhar seo a chur le chéile. Deir sé gur múinteoir é ar an gcéad dul síos agus gur tharla na fadhbanna agus na deacrachtaí seo go léir dó féin nó chonaic sé iad ag cur isteach ar dhaoine eile.

Tá caibidil ar chuimhneacháin leaca reilige sa leabhar freisin, ábhar a bhailigh sé féin i reiligí Thír Chonaill agus Chonamara.

Is féidir an leabhar nua a cheannach ar www.coisceim.ie nó sna siopaí leabhar.

Gaeilge Gan Stró le seoladh go luath

Is cúrsa teanga ilmheán é *Gaeilge gan Stró! - Beginners Level* d'fhoghlaimeoirí fásta, scríofa ag Éamonn Ó Dónaill agus foilsithe ag Gaelchultúr. Tá sé oiriúnach do dhaoine nach bhfuil Gaeilge ar bith acu nó nach bhfuil acu ach roinnt abairtí bunúsacha. Tá an bhéim ar fhorbairt scileanna labhartha agus éisteachta ach tá deiseanna ag an bhfoghlaimeoir an teanga a scríobh agus a léamh freisin. Múintear an ghramadach i gcomhthéacs, de réir mar a bhíonn sí ag teastáil.

Is éard atá sa chúrsa seo ná leabhar agus ceithre dhlúthdhiosca. Tá leagan ar líne den chúrsa ar fáil ar shuíomh ríomhfhoghlama Gaelchultúr, www.ranganna.com. Is féidir an leabhar agus na dlúthdhioscaí a úsáid neamhspleách ar an gcúrsa ar líne.

Tá sé mar aidhm ag *Gaeilge gan Stró! - Beginners Level* cabhrú leo siúd a thabharfaidh faoin gcúrsa chun nathanna coitianta laethúla agus frásaí bunúsacha a thuiscint, chun iad féin agus daoine eile a chur in aithne, agus ceisteanna a chur agus a fhreagairt mar gheall ar shonraí pearsanta (e.g. cúlra, áit chónaithe, teaghlach), chun comhrá simplí a dhéanamh le cainteoir atá ag labhairt go mall agus go soiléir agus atá sásta cabhair a chur ar fáil, chun stór focal a fhoghlaim a bhaineann le topaicí laethúla agus chun tuiscint a fháil ar ghnéithe bunúsacha de ghramadach na Gaeilge.

Beidh an leabhar nua á sheoladh ag Gaelchultúr i mBéal Feirste Dé Sathairn, 26 Samhain, agus i mBaile Átha Cliath ar 8 Nollaig. Tá fáilte roimh chách!

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

Is maith leis a bheith feargach an chuid is mó den am!

Labhraíonn **Katie McGreal** le **Lochlainn Ó Mearain**, a ghlacann páirt Dhara Uí Ríordáin, úinéir na bialanna i Ros na Rún

TÁ an Baile Átha Cliathach, Lochlainn Ó Mearain "ag baint níos mó suilt as a charachtar," Dara Ó Ríordáin sa sobaldráma, 'Ros na Rún' i mbliana ná gur bhain sé anuraidh a deir sé. Is féidir a ghnáthfhéasóg agus gruaig "messy" a bheith air agus bíonn air a bheith feargach an chuid is mó den am!

"Tá sé gránna le daoine i mbliana," a deir sé faoina charachtar, "Agus tá sé níos éasca a bheith mar sin ná a bheith go deas an t-am ar fad." Tá sé níos spraiúla dó i mbliana.

Is as Cill Iníon Léinín i ndeisceart Bhaile Átha Cliath é agus tá cónaí ar a thuismitheoirí ann go fóill.

"Téim ar ais minic go leor. Bíonn roinnt oibre agam i mBaile Átha Cliath."

Tá cónaí air i gCathair na Mart i Maigh Eo anois, lena bhean chéile, beirt pháistí agus ceann eile ar an mbealach.

Labhraíonn Lochlainn Gaeilge lena pháistí, cailín amháin agus buachaill amháin. Níl Gaeilge ag a bhean ach "is dócha go dtuigeann sí anois," a deir sé. Dá bharr sin, tá meascán de Bhéarla agus de Ghaeilge ag na páistí.

"I want my bríste" agus "Ní féidir liom é seo a open," mar

chuid de na samplaí ar thug sé dom, gur féidir a chloisteáil ina theach.

Tá sé ina aisteoir gairmiúil ar feadh 15 bliana anois ach bhí sé i gcónaí ag aisteoireacht. Rinne sé roinnt drámaí agus seónna leis an Dublin Youth Theatre agus nuair a bhí sé san ollscoil bhí sé ina bhall den chumann drámaíochta.

Rinne sé staidéar ar an gócaireacht in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo i nGaillimh agus ina dhiaidh sin, chuaigh sé ar ais go Baile Átha Cliath agus rinne sé céim san aisteoireacht i gColáiste na Tríonóide.

"Ciúin anseo is ansiúd," a deir sé faoina chuid fostaíochta féin ach go hiondúil, go dtí seo, ní raibh mórán fadhbanna fostaíochta aige. Fuair sé a chéad phost aisteoireachta díreach i ndiaidh an chéim san aisteoireacht a chríochnú. D'oibrigh sé leis an gclár Meiriceánach, 'Mystic Knights of Tír na nÓg' a bhí lonnaithe i mBré i gCill Mhantáin agus bhí sé ann ar feadh bliana.

Cé go dtaitníonn scéalta béaloidis liom, chaill mé roinnt measa don cheann seo nuair a dúirt Lochlainn go raibh sé "cosúil le Power Rangers...Gaelach" ach i ndiaidh YouTubing a dhéanamh air, ní raibh sé chomh dona sin...dar liomsa!

Bhí páirt aige in 'Glenroe', 'The Clinic', 'The Tudors' agus chuaigh sé go Sasana chun páirt a ghlacadh in 'Holby City' agus 'Hollyoaks' agus rinne sé roinnt oibre in amharclanna freisin. Rinne sé cúpla seó san amharclann Aisling Ghéar agus in Amharclann an Gheata.

Chomh maith leis sin, déanann Lochlainn guthú do chartúin. Chríochnaigh sé obair ar 'Spongebob Squarepants' le déanaí, rinne sé guth Patrick, cara Spongebob agus rinne sé guth Garfield freisin.

"Guth deas le déanamh," a deir sé faoi Garfield agus thug sé roinnt samplaí dom.

Cabhraíonn an Ghaeilge le Lochlainn agus é ag lorg oibre. Is féidir leis cláir agus drámaí Béarla nó Gaeilge a dhéanamh chomh maith leis an nguthú do na cartúin Bhéarla ar fad.

B'fhearr leis a bheith ar an stáitse ná a bheith ar an scáileán. Dá mbeadh an rogha aige, roghnódh sé an stáitse gach uair.

Deir sé nach mbaineann tú "an sult céanna as a bheith ag aisteoireacht ar an scáileán agus a bhaineann tú as a bheith ag aisteoireacht ar an stáitse."

Toisc gur rud neamhghnách é conradh sé mhí a aimsiú mar aisteoir, deir Lochlainn má tá tú ag iarraidh a bheith i d'aisteoir ba cheart duit post eile a fháil freisin. Rud éigin gur féidir leat a dhéanamh agus tú ag fanacht ar obair aisteoireachta agus ag déanamh trialacha aisteoireachta.

An dara post atá aige, dár ndóigh, ná an chócaireacht agus cé go dtaitníonn an aisteoireacht níos mó leis, is féidir dul ar ais go dtí an chócaireacht más gá.

Chaith sé cúpla bliain ar ais sa chistin, i ndiaidh dó pósadh 4 bliana ó shin agus ansin fuair sé an post i Ros na Rún mar Dara, úinéir nua na bialainne...

Is féidir Lochlainn agus na haisteoirí eile a fheiceáil gach Máirt agus Déardaoin ag 8.30in ar TG4. An tseachtain seo, bíonn ar Vince seisiún grianghrafadóireachta a dhéanamh i mbeagán ama, agus é faoi bhrú, agus ní fhreagraíonn sé na mílte glaoch a chuireann Alice air.

Bíonn air a rá lena mhaoirseoir sa líne chabhrach gur thug sé a uimhir d'Alice. Tá brón an domhain ar Martina nuair a fhaigheann sí amach nach mbeidh Brian léi don Nollaig agus tagann iarbhean gheallta Dhara, Tina ar ais go Ros na Rún agus ní bhíonn mórán fáilte roimpi.

Féach air:

TG4 : Taisce na Tuaithe
Sraith Nua: Fear Manach: Tugann John Carron meá agus brioscaí traidisiúnta do Philib Mac Cathmhaoil a chuireann an clár i láthair. Brioscaí atá déanta as oideas ó 1594 agus a bhfuil baint acu le Cath na mBrioscaí. Téann Pilib ar thuras beag rómánsúil in Uaimheanna Áirse Marmair rud a chuireann iontas ar a óstach Derry Scanlon. Déardaoin 20:30, an 17 Samhain

TG4 : Ros na Rún
Vince faoi bhrú ag seisiún grianghrafadóireachta agus tá an t-am ag imeacht uaidh go sciobtha. Anuas air sin bíonn Alice seasta ag glaoch air. Bíonn Martina trína chéile nuair a fhaigheann sí amach nach mbeidh a mac Brian ag caitheamh na Nollag in éineacht léi. Insíonn sí an scéal do John Joe agus is sa leaba a chríochnaíonn an bheirt! Déardaoin 20:30, an 17 Samhain.

BBC ALBA : Grinn
'Seó Nuamhaisithe' nó 'Makeover show' é seo. Déanfar athstíliú ar Shian Baldwin ó Pheairt ó thaobh faisin, áilleachta agus stíle de. Gheobhaidh sí comhairle ó na saineolaithe, Donna Macleod, Lynda MacMillan agus John Comerford. Dé hAoine 20:30, an 18 Samhain.

Éist le:

RTÉ Raidió na Gaeltachta: Nótaí Ceoil le Fiachna Ó Braonáin Labhróidh an t-aisteoir Aonghus Óg McAnally faoina chuimhní cinn ar 1999, agus ar a rogha ceoil an tseachtain seo. Dé hAoine @ 9in.

RTÉ Lyric FM: The Lyric Concert with Éamonn Lawlor Cuirfidh Éamonn na buaicphointí ón bhFéile Cheol Aireagail in Iarthar Chorcaí i láthair an tseachtain seo. Amárach @ 8in.

RTÉ Raidió a hAon: Seascapes An tseachtain seo, buailimid leis an údar Rorke Bryan. Scríobh sé an leabhar 'Ordeal by Ice: Ships of the Antarctic' agus labhróidh sé faoin taithí agus faoin eolas atá aige. Dé Sathairn @ 10.30in.



Crosfhocal 16.11.2011



NODANNA

TRASNA

1 Dhíol Iúdás Íosa ar an mhéid seo píosaí airgid (7)
5 ----- de réir briathair, de réir cód na bhFianna (5)
7 Oibríonn sé le leictreachas chun ruaig a chur ar an dor chadas (5)
9 Cuimhne, barúil, do chuid smaointe (6)
13 Ar an taobh is faide ón lár (5)
14 Sprioc, ábhar atá ar chroí cómhrá nó plé mar shampla (5)
16 Labhair i nguth íseal (5)
17 An lá atá ann (5)
21 Droch-am, bochtaineacht (4)
23 Rud nach raibh tú ag súil leis (6)
24 Fuaim a chloisfeá ó asal, b'fhéidir (6)
25 Saghas éisc, nó créatúr abhainn, fada, tanaí agus sleamhain (7)

SÍOS

1 Argóint fhoréigneach (5)
2 An chuid is lú (5)
3 Grá (4)
4 I bhfad ón urlár (3)
5 Tá sé i lár do láimhe (3)
6 Imeacht mór, cruinniú, comhdháil (6)
8 Bóithrín, sráid bheag (4)
10 Ceangail (4)
11 Féasta, ceiliúradh (6)
12 Slogann tú do chuid bia agus dí tríd seo (8)
14 Blianta ó shin (4)
15 Miotal buí luachmhar (2)
18 Cosúil, amhail, mar an gcéanna (6)
19 Slat, cipín (5)
20 An líon cos atá ar damhán alla (4)
22 Stop oifigiúil, dlíthiúil a chur le himeacht nó gníomh (4)

Crosfhocal
09.11.2011
Buaiteoir na Seachtaine seo:
Colm Ó Dálaigh
Trá Lí, Co Chiarraí

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 21.11.2011 chuig: Crosfhocal Gaelscéal 15 Sráid Mhargadh, Gaillimh

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

SÚIL SIAR na Seachtaine

Feachtas an IRA (1956-1962)

Donncha Ó hÉallaithe

50 bliain ó shin bhí feachtas míleata an IRA ar an dteorainn, ar ar tugadh Operation Harvest ag an am, ag tíocht chun a dheiridh. Mhair ionsaithe an IRA ar fhórsaí cosanta na Breataine ó mhí na Nollag 1956 go mí Feabhra 1962. Ag tús an fheachtais maraíodh Feargal O'Hanlon ó Mhuineachán agus Seán South ó Luimneach, an fear céanna a bhfuil a cháil caomhnaithe sa bailéd "*Seán South of Garryowen*".

Bhí *Operation Harvest* faoi cheannas Seán Cronin, Ciarraíoch a bhí tagtha anonn as Meiriceá le dul i gceannas an fheachtais mhíleata agus a bhí fostaithe mar iriseoir ag Scéala Éireann ag an am. Ag tús an fheachtais bhí go leor tacaíochta le fáil ón bpobal. Tuairiscítear gur fhreastail 50,000 ar shochraid Seán South in 1956. Toghadh ceathrar Teachta Dála de chuid Shinn Féin sa toghchán a reachtáladh in 1957: John Joe McGirl (Sligeach- Liatroim); Einachán O'Hanlon (Muineachán); John Joe Rice (Ciarraí) agus Ruairí Ó Brádaigh (An Longfort - An Iarmhí). Ach tar éis roinnt ama, thráigh bá an phobail don bhfeachtas agus san ollthoghchán a tionóladh in 1961, chaill gach duine den cheathrar na suíocháin Dála a bhain siad ceithre bliana roimhe sin do Shinn Fein agus thit an líon vótaí a fuair iarrthóirí Shinn Féin ó 65,540 in 1957 go 36,393 in 1961. Le linn an fheachtais, maraíodh ochtar den IRA agus seisear den RUC. Is ag trácht ar eachtra a tharla ar an 12 Samhain, 1961 atá an t-alt seo thíos, nuair a maraíodh Constable W.T. Hunter. B'shin é an splanc dheireanach sa bhfeachtas míleata, ar cuireadh deireadh leis go hoifigiúil mí Feabhra 1962.

Is faoi ainm cleite a scríobhadh an t-alt seo. Ní heol dom an t-údar.

Seán Sabhat agus Fergal O'Hanlon a fuair bás le linn fheachtas an IRA sna caogaidí.

Scéala Éireann, 16 Samhain, 1961

Dúnmharú ar an Teorainn

Seán Shéamais

Ní chuirfeadh aon fhear réasúnta i gcoinne an mhéid adúirt an Taoiseach Dé Domhnaigh seo caite agus é ag cáineadh an bhirt ghránna a rinneadh in Oirghialla. "*Murderous activities*" a thug sé ar an ngníomhaíocht úd atá tagaithe chun cinn arís de réir cosúlachta.

Gníomhaíocht í atá ar bun le tamall de bhlianta agus tá tréithe áirithe ag baint leí a níos idirdhealú idir í agus beartas a bhíodh ar bun roimhe sin. Ní deas le rá ceann ar bith dena tréithe sin.

Fir Súgáin

Tá sa chéad áit brúidiúlacht na bhfear a chaitheann na piléir nó na pléascáin. Ní bhíonn i gceist acu ach díothú: díothú fear nó díothú áras agus is ró-chuma leo cén fear nó cén t-áras a leagtar ach gur den namhaid é an cuspóir.

Sa dara áit tá fhios ag an saol Fódla abhus nach mbíonn sa dream a théann thar teorainn ach fir súgáin. Ní treoraí, ná taoiseach, ná fear cinnireachta duine ar bith acu: ní bhíonn iontu ach créatúirí leath-chraiceáilte atá ag gníomhú thar ceann daoine eile. Ar an ábhar san, seans nach ceart dom meatacht a chur ina leith féin ach i leith an dream a sheolann chun siúil iad....

Meiriceá

Tá a fhios ag chuile dhuine sa taobh seo tíre a rinne aon scrúdú ar an gceist, gur as Meiriceá atá an brostú ar fad ag teacht idir airgead agus eile. Bíonn 'a dollar for a bomb' ina ghairmscoile ag daoine áirithe thall ná déanfadh aon rud fónta ar son na tíre seo go deo, ach ag iarraidh aisling mearbhail an sunburst - plus gunna - a chothú. Fhaid's gur daoine eile atá i mbun an ghunna agus iadsan i mbun an sunburst. Tá a leithéid ariamh ann. Tá siad ag maireachtáil ar dhúchas na réabhlóide gan freagrachtaí na réabhlóide a ghlacadh.....

Beag beann acu ar na fadhba a bhfuilimid ag iarraidh aghaidh a thabhairt orthu - fadhb na himirce, an Ghaeilge a thabhairt in athréim, an mhuintir thuaidh a thabhairt linn, ceart a chur ar chách idir bhocht agus shaibhir, Caitliceach agus Protastún.

Dhera, níl sa mhéid sin againn ach súgradh. Thall atá na smaointe móra agus an beartú mór agus an t-airgead mór: fhaid's a bhéas, gheofar pleidhcí óga in Éirinn chun an obair shalach a dhéanamh. "

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Scéim Théarma Sheasta Cheannaigh do Thionóntaí

Ceist: Tá cíos á íoc agam ar mo theach leis an údarás áitiúil le 12 bhliain anuas. Tuigim gurb ann do dhreasacht nua dom bheith i mo 'thionónta-cheannaitheoir'. Cad iad na sonraí faoi seo?

Freagra :

Is ann do Scéim nua Théarma Sheasta Cheannaigh do Thionóntaí a choimeádfar oscailte a fhad le deireadh 2011. Má tá tú i do thionónta den údarás áitiúil le breis agus 10 mbliana, is féidir leat do theach a cheannach ar lascaine a fhágfaidh an praghas níos ísle ná na praghsanna reatha margaidh. Is é 45% an lascaine uasta atá ar fáil ar phraghas margaidh do thí. (Bunaítear an lascaine seo ar lascaine 3% le haghaidh gach bliain tionóntachta suas go huasfhad 15 bliana.) Ní mór duit dleacht stampála a íoc ar an gceannach. Is táille sheasta €100 í seo le haghaidh an uile dhíolacháin faoin Scéim.

Is féidir leat praghas an cheannaigh a mhaoiniú ar na bealaí a leanas:

- **Maoiniú ó do chuid acmhainní féin**
- **Maoiniú le hiasacht mhorgáiste ó institiúid airgeadais nó ó chomhairle cathrach/contae (baineann téarmaí agus coinníollacha leis seo)**
- **Meascán d'éarlais chnapshuime agus iasacht mhorgáiste**

Tá an chuid eile den phíosa seo le léamh ar www.gaelsceal.ie

CÚRSAÍ SACAIR: SRAITH AIRTRICITY

Imreoirí agus foireann na bliana 2011

Daithí Mac Tighearnáin

D'fhógair Cumann Pheileadóirí Gairmúila na hÉireann (CPGÉ, PFAI) foireann na bliana 2011 s'acu ar 5 Samhain agus imreoirí na bliana ag ócáid i mBaile Átha Cliath oíche Dé Sathairn seo caite. Scaoil an clár teilifíse "Monday Night Soccer (MNS)" amach foireann na bliana s'acusan freisin ar 7 Samhain.

I dtús baire, le bhur gcur agus cúiteamh, a léitheoirí, seo rogha na n-imreoirí (Tá clubanna, aoiseanna agus áiteanna dúchais na n-imreoirí uilig idir lúibíní i ndiaidh a n-ainmneacha san ord sin):

Tá eagar dearfach ionsaitheach 4-2-4 ar an bhfoireann: Sa chúl: Ger Doherty (Cathair Dhoire, ó Dhoire).Cosantóirí, ó dheas go clé: Pat Sullivan (Ruagairí na Seamróige, 29, BÁC); Stewart Graecen Doire, 29, Albain); Craig Sives (Ruagairí na Seamróige, 25, Albain); Enda Stevens (Ruagairí na Seamróige, 21, BÁC).

Fir lár na páirce: Stephen Bradley (Lúthchleas Phádraig Naofa, 27, BÁC); Richie Ryan (Ruagairí Shligigh, 26, Tiobraid Árann)

Na tosaithe: Daryl Kavanagh (Lúthchleas Phádraig Naofa, 25, Tiobraid Árann); Mark Quigley (Dún Dealgan, 26, BÁC); Eamon Zayed (Doire, 28, BÁC) Eoin Doyle (Ruagairí Shligigh, 23, BÁC)

Seo daoibh leagan MNS (eagar 4-4-2): Sa chúl: Doherty

Cosantóirí: Sullivan, Gavin Peers (Ruagairí Shligigh, 26, BÁC), Sives, Stevens

Fir lár páirce: Kavanagh, Ronan Finn (Ruagairí na Seamróige, 24, BÁC), Ryan, James McClean (Sunderland, Sasana [leath na bliana ag Doire],22, Doire)

Tosaithe: Zayed (22 cúl i mbliana), Doyle (20 cúl).

Tá an dá lucht toghchánaíochta beagnach ar aon fhocal lena chéile.

Bhronn an CPGÉ gradam Imreoir Sinsearach na Bliana ar Zayed. Thug Graham Cummins (Cathair Chorcaí), an gradam comhfhreagrach ó Roinn a hAon leis.

Aontaím leis na foirne thuas a bheag nó a mhór. Bunaithe ar fhoireann MNS, chuirfinn Bradley san fhoireann in ionad Finn. Roghnóinn an Ciarraíoch Seamrógach Billy Dennehy(24) ar an gcliathán clé in ionad McClean nár imir ach leathbhliain anseo. I mo thuairim, is eisean (Dennehy) agus Richie Ryan an dá imreoir is fearr sa tSraith.

Is imreoir ar leith é Ryan. Cuireann sé Gazza i gcuimhne dom, i mbeagán focal, ach é i bhfad níos stuama. Is é mo rogha é mar imreoir na bliana. Thug sé gradam CPGÉ leis anuraidh.

Mol an óige agus tiocfaidh siad. Tá moladh ag dul do Enda Stevens,buaiteoir ghradaim ógimreoir na bliana de chuid CPGÉ. Sháraigh sé fear Chathair Dhoire (ó Dhoire) Daniel Lafferty (22) agus imreoir Ruagairí na Seamróige Karl Sheppard (20) as BÁC sa vóta. Chuaigh an cliathánaí óg ó Dhoire Stephen McLaughlin (Cathair Dhoire) agus an fear lár páirce de chuid Ruagairí na Seamróige Conor McCormack (21) ó Chontae Lú i bhfeidhm go mór orm i rith na bliana. Gealfaidh lá breá dóibh uilig amach anseo, táim cinnte. Moladh dóibh uilig.

Agus mé ag scríobh, tá mé ag déanamh (rachaidh mé sa seans) go mbeidh Éire cáilithe do Chraobh na hEorpa sa Pholainn/Úcráin faoi fhoilsiú an ailt seo.

Tá seans ag McClean agus Stevens dul ann ar an ábhar go mbeidh siad beirt ag clubanna i bPhríomhshraith Shasana (Sunderland agus Aston Villa faoi seach) i ndiaidh na Nollag.

Tá tóir Dallas, SAM ar Richie Ryan. B'fhearr le Trap imreoirí a imríonn i Sasana mar is eol dúinn. Seans ag Dennehy, a Trap?

Tá súil ag Zayed dul chuig Corn Náisiún na hAfraice leis an Libia mar imreoir.

Dráma Formula 1 ag bogadh ar aghaidh

Gráinne McElwain

RÁS amháin atá fágtha i gComórtas Formula 1 i mbliana agus reachtálfar é sa Bhrasaíl ar 27 Samhain. Cheana féin tá an comórtas buaite ag an Ghearmánach Sebastian Vettel do Red Bull den dara bliain as a chéile ach d'éirigh leis curiarracht eile a bhaint amach an deireadh seachtaine seo caite mar bhain sé amach an chéad áit ar an ngrid den cheathrú huair déag in aon séasúr amháin tar éis an chleachtaidh in Abu Dhabi.

1992 an bhliain dheireanach go ndearna Nigel Mansell an beart sin. Ní ró-mhaith a rinne Vettel sa rás áfach agus b'éigean dó éirí as go gairid tar éis dó tosú mar go dtáinig poll ar cheann de na boinn agus rinne sé sin tuilleadh damáiste ar an charr.

Tá go leor ag rá go bhfuil deireadh tagtha leis an chomórtas i mbliana agus tá roinnt de na foirne ag díriú ar chomórtas na bliana seo chugainn. Tá Nico Rosberg tar éis conradh nua a shíniú le Mercedes agus beidh sé suimiúil a fheiceáil an mbeidh Rubens Barrichello ag fanacht le Williams in 2012.

Is é an tiománaí is mó a bhfuil taithí aige ar Formula 1 ó thosaigh le Jordan in 1993 agus cé gur éacht mór é sin, sílim go bhfuil sé in am seans a thabhairt do thiománaithe atá níos óige teacht chun cinn. Ach an dtarlóidh sé sin?

Bhí cruinniú mór in ainm a bheith ar siúl an deireadh seachtaine seo caite idir na húdárais ag Formula 1 faoi thodhchaí FOTA (*Formula One Teams Association*), faoi thús a chúr le comhráití maidir leis an Aontas Concorde idir na foirne agus Bernie Ecclestone (Formula 1 Association) agus an CVC atá i gceannas ar na cearta tráchtála a bhaineann le Formula 1.

Tiocfaidh deireadh leis an chonradh seo in 2013 agus is ar an modh a roinnfear an brábús agus an méid a thabharfar do FOTA a bheas na cainteanna seo ag díriú. Ar thaobh eile an bhoird ó FOTA beidh Ecclestone agus an CVC atá ina máistrí san idirbheartaíocht, mar sin beidh obair le déanamh ag FOTA, go háirithe ós rud é nach mbíonn siad i gcónaí aontaithe mar ghrúpa.

Tá Ecclestone, atá 81 bliain d'aois, tar éis a rá cheana féin nach bhfuil aon ghá do FOTA a bheith ann ar chor ar bith, mar sin beidh go leor le plé idir na páirtithe ar fad. Cuireadh ar ceal an cruinniú an deireadh seachtaine seo caite agus reachtálfar sa Bhrasaíl i gceann coicíse anois é.

Mar sin, cé nach bhfuil aon oiread drámaíochta ar an traic, seans maith nach bhfuil sé ach ina thús timpeall ar an bhord agus todhchaí an spóirt le plé.

Sebastian Vettel

Ag glacadh le Scoláireacht Pheile faoi 21, urraithe ag Cadbury's agus CLG, ón Dr Jim Browne, Uachtarán OÉ Gaillimh, bhí Éinne Ó hEochaidh as an Spidéal, Co. na Gaillimhe.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 16 Samhain, 2011

Ar an gclaí

Le John Allen

"Má thosnaíonn an t-ógánach le drochnósanna, is deacair iad a athrú"

Bhí mé ag caint faoi leabhair an tseachtain seo caite agus an méid díobh, cinn spóirt san áireamh, a thagann ar an mhargadh don Nollaig. Tá sé deacair uaireanta an bronntanas ceart a cheannach. Is cuimhin liom, leathchéad bliain ó shin, ag fáil liathróid mhór pheile O'Neills agus mé chomh bródúil as mar ní raibh a leithéid i sráidbhaile Achadh Bolg ag an am.

Agus Nollaig eile ag fáil camáin, i bhfad rómhór agus i bhfad róthrom dom ach cheapas go rabhas i mo laoch ceart ansan cé nach rabhas ábalta mórán a dhéanamh leis an 'arm' seo ag an am . Agus céard faoi bhuataisí peile O'Neills na seascaidí agus iad gan mórán aerodynamics ag baint leo, gan bheith ag caint ar blades ná studs, fada nó gearr.

Faraor ag an am ní raibh raidhse d'aon rud ar fáil agus cinnte ní raibh mórán áiseanna spóirt timpeall na tíre.

Nach iontach na hathruithe atá tagtha ó thaobh áiseanna agus oiliúnt imreoirí óga CLG le deich mbliana anuas. Tá trealamh nua á úsáid go rialta anois, go háirithe san iomáint . Nach iontach an chabhair é an rópa agus leathdhosaen sliotar greamaithe leis . Is féidir a lán drills a dhéanamh leis agus an rud is fearr faoi ná nach mbogann na liathróidí in aon chor. Is féidir le himreoirí bualadh ar an dtalamh a chleachtadh ina mbeirteanna nó ina n-aonar . Is féidir "*hooking*" a dhéanamh air agus is féidir blocáil ar an dtalamh a dhéanamh leis an téad iontach seo.

Caitheann K.P Egan ó Chontae Uíbh Fhailí mórán ama ag smaoineamh faoi, agus ag cumadh smaointe nua agus fearais nua chun go bhféadfadh imreoirí cleachtadh a dhéanamh ina n-aonar. Eisean a rinne agus a dhíolann an rópa thuasluaite .

Ceann eile díobh sin ná an '*sliotar hitter*'. Ta sé cosúil leis an sean '*swingball*' .Is féidir le suas le triúr é a úsáid le chéile. Tagann an sliotar go tapaidh agus go minic agus an cleas ná an liathróid a bhualadh ar chlé agus ar dheis gach re uair.

Tá an laoch iomána Lar Corbett ag moladh áis eile le déanaí agus sin an Hurling Rebounder. Is líontán é a bhíonn crochta ar fhráma miotail. Is féidir é a úsáid in aon áit i d'aonar. Buaileann tú an sliotar ina choinne agus tagann an liathróid ar ais ag an luas céanna . Tá sé an-áisiúil don chéad smachtú atá chomh tábhachtach sin agus tú ag imirt cluiche ag aon leibhéal.

Ach i mo thuairimse is é an falla iomána an rud is nua-aimseartha agus is tábhachtaí dá bhfuil á úsáid anois. Ta na fallaí seo ag a lán clubanna anois.

Brian Whelehan, iar-imreoir iománaíochta le hUíbh Fháilí ag baint úsáide as an 'sliotar hitter'.

Faraor an botún a rinne cuid maith des na clubanna ná an falla a thógáil agus é ró-bheag.

Ba cheart go mbeadh an falla seo mór go leor do thríocha imreoir agus iad ag fáil suas le cúig chéad buille an duine den sliotar in uair an chloig amháin.

Rud eile atá an-tábhachtach ná go bhfuil traenáil cheart faighte ag an gcóitseálaí mar, má thosnaíonn an t-ógánach le drochnósanna, is deacair iad a athrú. Agus freisin is iad na himreoirí is fearr na himreoirí leis na nósanna cearta. Níl aon amhras faoi sin. Tabhair aird ar leithéidí Ben O'Connor, Henry Shefflin, Joe Canning, John Mullane agus mórán eile nach iad agus chífidh tú scil den scoth i ngach rud a dhéanann siad.

Mar sin má fhaigheann an t-imreoir an chóitseáil cheart i dtosach is féidir leis traenáil a dhéanamh ina aonar pé áit ina bhfuil falla . Is cuma an i gCill Mhantáin nó i gCiarraí atá sé lonnaithe. Ma tá aon chlub ag smaoineamh ar fhalla a thógáil ba cheart dul i dteagmháil le Páirc an Chrócaigh chun treoir a fháil .

Brian Whelehan ag baint úsáide as an 'sliotar hitter' agus é ina rith.

Cinnte tá na háiseanna ann agus má tá suim ag aon imreoir bheith chomh maith agus is féidir leis a bheith caithfidh sé an t-am a chaitheamh ag cleachtadh lena fhoireann nó ina aonar .

Tá an timpeallán bainisteoirí fós sna meáin le déanaí. Tá Jim McGuinness sa nuacht agus é ag fáil réidh leis an réalta uile-Éireann Kevin Cassidy de bharr agallaimh a thug sé faoi chóras traenála Dhún na nGall. Ceapaim féin go bhfuil McGuinness thar fóir nó b'fhéidir (mar a bhíonn de ghnáth) go bhfuil níos mó sa scéal seachas an méid a chualamar .

Dea-scéal dos na Dubs go bhfuil Pat Gilroy ag fanacht i gceannas do bhliain amháin eile ar a laghad. Téann an t-uafás ama isteach sa phost agus bhí ar Gilroy bheith cinnte go mbeadh an t-am sin le spáráil aige. Is rud maith go bhfuil mar chuirfeadh athrú bainistíochta isteach ar gach a bhfuil déanta ag Gilroy le trí bliana anuas agus Baile Átha Cliath ar thóir an Soitheach Naofa a shroichint arís an bhliain seo chugainn.

Dea-scéal dos na Dubs go bhfuil Pat Gilroy ag fanacht i gceannas do bhliain amháin eile ar a laghad. Téann an t-uafás ama isteach sa phost agus bhí ar Gilroy bheith cinnte go mbeadh an t-am sin le spáráil aige. Is rud maith go bhfuil mar chuirfeadh athrú bainistíochta isteach ar gach a bhfuil déanta ag Gilroy le trí bliana anuas agus Baile Átha Cliath ar thóir an Soitheach Naofa a shroichint arís an bhliain seo chugainn.

Tá an t-ádh ar iománaithe Loch Garman go mbeidh Liam Dunne i gceannas ar iománaithe an chontae don chéad bhliain eile.

Tá éacht déanta aige le hAllabhort-An Bealach le cúpla bliain anuas ach beidh ar leantóirí an chontae bheith foighneach agus ligint dó foireann a chur le chéile, jab a thógfaidh cúpla séasúr, i mo thuairim .

Beir Bua

SAM 2011: Leanann an Scéal ar aghaidh...

Cuntas ar thuras Bhaile Átha Cliath chuig Páirc an Chrócaigh agus bua i gcoinne Chiarraí i gcluiche ceannais na craoibhe i mbliana le **Ger Brennan**

Faoi dheireadh bhí an tríú Domhnach i mí Mheán Fómhair buailte linn. Bhí foireann Bhaile Átha Cliath tar éis fanacht sé bliana déag leis an lá seo. Áit anaithnide ar ndóigh don ghrúpa imreoirí seo ach áit iontach mar an gcéanna. Ní raibh éinne ón bhfoireann seo ag imirt i 1995 agus dá bhrí sin bhí a lán mothúchán nua ar gach duine sa seomra feistis. Bhí sceitimíní orainn, bhíomar neirbhíseach ach ag tnúth go mór leis an deis a bhí romhainn.

Rud tábhachtach, i mo thuarimse, a tharla i rith na seachtaine roimh an gcluiche leathcheannais ná gur dhéileáil muid leis an méid seachráin a bhí ann. Chuireamar críoch le gach dualgas sna meáin, ordaíodh na ticéid do Pháirc an Chrócaigh, cuireadh an t-óstán in áirithe don oíche i ndiaidh an chluiche, agus tháinig Neville ó Louis Copelands!

Cuireadh gach gné neamhtháb-hactach in eagar an tseachtain sin. Anois, chuirfimis ár mbéim iomlán ar an bpeil gan ach coicís fágtha go dtí an t-ochtú lá déag.

An méid sin ráite, bhí sé deacair d'aird a dhíriú ar an traenáil gan éisteacht leis an '*hype*' a théann le gach foireann de chuid Bhaile Átha Cliath (cé nár bhuamar an Sam ó 1995!). Go deimhin theastaigh ó dhaoine go mbainfeá an cluiche ach ag an am céanna thugadh said pian i do cheann. Tóg mar shampla, mo scoil féin. Is múinteoir meánscoile mé i gColáiste Chaoimhín, Bóthar Bhaile Gal i nGlas Naoín.

Bhuel, nuair a bhreathnaím siar ar an méid ceisteanna a bhí na daltaí agus na múinteoirí eile ag cur orm, ní chreidfeá é. Bhí orm cosc a chur ar chomhrá peile leis na mic léinn agus le mo chomhghleacaithe.

Agus creid é nó ná creid bhí na múinteoirí níos measa ná na daltaí! Is dócha gur fhulaing mé an rud céanna sa bhaile. Lena bheith macánta libh bhí mé drochbhéasach le mo chairde agus a leithéid. Níor theastaigh uaim labhairt faoin bpeil ar chor ar bith - seachas i measc na foirne féin.

Maidin Dé Domhnaigh, lá an chluiche cheannais dhúisigh mé thart ar a naoi a chlog. Cónaím in aice le Páirc an Fhionnuisce agus ag feáchaint amach ar an bhfuinneog thar na crainn mhothaigh mé calma is suaimhneach. Bhíos ag tnúth go mór leis an lá agus leis an dúshlan a bhí os mo chomhair.

Bhíos réidh agus chreid mé go raibh an fhoireann réidh chomh maith. D'fhreastail mé ar an Aifreann sa séipéal áitiúil (rud a dhéanaim go minic) agus thug mé gach rud do Dhia. Ba chuma cé a bhuafadh an cluiche dhéanfainn mo sheacht ndícheall agus bheadh sé sin ceart go leor i gcónaí.

Cúl báire Bhaile Átha Cliath, Steven Cluxton, ag cur an pointe buacach thar an trasnán i gcoinne Chiarraí chun Corn Mhig Uidhir a bhuachan ní ba luaithe i mbliana [PIC : SPORTSFILE]

Bhíomar an-dírithe ar an gcluiche in ainneoin an tsorcais a bhí ag tarlú thart timpeall orainn. Mar gheall air seo bheimis réidh don chéad liathróid. Sea, nach deas an rud é bualadh leis an uachtarán, a bheith mar chuid den pharáid, agus cibé rud eile a bhí ar siúl.

Ach an rud is tábhachtaí d'aon imreoir spóirt ná a bheith réidh don chéad fheadóg. Ní cuimhin liom mórán ón gcéad leath ach amháin an cúl iontach a d'aimsigh an Gooch tar éis 20 nóiméad.

Bhí fearg an domhain orm ag an am ach caithfear díriú ar an gcéad liathróid eile chomh tapa agus is féidir.

Ag dul isteach ag leatham pointe amháin chun tosaigh is dócha go rabhamar áthasach - go háirithe tar éis dúinn cúl Cooper a ghéilleadh.

Bhí an seomra feistis ciúin agus suaimhneach ag leatham. Ghlacamar sos chun dul chuig an leithreas, geansaí nua a fháil agus deoch mór d'uisce a ól (cibé rud eile).

Chuireamar tús maith leis an dara leath. Fuaramar dhá phointe i ndiaidh a chéile. Déanaim dearmad ar an méid a tharla tar éis sin suas go dtí go raibh deich nóiméad fágtha sa chluiche. Ceithre phointe taobh thiar agus an cluiche ag dul uainn. Go tobann, d'aimsigh Kevin McMenamin cúl den chéad scoth! Bhíomar sa chluiche fós. Ar aghaidh chuig cic saor Stephen Cluxton; nuair a chuaigh an liathróid thar an trasnán cheapas liom féin go rabhamar beagnach ann agus nóiméad amháin sa bhreis.

Ansin labhair Pat go réidh agus go torthúil linn. Nílim in am a insint daoibh cad a dúirt sé go cruinn ach d'oibrigh sé. I dteannta le focail Phat, labhair ár gcaptaen inspioráidiúil, Bryan Cullen, óna chroí.

Chuireamar tús maith leis an dara leath. Fuaramar dhá phointe i ndiaidh a chéile. Déanaim dearmad ar an méid a tharla tar éis sin suas go dtí go raibh deich nóiméad fágtha sa chluiche.

Ceithre phointe taobh thiar agus an cluiche ag dul uainn. Go tobann, d'aimsigh Kevin McMenamin cúl den chéad scoth! Bhíomar sa chluiche fós. Ar aghaidh chuig cic saor Stephen Cluxton; nuair a chuaigh an liathróid thar an trasnán cheapas liom féin go rabhamar beagnach ann agus nóiméad amháin sa bhreis.

Nuair a shéid an réiteoir Joe McQuillan an fheadóg dheireanach bhí sé dochreidte ar fad. Ba sinne, anois, buaiteoirí na hÉireann. An chéad mhothú a d'ardaigh laistigh ionam ná faoiseamh - faoiseamh i ndiaidh an méid seisiún oiliúna a bhí ann, an chaillteanais anuraidh in aghaigh Chorcaí, agus na haislinge a bhí agam mar bhuachaill óg bonn Chraobh na hÉireann a bhuachaint leis na DUBS!

Ní féidir focail a chur ar na mothúcháin a bhí (is atá fós!) ann.

An oíche sin bhí ceiliúradh thar barr ann in Óstán an Burlington lenár dteaghlaigh, lenár gcairde agus le lucht tacaíochta Bhaile Átha Cliath. Ní dhéanfaidh mé dearmad air riamh.

Ag féachaint ar aghaidh agus ar an mbliain seo chugainn tá ceist ag dul timpeall faoi láthair: "An ndéanfaidh muid arís é?" Is deacair a rá. Ó bhuaigh muintir Chorcaí an dá chraobh i ndiaidh a chéile i 1989 agus 1990 go dtí seo níl ach contae amháin a rinne é arís agus arís eile. Is iadsan an Ríocht in 2006 agus 2007.

Dá bhrí sin caithfidh sibh fanacht go dtí an tríú Domhnach de mhí Mheán Fómhair 2012!

RUGBAÍ

Seo chugainn an dara bhabhta de Heineken!

Babhta 2 de Chorn Heineken:
Castres v CÚIGE MUMHAN, Dé Sathairn @ 4.40in - Stade Ernest Wallon
CÚIGE CHONNACHT v Toulouse, Dé Sathairn @ 6.00in - Sportsground - Sky Sports
Leicester v CÚIGE ULADH, Dé Sathairn @ 6.00in - Welford Road - Sky Sports
CÚIGE LAIGHEAN v Glaschú, Dé Domhnaigh @ 12.45rn - RDS - Sky Sports
(Buaicphointí ar TG4 Dé Sathairn @ 9.00in)

Gráinne McElwain

Cúige Chonnacht an t-aon fhoireann nár éirigh leo pointí a bhuachan sa chéad bhabhta an deireadh seachtaine seo caite agus ní bheidh sé tada níos éasca acu Dé Sathairn nuair a bheas teaghlach ríoga an rugair san Eoraip ag teacht ar cuairt go Gaillimh. Lá thar laethanta a bheas ann d'fhir an Iarthair agus a lucht tacaíochta nuair a thabharfas Toulouse, a bhfuil cuid de na réaltaí rugbaí is mó ar domhan acu, chun páirce sa Sportsground.

Ní aon chúis náire do Chonnachta é gur chaill siad (25-17) sa Stoop in aghaidh Harlequins an deireadh seachtaine seo caite. Ní raibh na Quins ach dhá phointe chun cinn agus cúig nóiméad fágtha ar an chlog agus scóráil Connachta dhá úd in aghaidh an chinn amháin a fuair Harlequins. Is iad na ciceanna pionóis a ghéill Connachta sa chluiche a rinne an dochar agus má tá seans ar bith le bheith ag Connachta in aghaidh Toulouse ní bheidh siad in ann ciceanna éirice a ghéilleadh arís mar sin. Bhí an lá le Toulouse sa chéad bhabhta in aghaidh Gloucester (21-17) ach bhí siad taobh thiar le sé nóiméad fágtha ar an chlog agus úd le Clément Poitrenaud a shábháil iad.

Beidh Cúige Mumhan agus Cúige Uladh ar an bhóthar ar an Satharn. Tabharfaidh fir an Deiscirt aghaidh ar Castres sa Fhrainc a bhfuil trí chluiche as a chéile caillte acu. Chaill siad in aghaidh na Scarletts (31-23) an deireadh seachtaine seo caite as baile ach bíonn sé deacair iad a bhualadh sa bhaile.

Bíonn sé deacair ag gach foireann i nGaillimh ach is deacair a shamhlú go mbeadh an bua ag Connachta.

Beidh Cúige Mumhan agus Cúige Uladh ar an bhóthar ar an Satharn. Tabharfaidh fir an Deiscirt aghaidh ar Castres sa Fhrainc a bhfuil trí chluiche as a chéile caillte acu. Chaill siad in aghaidh na Scarletts (31-23) an deireadh seachtaine seo caite as baile ach bíonn sé deacair iad a bhualadh sa bhaile.

Tá paca mór millteach acu agus is mór an teist a chuirfear ar Chúige Mumhan sa chlibirt agus sa síneadh amach, rudaí a bhí go maith ag na Muimhnigh nuair a bhuaigh siad ar Northampton (23-21) in Thomond.

Údar misnigh do Chúige Mumhan ní amháin an bua sin ach an bealach gur bhuaigh siad é. Taobh thiar agus 80 nóiméad caite, choimeád siad seilbh na peile ar feadh 41 phase agus ansin bhuaigh Ronan O'Gara an cluiche dóibh le preabchúl. D'imir na foirne deich n-uaire in aghaidh a chéile cheana agus bhuaigh Cúige Mumhan seacht gcinn acu, agus is dóigh liom go ndéanfaidh siad arís é.

Ní bheinn chomh dóchasach céanna faoi Chúige Uladh a bheas ag taisteal go Welford Road chun aghaidh a thabhairt ar Leicester. Bhí bua iontach ag buíon Brian McLaughlin in Ravenhill in aghaidh Clermont ar an Satharn (16-11), an toradh is fearr a bhí ag aon cheann de na cúigí an deireadh seachtaine seo caite, ach bhí an t-ádh leo chomh maith.

Humphries a d'aimsigh na pointí ar fad dóibh ach chuir Clermont ceithre chic pionóis amú chomh maith. B'fhéidir nár imir Leicester ró-mhaith go dtí seo i mbliana agus gur lig siad leis an phointe bónais nuair a bhuaigh siad in aghaidh Aironi ar an Satharn (12-28), ach tá na himreoirí móra uilig tagtha ar ais anois ar nós Toby Flood, Tom Croft, Alesana Tuilagi agus go leor eile. Cinnte níl Leicester chomh maith is a bhíodh siad ach in Welford Road is deacair iad a shárú nuair a bhíonn foireann iomlán acu, rud nár tharla le píosa mar gheall ar Chorn an Domhain. Is ar Leicester a chuirfinn mo chuid airgid sa cheann seo.

Bhuaigh Glaschú ar na Laighnigh san RDS níos luaithe an séasúr seo sa Rabo Direct Pro12 (19-23) ach bhí imreoirí go leor ag Corn an Domhain agus bhí Cúige Laighean uafásach. An uair seo beidh gach duine ar ais ag Cúige Laighean, cé is móite de Bhrian O'Driscoll ar ndóigh.

Ach an oiread leis an éacht a rinne O'Gara, rinne Johnny Sexton amhlaidh do Chúige Laighean ar an Satharn agus cic pionóis aige i ndeireadh na himeartha in aghaidh Montpellier chun an cluiche a chothromú (16-16) agus bhí dhá phointe ag teacht abhaile acu. Ní ró-mhaith a d'imir Cúige Laighean agus tá áiteacha go leor ina mbeidh siad in ann feabhsú agus beidh deis acu in aghaidh Ghlaschú é sin a dhéanamh mar is beag duine a cheapann go mbeidh an bua ag Glaschú arís agus is dóigh liom go bhfuil an ceart acu.

Sean Cronin, Cúige Laighean. [PIC : BARRY CREGG / SPORTSFILE]



Ronan O'Gara, Cúige Mumhan [PIC : DIARMUID GREENE / SPORTSFILE]